Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

WE'RE TAKING CLIMATE ACTION

# An Plean Oiriúnaithe Earnála um Thurasóireacht

## 2025-2030

Ullmhaithe ag an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

gov.ie

# Clár na nÁbhar


**Réamhrá leis an Aire Fiontar, Turasóireachta & Fostaíochta, Peter Burke, T.D** ..... 5

**Achoimre Fheidhmeach** ..... 7

**1. An tAthrú Aeráide & Oiriúnú don Athrú Aeráide** ..... 12

**1.1 An tAthrú Aeráide** ..... 12
1.1.1 An tAthrú Aeráide Domhanda ..... 12
1.1.2 An tAthrú Aeráide in Éirinn ..... 12

**1.2. Tionchar an Athraithe Aeráide ar an Turasóireacht** ..... 13

**1.3. Oiriúnú don Athrú Aeráide** ..... 14
1.3.1 Cad is Oiriúnú don Athrú Aeráide ann? ..... 14
1.3.2 Beartas Oiriúnaithe in Éirinn ..... 15

**2. Pleanáil Oiriúnaithe don Athrú Aeráide le haghaidh Earnáil na Turasóireachta** ..... 17

**2.1 An Cur Chuige a Glacadh agus an Plean seo á Fhorbairt** ..... 17
2.1.1 Foireann Oiriúnaithe Earnála a Bhunú ..... 17
2.1.2. Anailís ar an mBearna Scileanna ..... 19
2.1.3. Comhairliúchán leis an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide ..... 19
2.1.4. Comhairliúchán Poiblí ..... 20
2.1.5. Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) & Measúnacht Chuí (MC) ..... 20

**2.2. Earnáil na Turasóireachta in Éirinn** ..... 20
2.2.1. Luach don Gheilleagar agus don tSochaí ..... 20
2.2.2. An tÉileamh Turasóireachta ..... 21
2.2.3. Tairiscint Turasóireachta ..... 24
2.2.4. Earnáil na Turasóireachta mar Chóras ..... 26

**2.3. Comhthéacs an Bheartais Straitéisigh** ..... 27
2.3.1. Beartas Turasóireachta Idirnáisiúnta agus Beartas Turasóireachta an Aontais Eorpaigh ..... 27
2.3.2. An Beartas Náisiúnta Turasóireachta ..... 27
2.3.3. Beartais Náisiúnta Ábhartha Eile ..... 27
2.3.4. Straitéisí agus Beartais Réigiúnacha agus Áitiúla maidir leis an Turasóireacht ..... 28
2.3.5. Straitéisí Réigiúnacha Ábhartha Eile ..... 28

**3. Scagadh ar Thionchar Aeráide** ..... 30

**3.1 Tionchair Aeráide Reatha** ..... 30

**3.2 Tionchair Aeráide sa Todhchaí** ..... 31

**3.3 Athrú ar Dhéimeagrafaic agus Treochtaí Turasóireachta** ..... 32

**3.4 Iarmhairtí Earnála an Athraithe Aeráide** ..... 32

**3.5 Achoimre ar na Slabhraí Tionchair Aeráide** ..... 35

4. Spriocanna agus Gníomhartha Oiriúnaithe ....39
4.1 Fís agus Spriocanna Oiriúnaithe ....39
4.2 Acmhainní don Oiriúnú ....39
4.3 Gníomhartha Oiriúnaithe ....40
4.4 Idirspleáchais Trasearnála ....53
4.4.1. Plé Trasearnála ....53
4.4.2. Saincheisteanna Trasteorann agus an Comhthéacs Idirnáisiúnta ....54
5. Cur Chun Feidhme, Athbhreithniú & Measúnú ....57
5.1 Plean Cur Chun Feidhme ....57
5.2. Táscairí ....58
Giorrúcháin ....63
Tagairtí ....66
Gluais ....70
Aguisín I Modh a Úsáidtear le haghaidh Scagadh ar Thionchar Aeráide ....74
Tréimhse Ama ....74
Réamh-mheastacháin ....74
Foinsí Faisnéise ....75
Ceisteanna a bhaineann leis an aimsir a thabhairt isteach in Tourism Barometer ....85
Forbairt Slabhraí Tionchair Aeráide ....86
Iarmhairtí Earnála a Mheasúnú ....88
Ord Tosaíochta a Shannadh chun Aghaidh a Thabhairt ar Ghuaiseacha Aeráide ....89
Práinn a Shocrú chun Aghaidh a Thabhairt ar Ghuaiseacha Aeráide ....89
Aguisín II Slabhraí Tionchair Aeráide Mionsonraithe ....92
3.5.1. Tuilte ....92
3.5.2. Creimeadh Cósta ....100
3.5.3. Samhraí Níos Teo, Níos Tirime ....106
3.5.4. Aeráid Níos Tarraingtí le haghaidh na Turasóireachta ....113
3.5.5. Báisteach Fhoircneach ....118
3.5.6. Tonnta Teasa ....121
3.5.7. Báisteach Mhéadaithe san Fhómhar, sa Gheimhreadh agus san Earrach ....124
3.5.8. Stoirmeacha ....127
3.5.9. Fuacht Foircneach ....131
3.5.10. Téamh Aigéin ....133



Cosán Phortach na Mainistreach Laoise, Clárchosán, Co. Laoise
© Kevin Dowling

# Réamhrá leis an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, Peter Burke, T.D


Tá áthas orm an Plean Oiriúnaithe Earnála um Thurasóireacht (POET) don Athrú Aeráide le haghaidh Earnáil na Turasóireachta a fhoilsiú, de réir an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021. Ó thaobh an gheilleagair de, tá earnáil na turasóireachta fós thar a bheith tábhachtach agus cuireann sí go mór le hioncam an Státchiste. Ba mhaith liom go leanfadh an earnáil de bheith ag fás sna blianta amach romhainn. I ndáil leis sin, tá sé ríthábhachtach go bhfuilimid ullamh do na himpleachtaí a bhaineann leis an athrú aeráide, deiseanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn le haghaidh thurasóireacht na hÉireann a iniúchadh san áireamh.

Is é seo an chéad POE le haghaidh na Turasóireachta, agus tá sé dírithe ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le haeráid atá ag athrú a shainaithint, chun tarraingteacht na hÉireann mar cheann scríbe saoire a choinneáil. Tá sé mar aidhm aige freisin tacú le pobail athléimneacha atá ullamh d'athruithe san am atá romhainn agus atá in ann tairbhe a bhaint as na deiseanna fostaíochta agus eacnamaíocha a ghabhann leis an turasóireacht. Tá fostaíocht sa turasóireacht scaipthe ar fud na tíre, agus soláthraítear obair do thart ar 284,800 fostaí ar coibhéis lánaimseartha iad, i mbeagnach 46,000 fiontar a bhaineann leis an turasóireacht. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go seasfaidh an chuid thábhachtach sin de gheilleagar agus de shochaí na hÉireann an aimsir.

Is é an Plean Oiriúnaithe don Athrú Aeráide seo an chéad chéim i bpróiseas leanúnach lena chinntiú go mbeidh earnáil na turasóireachta in ann athléimneacht a thógáil i leith an dúshláin sin atá ag dul i méid. Beidh gníomh de dhíth ar fud an Rialtais agus na sochaí chun a chinntiú go bhfuilimid ullamh don athrú aeráide, agus rachaidh gníomhartha atá faoi go leor de na POEnna eile de chuid na Ranna Rialtais chun sochair d'earnáil na turasóireachta freisin. Tá rún daingean agam freisin nach gcuirfear aon ualaigh airgeadais bhreise ar FBManna, agus cuirfear an Plean seo chun feidhme ar bhealach a bheidh go hiomlán feasach ar an gcuspóir sin.

Áirítear ar na Gníomhartha atá leagtha amach sa Phlean seo ullmhúchán agus taighde breise, agus comhtháthú an Oiriúnaithe don Athrú Aeráide i ngach plean forbartha agus i ngach scéim amach anseo le haghaidh earnáil na turasóireachta. Ní féidir le haon pháirtí leasmhar ar leith aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin sin leo féin, ach má oibrímid le chéile, táim muiníneach go leanfaidh turasóireacht na hÉireann d'eispéireas sábháilte, taitneamhach a chur ar fáil, agus go mbeidh sí faoi bhláth sna blianta atá romhainn.





**An tUasal Peter Burke, T.D.**
Aire Fiontar,
Turasóireachta agus Fostaíochta


Luí na gréine, an Ros, Co. Shligigh
© Chris Hill do Thurasóireacht Éireann

# Achoimre Fheidhmeach

Seo é an chéad Plean Oiriúnaithe Earnála um Thurasóireacht d'Éirinn. Ó thaobh an gheilleagair de, tá earnáil na turasóireachta fós thar a bheith tábhachtach agus cuireann sí go mór le hioncam an Státchiste. In 2024, thug 6.6 mhilliún cuairteoir ón gcoigríoch cuairt ar Éirinn agus an toradh a bhí air sin ná ioncam €6 bhilliún ó ioncam allmhairí (€8.2 bhilliún agus táillí san áireamh), agus measadh gurbh ionann luach iomlán na dturas intíre thar oíche ag cónaitheoirí in Éirinn agus €3.6 bhilliún. Meastar gurb ionann earnáil na turasóireachta in Éirinn agus thart ar 3.7% den ioncam cánach go léir agus measadh go raibh 228,800 ar an meán fostaithe i dtionscail turasóireachta in 2024.

Tá aeráid na hÉireann ag athrú, agus réamh-mheastar athruithe ar mheánteochtaí, athruithe ar phatrúin frasaíochta chomh maith le teagmhais adhaimsire atá níos minice agus níos déine. I rith 2024 agus 2025, chuir na stoirmeacha Isha, Bert, Darragh agus Éowyn le cur isteach forleathan ar fud na tíre, agus tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann le hathléimneacht a fheabhsú, agus le dul in oiriúint do thionchair an athraithe aeráide agus na dteagmhas adhaimsire.

## An Creat Náisiúnta Oiriúnaithe (CNO)

Leagtar amach in CNO cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí i leith oiriúnú don athrú aeráide in Éirinn. Ceanglaítear ar na hAirí ar a bhfuil freagracht as na hearnálacha ábhartha faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 Pleananna Oiriúnaithe Earnála (POEnna) a chur faoi bhráid an Rialtais. Roimhe seo ullmhaíodh POEnna le haghaidh na réimsí seo a leanas: -

- Bithéagsúlacht,
- Cáilíocht Uisce,
- Líonraí Cumarsáide,
- Líonraí Leictreachais agus Gáis,
- Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte,
- Bonneagar Iompair,
- Bonneagar Seirbhísí Uisce,
- Timpeallacht Thógtha agus Seandálaíochta,
- Sláinte,
- Talmhaíocht,
- Foraoiseacht agus
- Bia Mara.

Faoi CNO 2024, ceanglaítear ar 13 earnáil tosaíochta POEnna a dhéanamh nó na cinn atá acu cheana a nuashonrú. Tá an turasóireacht sainaitheanta mar cheann de na hearnálacha tosaíochta sin. Dá réir sin, is é aidhm an POE seo na dúshláin agus na deiseanna a shainaithint a bhaineann le haeráid atá ag athrú le haghaidh earnáil na turasóireachta d'fhonn tarraingteacht na hÉireann a choinneáil do dhaoine ar saoire agus leanúint ar aghaidh ag tacú le pobail athléimneacha trí dheiseanna fostaíochta agus eacnamaíocha a sholáthar. Aithnítear go mbaineann earnáil na turasóireachta le go leor réimsí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta. Dá réir sin, beidh go leor beart in POEnna eile ábhartha don turasóireacht agus rachaidh bearta maolaithe molta chun sochair d'earnáil na turasóireachta freisin.

Agus úsáid á baint as an gcur chuige 6 chéim ó na Treoirlínte Pleanála Earnála le haghaidh Oiriúnú don Athrú Aeráide, bunaíodh Foireann Oiriúnaithe Earnála le haghaidh na Turasóireachta in 2024 chun próiseas na pleanála oiriúnaithe a stiúradh thar ceann earnáil na turasóireachta. I gcroí na foirne sin bhí oifigigh thurasóireachta agus oifigigh um ghníomhú ar son na haeráide ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, chomh maith le hionadaithe ón dá ghníomhaireacht turasóireachta, is é sin Fáilte Ireland agus Turasóireacht Éireann. Ina theannta sin, thug an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil; an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil; agus na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide saineolas ó thaobh measúnú riosca náisiúnta agus áitiúil ar an athrú aeráide agus ó thaobh pleanáil oiriúnaithe.

## Measúnú Riosca Náisiúnta ar an Athrú Aeráide (MRNAA)

D'fhoilsigh GCC an chéad MRNAA d'Éireann i mí an Mheithimh 2025. Dírítear ann ar na rioscaí d'Éirinn ó ghuaiseacha a thagann chun cinn de thoradh an athraithe aeráide, nó a ndéanann an t-athrú aeráide níos measa iad, nó a mbíonn tionchar aige orthu. Ina measc tá guaiseacha, amhail tuilte abhann, tonnta teasa agus falscaí, ardú ar leibhéil na farraige, athruithe ar phatrúin frasaíochta agus athruithe fadtéarmacha ar theochtaí.

Seo a leanas na rioscaí tosaíochta atá sainaitheanta d'Éirinn in MRNAA a mbeidh gníomhaíocht ag teastáil ina leith sna cúig bliana atá romhainn chun athléimneacht a mhéadú:

- Gaoth Fhoircneach
- Creimeadh cósta & Tuilte Cósta
- Tuilte
- Teas

Beidh na rioscaí tosaíochta sin go léir ábhartha ar leibhéil éagsúla d'earnáil na turasóireachta. Tá tábhacht ag baint le tuilte mar gheall ar na tionchair fhéideartha ar chóiríocht turasóireachta agus ar áiteanna a mheallann turasóirí, agus mar thoradh ar thionchair ar an oidhreacht thógtha agus nádúrtha a tharraingíonn daoine ar saoire. Ina theannta sin, beidh tionchar ag fadhbanna tuilte ar an mbonneagar iompair a ligeann do thurasóirí a gceann scríbe a shroicheadh. Le méaduithe réamh-mheasta ar an mbáisteach agus ar ardú ar leibhéil na farraige, chomh maith le stoirmeacha a d'fhéadfadh a bheith ní ba dhéine, méadófar an baol tuilte in Éirinn. Mar gheall ar a ghaire atá an chuid is mó de chinn scríbe turasóireachta don chósta nó d'aibhneacha, is suntasach neamhchosaint fhéideartha na hearnála í. Faoi dheireadh an chéid, mura nglactar gníomh chun an riosca a laghdú, meastar go mbeidh drochthorthaí i gceist don earnáil.

Toisc go bhfuil go leor cinn scríbe turasóirí suite ar an gcósta bíonn siad neamhchosanta ar rioscaí ó chreimeadh cósta agus ó athrú cósta freisin. Go dtí seo, is teoranta na torthaí a bhí ag creimeadh cósta don earnáil ina hiomláine, ach mar gheall ar ráta an athraithe cósta atá ag dul i méid, meastar go mbeidh torthaí suntasacha i gceist faoi lár an chéid. Tá a lán áiteanna a mbíonn an-tóir ag turasóirí orthu agus taitneamhachtaí i mbaol.

Meastar go rachaidh báisteach le linn an tsamhraidh i laghad de bharr an athraithe aeráide. I dteannta leis an méadú ar aertheocht a bhfuiltear níos cinnte faoi, cruthófar dúshláin roimh ghnéithe d'earnáil na turasóireachta i ndáil le bainistíocht fásra, lena n-áirítear an gá le huisciú agus an gá le falscaí a chosc agus a bhainistiú. Beidh tionchar ag leibhéil uisce laghdaithe inár n-uiscebhealaí ar roinnt gnéithe den earnáil. In éineacht le méaduithe réamh-mheasta ar an daonra, d'fhéadfadh go mbeadh ganntanais uisce ann mar thoradh ar shamhraí a bheadh ní b'fhaide, ní ba thirime agus ní ba theo. Meastar go mbeidh torthaí nach beag ag samhraí níos faide, níos tirime agus níos teo agus ag an éileamh méadaithe ar acmhainní don earnáil ina hiomláine faoi lár an chéid.

Mar thoradh ar laghdú ar an mbáisteach sa samhradh, áfach, is cosúil go dtiocfaidh méadú ar bháisteach amanna eile agus mar thoradh air sin d'fhéadfadh go dtarlódh dochar struchtúrach, dochar ó uisce agus dochar féideartha don bhonneagar iompair. D'fhéadfadh sé sin dúshláin a chruthú maidir le turasóireacht ó cheann ceann na bliana a chur chun cinn. Aithnítear freisin gur féidir le samhraí níos faide, níos tirime agus níos teo deiseanna áirithe a thabhairt don earnáil, trí Éire a dhéanamh níos tarraingtí do chuairteoirí intíre agus ó thíortha thar lear.

Agus an Plean seo á chur chun feidhme ba cheart tosaíocht a thabhairt do laghdú a dhéanamh ar na hiarmhairtí don earnáil a bhaineann leis na guaiseacha aeráide atá sainaitheanta ag MRNAA. De réir an cháis is dóchúla maidir le hastaíochtaí domhanda gás ceaptha teasa, áfach, meastar nach mbeidh tionchar suntasach ag cuid de na guaiseacha aeráide ar an earnáil ina hiomláine go dtí deireadh an chéid ar a luaithe. Tugann sé sin am le scrúdú breise a dhéanamh orthu agus an Plean seo á chur chun feidhme. D'fhéadfadh go mbeadh roinnt deiseanna i gceist leis an athrú aeráide le haghaidh earnáil na turasóireachta in Éirinn chomh maith, agus tá mionsonraí tugtha orthu siúd sa POE seo.

Ar aon dul le MRNAA, cuireadh tionchair ar earnáil na turasóireachta ina hiomláine i gcatagóirí mar *Theoranta*, *Suntasach*, *Criticiúil*, nó *Tubaisteach* i gcomhréir le méid agus minicíocht an damáiste a dhéanann an ghuais; tionchar ar fheidhmiú na hearnála; méid agus forleithne na guaise; agus cé acu (agus a mhéid) a scaiptear tionchair ar earnáil na turasóireachta chuig earnálacha eile:

| Déine riosca | Damáiste | Feidhmiúlacht an chórais | Méid agus forleithne | Éifeachtaí cascáideacha |
|---|---|---|---|---|
| Tubaisteach | An-mhór agus an-mhinic | Caillteanas do-athraithe | Méid an-mhór nó forleithne an-ard | Éifeachtaí do-athraithe cascáideacha thar theorainneacha an chórais |
| Criticiúil | Mór agus minic | Cur isteach fadtéarmach | Méid mór agus ard-fhorleithne | Éifeachtaí fadtéarmacha cascáideacha thar theorainneacha an chórais |
| Suntasach | Caillteanais shuntasacha | Cur isteach sealadach nó measartha | Méid measartha nó forleithne mheasartha | Éifeachtaí sealadacha cascáideacha thar an gcóras |
| Teoranta | Caillteanais theoranta nó neamhchoitianta | Gan aon chur isteach suntasach | Méid teoranta nó forleithne theoranta | Gan aon éifeachtaí cascáideacha thar theorainneacha an chórais |

Sa POE Turasóireachta seo leagtar amach trí sprioc do na cúig bliana amach romhainn:

**Sprioc 1: Tuiscint earnáil na turasóireachta a mhéadú** ar an ngaol idir athróga aeráide agus earnáil na turasóireachta in Éirinn, chun ár gcumas a fheabhsú dul i ngleic le tionchair an athraithe aeráide ar an earnáil.

**Sprioc 2: Feasacht choiteann a chothú** ar an athrú aeráide agus ar a thionchair, mar aon leis na céimeanna riachtanacha chun athléimneacht a fhorbairt, ar fud earnáil na turasóireachta in Éirinn go háirithe i measc na bpobal atá ag brath ar an turasóireacht.

**Sprioc 3: Athléimneacht a thógáil** chun iarmhairtí na rioscaí aeráide is suntasaí d'earnáil na turasóireachta a laghdú.

Cinnteofar le sraith gníomhartha go gcomhlíonfar na spriocanna sin. Rud atá tábhachtach, tá sé beartaithe, mar gheall ar chur chun feidhme Sprioc 3, go laghdófar, laistigh de thréimhse ama an Phlean seo, na hiarmhairtí don earnáil ó na trí ghuais aeráide a mheastar gurb iad na guaiseacha is suntasaí agus go bhfuil an gníomh is práinní ag teastáil ina leith.

Áirítear le príomhghníomhartha:

- Taighde a choimisiúnú chun an gaol reatha agus an gaol réamh-mheasta amach anseo idir an aeráid agus an turasóireacht in Éirinn a shainiú agus tuiscint orthu a fheabhsú.
- Measúnú riosca ar an athrú aeráide a chur san áireamh i bPleananna nua agus nuashonraithe um Fhorbairt Cinn Scríbe agus Eispéiris (PFCSEnna). Is éard atá i gceist le PFCSEnna ná pleananna straitéiseacha cúig bliana faoi stiúir Fáilte Ireland atá ceaptha chun tairiscint na turasóireachta a fheabhsú i réimsí sonracha.
- I scéimeanna Fáilte Ireland amach anseo ina soláthrófar cúnamh airgeadais, áireofar na coinníollacha / bearta / cosaintí ábhartha a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide.
- Plé le hoifigigh i dTuaisceart Éireann chun gníomhartha a ailíniú ar bhonn uile-oileáin, de réir mar is cuí.
- Cinntiú go bhfuil na gníomhaireachtaí turasóireachta réidh le leas a bhaint as deiseanna ar bith d'Éirinn mar thoradh ar an athrú aeráide.

Áireofar leis na príomhspriocanna insoláthartha oiliúint ar mheasúnú riosca ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó le haghaidh gnólachtaí turasóireachta, gníomhartha oiriúnaithe a chuimsiú i bpleananna turasóireachta áitiúla, agus gníomhartha oiriúnaithe atá sonrach don turasóireacht a chomhtháthú i bPleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Is iad an Roinn Fiontair, Turasóireachta agus Fostaíochta agus a cuid gníomhaireachtaí turasóireachta is mó a stiúrfaidh cur chun feidhme na ngníomhartha oiriúnaithe. Bainfidh an earnáil leas as an gcomhar a shocrófar le hearnálacha eile agus le comhlachtaí rialtais agus an Plean á fhorbairt. Is é seo an chéad Phlean Oiriúnaithe atá dírithe go príomha ar ghnólachtaí, go leor acu san earnáil FBManna. Dá bharr sin, d'fhéadfadh go gcabhródh sé le fiontair eile le súil níos grinne a chaitheamh ar ullmhú d'aeráid na hÉireann sa todhchaí. Sa chomhthéacs sin, tá an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (RFTF) tar éis tosú ar na hiarrachtaí oiriúnaithe don athrú aeráide atá ar siúl faoi láthair ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta a mhapáil, d'fhonn gnólachtaí a dhéanamh níos athléimní i leith an athraithe aeráide. Cé nach gceanglaítear ar an earnáil fiontraíochta plean earnála a ullmhú faoin gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe, tá an Roinn ag obair le páirtithe leasmhara chun plean ardleibhéil a ullmhú ina sainaithneofar na bearta is féidir le gnólachtaí a ghlacadh chun a n-ullmhacht oiriúnaithe don athrú aeráide a mhéadú. Beidh sé sin ábhartha freisin d'fhiontair thurasóireachta.

Próiseas atriallach atá i gceist le pleanáil oiriúnaithe. Dá réir sin, beidh rudaí le foghlaim ó na dúshláin maidir leis an bPlean seo a fhorbairt, agus ó na dúshláin dhóchúla a thiocfaidh chun cinn agus an Plean á chur chun feidhme. Is é an Plean Oiriúnaithe Earnála don Athrú Aeráide seo an chéad chéim i bpróiseas leanúnach lena chinntiú go mbeidh earnáil na turasóireachta in ann athléimneacht a thógáil i leith an dúshláin sin atá ag dul i méid, agus leanúint d'ioncam luachmhar agus fostaíocht a sholáthar do phobail ar fud na hÉireann, mar aon le heispéiris thaitneamhacha a thabhairt do chuairteoirí chuig Éirinn.

Maidir le haon chostais fhéideartha nó riachtanais riaracháin bhreise, níor cheart go gcruthódh aon cheann de na gníomhartha molta sa Phlean Oiriúnaithe Earnála don Athrú Aeráide seo ualach breise ar ghnólachtaí turasóireachta. Tuigtear go hiomlán nár cheart go mbeadh fiontair bheaga nó mheánmhéide atá ag feidhmiú le hacmhainní airgeadais agus daonna teoranta ag íoc as na costais bhreise a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide. Is é príomhchuspóir an Phlean Oiriúnaithe Earnála don Athrú Aeráide seo ná earnáil na turasóireachta a ullmhú don athrú aeráide atá ag teacht gan dabht. Dá réir sin, cé go bhfuil an tionscal luaite mar pháirtí leasmhar in go leor de na Gníomhartha, tá siad go léir faoi stiúir na Roinne nó a gníomhaireachtaí turasóireachta. Baineann an chuid is mó de na Gníomhartha le hobair thaighde nó le hanailís ar an mbearna scileanna, rud a chabhróidh le gnólachtaí i ndeireadh na dála. Mar an gcéanna, níl sé i gceist go gcuirfidh múscailt feasachta ar an athrú aeráide ualach breise ar fhiontair.



Fothrach Chloch Locha Uachtair, Loch Uachtair, Co. an Chabháin
© Sonder Visuals

# 1. An tAthrú Aeráide & Oiriúnú don Athrú Aeráide

## 1.1 An tAthrú Aeráide

### 1.1.1 An tAthrú Aeráide Domhanda

Ciallaíonn **an t-athrú aeráide** athrú ar staid na haeráide is féidir a shainaithint (e.g. agus tástálacha staitistiúla á n-úsáid) trí athruithe ar mheán agus/nó ar inathraitheacht a hairíonna, agus a leanann ar aghaidh ar feadh tréimhse fhada, ar feadh na mblianta fada nó níos faide de ghnáth (féach **Gluais**). Mar thoradh ar ghníomhaíocht dhaonna a chuireann le méadú ar astaíochtaí **gás ceaptha teasa** (GCTanna) tá athruithe forleithne agus tapa tagtha ar gach gné den chóras aeráide domhanda (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) (GCC) 2023).

Úsáideann an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (PIRAA) Bealaí Tiúchana Ionadaíocha (**BTInna**) chun measúnú a dhéanamh ar athruithe, tionchair agus **rioscaí** aeráide ar fud réigiúin mhóra den domhan. Forbraíodh BTInna éagsúla chun raon de thorthaí aeráide a léiriú lena n-áirítear[1]:

- **BTI 4.5**, **cás astaíochtaí meánacha go hísle:** tá **fórsáil radantach** iomlán cobhsaithe roimh 2100 trí leas a bhaint as raon teicneolaíochtaí agus straitéisí chun astaíochtaí GCT a laghdú, agus
- **BTI 8.5**, **cás ardastaíochtaí**[2]**:** is iad tréithe a bhaineann leis an gcás sin ná astaíochtaí GCT atá ag dul i méid le himeacht ama, agus ardleibhéil tiúchana GCT dá bharr

Rachaidh téamh domhanda i méid fós sa ghearrthéarma (2021–2040), mar thoradh go príomha ar mhéadú ar astaíochtaí GCT carnacha i mbeagnach gach cás measta agus conair shamhaltaithe.

Cinntear an baol a ghabhann leis an athrú aeráide le trí chúinse: **guaiseacha** an athraithe aeráide (amhail méadú ar an mbáisteach), **nochtadh** do na guaiseacha sin (mar shampla, sa chás go bhfuil tithe suite i dtuilemhánna), agus **leochaileacht** do na guaiseacha sin (mar shampla, próifílí aoise nó fáil iompair) (An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC) 2024a, bunaithe ar Chreat Riosca PIRAA).

### 1.1.2 An tAthrú Aeráide in Éirinn

Tá aeráid na hÉireann ag athrú ar aon dul leis na hathruithe domhanda. Tá méadú tagtha ar na meánteochtaí bliantúla agus ar an bhfrasaíocht bhliantúil, agus tá ardú tagtha ar an meánleibhéal farraige chomh maith le dromchla na farraige agus aigéadacht aigéin (Cámaro García *et al.* 2021, GCC 2023).

Sa tionscadal TRANSLATE déantar scrúdú ar réamh-mheastacháin aeráide náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ábhartha d'Éirinn, feabhsaítear iad agus cuirtear in oiriúint iad don chomhthéacs Éireannach áitiúil. Is é an toradh ná acmhainn ardtaifigh náisiúnta caighdeánaithe, inrochtana agus éasca le húsáid ag a bhfuil uirlisí tacaíochta cinnteoireachta bunaithe ar riosca a chuidíonn le sochaí na hÉireann teanga choiteann aeráide a úsáid. Úsáideann clíomeolaithe sraith samhlacha chun éiginnteacht i ngach Samhail Aeráide Réigiúnach (SAR) a mheas. Mar shampla, tá méadú ar an meánteocht dromchla réamh-mheasta in Éirinn faoi BTI 8.5 faoi dheireadh an chéid idir 1.94°C agus 3.63°C, ag brath ar an tsamhail a úsáidtear, i gcomparáid leis an tréimhse thagartha 1976–2005. Dá bhrí sin, is féidir a lua de réir BTI 8.5, faoi dheireadh an chéid ar an meán ar fud na hÉireann, go meastar go mbeidh méadú 2.78°C (an meán tríd an mbailiúchán) tagtha ar aertheocht ach ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh an méadú a bheith cuid mhaith ní b'airde nó ní b'ísle. I gcás teochta dromchla, léirítear sna samhlacha go léir méadú faoin BTI sin faoi dheireadh an chéid. Maidir le roinnt athróga aeráide, áfach, níltear chomh cinnte faoi threoir an athraithe.


1 https://tntcat.iiasa.ac.at/RcpDb/dsd?Action=htmlpage&page=welcome

2 https://www.met.ie/climate/climate-change#:~:text=Warming%20is%20enhanced%20for%20the,3%C2%B0C%20in%20winter

## 1.2. Tionchar an Athraithe Aeráide ar an Turasóireacht

Ar fud an domhain, mar earnáil atá nochta don aeráid, tá dochar eacnamaíoch déanta don turasóireacht mar thoradh ar an athrú aeráide (PIRAA 2023). Tá an earnáil thar a bheith leochaileach d'ardú ar leibhéal na farraige, agus d'aimsir níos déine a bhfuil méadú ar chostais árachais mar thoradh uirthi (Nicholls 2014). Féadann stoirmeacha troma, agus na gaotha, na tonnta, an bháisteach, agus borrthaí stoirme a mbaineann leo cur isteach ar an iompar, ar an gcumhacht, agus ar na soláthairtí uisce a bhfuil an tionscal ag brath orthu. Ní dhéanfaidh an t-athrú aeráide difear do gach cineál turasóireachta ar an gcaoi chéanna, áfach: is lú is dócha go n-imreofar tionchar ar an turasóireacht uirbeach i gcomparáid leis an turasóireacht chósta, agus, i ndáil le príomhchuspóir an taistil, is lú an tionchar a bheidh aige orthu siúd atá ar cuairt ar a dteaghlach i gcomparáid leo siúd atá ag taisteal don turasóireacht trá.

Is é tarlú teagmhas aimsire aonair is mó a mbeidh tionchar aige ar **thurasóirí** ó thaobh a rogha *gníomhaíochtaí* agus iad ag ceann scríbe (Léaráid 1.1) seachas a rogha *cinn scríbe*, cé go bhféadfadh go n-athrófaí intinn turasóirí 'nóiméid deiridh' mar thoradh air. D'fhéadfaí a bheith ag súil go mbeadh tionchar ní ba mhó ag an aimsir a bhíonn neamhfhabhrach go sealadach, ag an adhaimsir agus ag inathraitheacht aeráide ar an turasóireacht intíre seachas ar an turasóireacht ón gcoigríoch, toisc gur gnách go gcuireann turasóirí ón gcoigríoch saoire in áirithe i bhfad roimh ré. D'fhéadfadh aimsir neamhfhabhrach / adhaimsir a tharlaíonn arís is arís eile dochar a dhéanamh do chlú, a rachadh i bhfeidhm ar an turasóireacht intíre agus an turasóireacht ón gcoigríoch araon. Déanann dúnadh fadtéarmach nó damáiste do chóiríocht turasóirí / d'áiteanna a mbíonn an-tóir orthu / don fháilteachas difear díreach don táirge turasóireachta agus do thrádáil turasóireachta eile, agus dá chumas leanúint ar aghaidh ag freastal ar thurasóirí.




**Léaráid 1.1.** Ábharthacht uainiú na faisnéise aeráide agus aimsire do chinntí turasóirí.
Íomhá curtha in oiriúint ó eco-union (2019).


D'ainneoin go bhfuil an riosca ón athrú aeráide don turasóireacht réasúnta íseal ar fud na hEorpa i gcomparáid le go leor réigiúin eile den domhan (Peeters & Papp 2023), sa Tuarascáil Eorpach ar an Measúnú Riosca Aeráide (an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (GEC) 2024) áirítear an turasóireacht mar cheann de na hearnálacha eacnamaíocha ar a raibh tionchar mór ag teagmhais fhoircneacha aeráide le blianta beaga anuas.

## 1.3. Oiriúnú don Athrú Aeráide

### 1.3.1 Cad atá i gceist le hOiriúnú don Athrú Aeráide?

Is féidir **oiriúnú don athrú aeráide** a shainiú mar an próiseas trína dtéitear i dtaithí ar an aeráid iarbhír nó ionchais agus ar a cuid éifeachtaí, chun dochar a mhaolú, nó chun leas a bhaint as deiseanna tairbhiúla a d'fhéadfadh a bheith ann (PIRAA 2022). Gné amháin den ghníomhú ar son na haeráide atá i gceist le hoiriúnú don athrú aeráide (Léaráid 1.2). Maolú ar an athrú aeráide atá sa ghné eile. Dírítear le gníomhartha maolaithe ar theorainn a chur le ráta agus scála an athraithe aeráide sa todhchaí trí leibhéil na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus slogaidí GCT a mhéadú. Dírítear le gníomhartha oiriúnaithe ar nochtadh agus leochaileacht a laghdú agus ar an mbealach sin tionchair an athraithe aeráide a laghdú, nó leas a bhaint as na deiseanna a ghabhann leis an athrú aeráide.

Tagraíonn **Athléimneacht** don chumas glacadh leis an athrú aeráide agus freagairt dó trí ghníomhartha éifeachtacha oiriúnaithe a chur chun feidhme agus trí fhorbairt inbhuanaithe chun **tionchair aeráide dhiúltacha** a laghdú, agus leas á bhaint as deiseanna ar bith freisin.




**Léaráid 1.2.** Le hOiriúnú don Athrú Aeráide tugtar aghaidh ar thionchair an athraithe aeráide agus cuirtear le Maolú ar an Athrú Aeráide sa Bheartas foriomlán um Ghníomhú ar son na hAeráide.
Curtha in oiriúint ó https://www.climateireland.ie/adaptation/what-is-climate-adaptation/.

### 1.3.2 Beartas Oiriúnaithe in Éirinn

San Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2021 socraíodh sprioc náisiúnta chun aistriú chuig geilleagar atá athléimneach in aghaidh na haeráide, ina bhfuil go leor bithéagsúlachta, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050 ar a dhéanaí (GCC 2023).

Sa Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe (CNO) d'Éirinn leagtar amach an straitéis náisiúnta chun bearta oiriúnaithe a fhorbairt. Foilsíodh an dara CNO d'Éirinn in 2024 (RAFC 2024b), lena gcuimsítear na croíphrionsabail seo a leanas: **athléimneacht chóir**, réitigh Nádúrbhunaithe (**RdB**), agus **mí-oiriúnú** a sheachaint.

Faoin dara CNO sin, is í Earnáil na Turasóireachta ceann de na hearnálacha ar a gceanglaítear Plean Oiriúnaithe Earnála don Athrú Aeráide a ullmhú in 2025 (Tábla 1.1). Cé gur chruthaigh Deignan *et al.* (2022) treoir maidir le hoiriúnú don athrú aeráide le haghaidh gnólachtaí in earnáil an fháilteachais agus na turasóireachta, níor tugadh aghaidh i bplean ar bith roimhe seo ar rioscaí ón athrú aeráide d'earnáil na turasóireachta in Éirinn ina hiomláine.

Chun cur chuige comhtháite agus comhsheasmhach a chinntiú ar fud earnálacha don timthriall seo de phleanáil oiriúnaithe, chruthaigh an RAFC treoirlínte athbhreithnithe maidir le pleanáil oiriúnaithe earnála (RAFC 2024a).

Ceanglaíodh ar Údaráis Áitiúla Pleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (PÚÁGAnna) a ullmhú ina n-áireofaí maolú agus oiriúnú araon in 2024[3]. Déanann na ceithre Oifig Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGA) comhordú ar fhorbairt gníomhaithe áitiúil ar son na haeráide ar fud údaráis áitiúla.

**Tábla 1.1.** Earnálacha a bhfuil Pleananna Oiriúnaithe Earnála á bhfoilsiú lena n-aghaidh in 2025.

| Téama | Earnáil | Roinn Ceannais |
|---|---|---|
| An Timpeallacht Nádúrtha | Bithéagsúlacht | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| | Cáilíocht Uisce | |
| An Timpeallacht Thógtha agus Bonneagar | Líonraí Cumarsáide | An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt |
| | Líonraí Leictreachais agus Gáis | An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil |
| | Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | An Timpeallacht Thógtha agus Pleanáil* | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| | Bonneagar Seirbhísí Uisce | |
| | Bonneagar Iompair | An Roinn Iompair |
| An Duine | Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| | Sláinte | An Roinn Sláinte |
| Geilleagar | Talmhaíocht | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| | Foraoiseacht | |
| | Bia Mara | |
| | Turasóireacht | An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta |

*Ar dtús, déanfar cleachtadh scóipe don earnáil seo.
Tábla curtha in oiriúint ó RAFC (2024b).

3 https://www.climateireland.ie/adaptation/adaptation-guidance-and-plans/local-authority-climate-action-plans/



Conair, Binn Ghuaire, Páirc Náisiúnta Chonamara, Co. na Gaillimhe
© Dave Walsh

# 2. Pleanáil Oiriúnaithe don Athrú Aeráide le haghaidh Earnáil na Turasóireachta

## 2.1 An Cur Chuige a Glacadh agus an Plean seo á Fhorbairt

Chun an POE seo a fhorbairt, chloígh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán (RTCEGSM) leis na treoirlínte maidir le hoiriúnú earnála a chuir an RAFC i dtoll a chéile (2024a). Chun an POE seo a fhorbairt, aistríodh Rannóg na Turasóireachta de chuid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán (RTCEGSM) chuig an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (RFTF) i mí an Mheithimh 2025.

### 2.1.1 Foireann Oiriúnaithe Earnála a Bhunú

Sa chéad chéim de thimthriall na pleanála oiriúnaithe, "Gach Rud a Chur i dTreo", is gá Foireann Oiriúnaithe Earnála (FOE) a bhunú, lena gcuimsítear Croífhoireann agus Foireann Pleanála.

Bunaíodh Croífhoireann a raibh saineolas sa turasóireacht chomh maith le gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht mar chuid di. Áiríodh léi ionadaithe ón dá phríomhaonad ábhartha in RTCGESM agus óna dhá Phríomhghníomhaireacht Turasóireachta, Fáilte Ireland agus Turasóireacht Éireann (Léaráid 2.1).




**Léaráid 2.1.** Foireann Oiriúnaithe Earnála a bunaíodh d'Earnáil na Turasóireachta in 2024, ina bhfuil Croífhoireann agus Foireann Pleanála.

Bhí ionadaíocht do RTCEGSM, Fáilte Ireland agus Turasóireacht Éireann mar na trí phríomhchomhlacht d'earnáil na turasóireachta ar an dá fhoireann. Chuir RAFC, GCC, agus ORGA taithí bhreise ar phleanáil oiriúnaithe ar fáil don Fhoireann Pleanála.

Bhí sé mar mhisean ag **RTCEGSM** a bheith i gceannas ar fhorbairt inbhuanaithe na Turasóireachta, na Meán agus na Gaeltachta, agus rannpháirtíocht a chur chun cinn in earnálacha an Chultúir, na nEalaíon agus an Spórt, agus na Gaeilge, rud a thacaíonn le dul chun cinn sóisialta agus a fheabhsaíonn fás cultúrtha agus eacnamaíoch ar fud shochaí na hÉireann. Maidir leis an Turasóireacht bhí sé mar sprioc ag an Roinn tacú le forbairt earnáil inbhuanaithe na Turasóireachta, agus béim faoi leith curtha ar thacú le forbairt chothrom i bpobail ar fud na tíre, agus ár gcomhshaol agus ár n-acmhainní nádúrtha á gcosaint ag an am céanna (RTCEGSM 2023).

Tá sé mar fhís ag **RAFC** go mbeadh Éire mar an áit is fearr le gnólacht rathúil a fheidhmiú i ngach cearn den tír, agus go mbeadh fiontair iomaíocha bhríomhara, níos mó fostaíochta ardchaighdeáin,

trádáil mhéadaithe, ionaid oibre chóra agus táirgiúlacht ní b'airde inti. Tá sé mar mhisean na Roinne forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe a stiúradh trí fhostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a choinneáil i ngach cearn den tír tríd an bhfiontraíocht a chur chun cinn agus trí thacú le FBManna. Tháinig Earnáil na Turasóireachta faoi chúram RFTF i mí an Mheithimh 2025, agus i Ráiteas Straitéise nua na Roinne leagfar amach na spriocanna agus na cuspóirí ardleibhéil le haghaidh na hearnála.

Is é **Fáilte Ireland** an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta in Éirinn. An ról atá aige ná tacú le fás inbhuanaithe fadtéarmach ar rannchuidiú eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil na turasóireachta d'Éirinn. I gcomhpháirt leis an Rialtas, Gníomhaireachtaí Stáit, Údaráis Áitiúla, grúpaí ionadaíocha agus tionsclaíocht, forbraíonn Fáilte Ireland an turasóireacht ar fud na hÉireann trí phleananna forbartha cinn scríbe agus líonraí a fhorbairt, agus trí infheistiú i mbonneagar, gníomhaíochtaí, áiteanna a mbíonn an-tóir ag cuairteoirí orthu agus féilte.

Soláthraíonn Fáilte Ireland léargais ó thomhaltóirí agus cheannaitheoirí, meantóireacht, tacaíochtaí gnó, cláir oiliúna agus ardáin cheannaitheora freisin, chun cabhrú le gnólachtaí turasóireachta a bheith nuálach agus fás. Tá Fáilte Ireland freagrach as margaíocht saoire intíre ar fud ceithre bhranda eispéiris réigiúnacha mar atá: Slí an Atlantaigh Fhiáin, Sean-Oirthear na hÉireann, Croíthailte Ceilte na hÉireann agus Baile Átha Cliath.

Is í **Turasóireacht Éireann** an eagraíocht uile-oileáin le haghaidh mhargaíocht na turasóireachta atá freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta. Tá an eagraíocht freagrach as margaíocht cinn scríbe ar fud an oileáin, Branda Turasóireachta na hÉireann, líonra na n-oifigí turasóireachta thar lear, margaíocht réigiúnach agus táirgí a sheachadadh agus gníomhaíocht fógraíochta i gcomhar le Fáilte Ireland agus Tourism Northern Ireland.

Oibríonn Fáilte Ireland agus Turasóireacht Éireann as lámh a chéile chun tacú le Turasóireacht Ghnó, agus tairiscintí a bhainistiú le haghaidh comhdhálacha, cruinnithe agus imeachtaí móra le reáchtáil in Éirinn agus iad a bhaint amach.

Leathnaíodh comhpháirtíocht maidir le pleanáil oiriúnaithe d'Earnáil na Turasóireachta tríd an bhFoireann Pleanála, ar a raibh ionadaithe ó RAFC, GCC agus ORGA (Léaráid 2.1). Rinne na Príomhoifigigh don Aonad Beartais Turasóireachta agus don Aonad Beartais Straitéisigh in RTCEGSM comh-chathaoirleacht ar an bhFoireann Pleanála go dtí mí an Mheithimh 2025, agus ina dhiaidh sin bhí beachtú leanúnach an Phlean, lenar áiríodh trí chomhairliúchán poiblí, á stiúradh ag FOE athbhreithnithe a bhí faoi chathaoirleacht an Aonaid Beartais Turasóireachta in RFTF.

Chuir raon eagraíochtaí eile comhairle ar an FOE agus an Plean seo á fhorbairt (Léaráid 2.2).

**Léaráid 2.2.** Eagraíochtaí a thug comhairle agus faisnéis don Fhoireann Oiriúnaithe Earnála don Turasóireacht agus an Plean Oiriúnaithe Earnála á fhorbairt.

### 2.1.2. Anailís ar an mBearna Scileanna

Maidir le forbairt an chéad Phlean Oiriúnaithe Earnála don Athrú Aeráide le haghaidh Earnáil na Turasóireachta, mheas Croífhoireann an FOE go mbeadh na scileanna seo a leanas inmhianaithe laistigh den FOE:

- Tuiscint ar an mbeartas turasóireachta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta
- Eolas sonrach ar an táirge turasóireachta in Éirinn, ar mhargaí agus ar mhargaíocht
- Tuiscint ar an mbeartas agus ar na cuir chuige náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtreo gníomhú ar son na haeráide, go háirithe maidir leis an mbeartas oiriúnaithe don athrú aeráide
- Oiliúint eolaíochta
- Taithí fhairsing ar thabhairt faoi léirmheasanna litríochta
- Scileanna anailíse sonraí
- Taithí ar phleananna nó ar thograí a scríobh, lena n-áirítear buiséadú
- Tuiscint bhunúsach ar an meitéareolaíocht agus ar eolaíocht na haeráide chomh maith le **réamh-mheastacháin aeráide**
- Eolas bunúsach ar mheasúnú riosca ar an aeráid

Clúdaíodh na scileanna sin thuas sa FOE bunaithe. Bhí oiliúint fhairsing ag roinnt comhaltaí den FOE ar anailís ar an athrú aeráide, lena n-áirítear cáilíochtaí fochéime, iarchéime agus cáilíochtaí teastais gairmiúla. Faoi Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide in Éirinn (a dhéantar a nuashonrú gach bliain sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide), ceanglaítear ar na bainisteoirí sinsearacha go léir tabhairt faoi oiliúint maidir le gníomhú ar son na haeráide. Mhol an rannóg Foghlama agus Forbartha (F&F) in RTCEGSM don fhoireann go léir tabhairt faoin oiliúint ar líne *Buneolas ar Ghníomhú ar son na hAeráide* atá ar fáil trí F&F na státseirbhíse mar chuid de thimthriall bhliantúil an fhaireacháin ar fheidhmíocht. Tá socruithe cosúla i bhfeidhm le haghaidh fhoireann RFTF.

Dá bharr sin, níor sainaithníodh aon bhearna scileanna maidir le próiseas *forbartha* an POE. Chun oiriúnú don athrú aeráide, *a chur chun feidhme* ar fud na hearnála ina hiomláine beidh gá le hoiliúint agus treoir ar fud na ngnólachtaí agus na n-eagraíochtaí éagsúla atá san earnáil. Tá gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin san áireamh i gCaibidil 4 “Spriocanna agus Gníomhartha Oiriúnaithe”. D’fhéadfadh go mbeadh gá le scileanna teicniúla/comhshaoil/oiriúnaithe breise chun an plean a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air.

### 2.1.3. Comhairliúchán leis an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide

Bhí dhá chruinniú ag an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (CCAA) le daoine ón FOE faoi dhó in 2024. Thug CCAA comhairle neamhfhoirmiúil faoi dhréacht luath den Phlean seo i mí Feabhra 2025, agus rinne CCAA agus GCC athbhreithniú foirmiúil ar an gcéad dhréacht i mí an Mhárta 2025. Cuireadh comhairle bhreise ar fáil maidir leis na dréachtaí ina dhiaidh sin níos déanaí in 2025. Iarradh comhairle ó raon eagraíochtaí eile ag an am sin.

Tar éis aiseolas ón bpróiseas sin a chur san áireamh, rinneadh athbhreithniú ar an dréacht, rinne an Fhoireann Pleanála breithniú air, rinneadh athbhreithniú breise air agus cuireadh ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí é. D’fhaomh Bord Bainistíochta na Roinne an leagan deiridh.

### 2.1.4. Comhairliúchán Poiblí

Reáchtáladh próiseas comhairliúcháin phoiblí, a bhí bunaithe ar an dréachtphlean athbhreithnithe (féach thuas), i mí Lúnasa/Meán Fómhair 2025. Fuarthas aighneachtaí, ina measc, ó thionscal na turasóireachta, GCC, Met Éireann, an Chomhairle Chomhairleach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CCGA) agus an earnáil údaráis áitiúil. Rinneadh dul i dteagmháil dhíreach freisin leis an gCónaidhm Thionscal Turasóireachta na hÉireann (CTTÉ) sula ndearnadh an POE a chríochnú. Cuireadh breithniú iomlán ar gach aighneacht sular cuireadh críoch leis an POE seo. Aithnítear, áfach, go mbeidh breithniú breise de dhíth ar chuid den aiseolas sin ag Foireann Cur Chun Feidhme an POE le linn thréimhse chur chun feidhme an phlean (féach Caibidil 5), agus is dócha go bhforbrófar bearta breise mar chuid den obair sin. Go háirithe, d'fhéadfadh gníomhartha breise a bheith riachtanach maidir le hAthléimneacht Chóir agus Mí-Oiriúnú chun comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na n-earnálacha ar fad, agus beidh gá freisin le tuilleadh iniúchta ar réitigh dúlrabhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí féideartha don earnáil.

### 2.1.5. Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) & Measúnacht Chuí (MC)

Rinneadh measúnú scagtha maidir le cé acu a bheadh gá le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) le haghaidh an Phlean Oiriúnaithe Earnála seo. Tar éis an phróisis sin, chinn an Roinn nach raibh gá le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST). Ina theannta sin, rinneadh scagadh i ndáil le Measúnacht Chuí (MC), inar thángthas ar an gconclúid nach bhfuil gá le MC le haghaidh an Phlean seo ach an oiread. Tá an tuarascáil scagtha MST agus an tuarascáil scagtha MC ar fáil don phobal ag oifigí na Roinne agus ar shuíomh gréasáin na Roinne.

## 2.2. Earnáil na Turasóireachta in Éirinn

### 2.2.1. Luach don Gheilleagar agus don tSochaí

Cuireann earnáil na turasóireachta in Éirinn go mór leis an Státchiste agus leis an bhfostaíocht agus tá an Rialtas tiomanta d'fhás inbhuanaithe breise na hearnála sna blianta amach romhainn. Léirítear le cuntas Satailíte Turasóireachta na hÉireann le haghaidh 2019 (mar a foilsíodh in 2023) gurbh ionann suim an chaiteachais isteach agus an chaiteachais intíre ar an turasóireacht agus €10 mbilliún (lena n-áirítear táillí d'iompróirí Éireannacha i gcás turasóireacht isteach) (An Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) 2024a). Chuir an earnáil obair ar fáil go díreach do 284,800 fostaí coibhéise lánaimseartha, i mbeagnach 46,000 fiontar a bhí bainteach leis an turasóireacht. Is ionann sin agus sciar is mó ná 13% de líon iomlán na bpost lánaimseartha i ngeilleagar foriomlán na hÉireann i réimse na turasóireachta. Baineann seachtó a ceathair faoin gcéad de na poist sin le hearnáil na cóiríochta nó le hearnáil an bhia agus deochanna. Measadh gurbh ionann Oll-Bhreisluach Díreach na Turasóireachta (**OBLDT**; féach **Gluais**) agus thart ar €13.5 mhilliún, a bhí comhionann le sciar iomlán Oll-Bhreisluacha (**OBL**) 4.4% i ngeilleagar na hÉireann.

Cuireann an turasóireacht le fostaíocht bhunriachtanach i ngach contae, rud atá tábhachtach go háirithe i suíomhanna réigiúnacha lasmuigh de na príomhchathracha ina bhfuil easpa deiseanna fostaíochta (An Roinn Caiteachais Phoiblí, Soláthar an PFN agus Athchóirithe (RCPSPA) 2023). Cuireann an Turasóireacht le Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (TSN) sa Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) ó thaobh geilleagair thuaithe agus pobail tuaithe a neartú agus taitneamhacht agus oidhreacht a fheabhsú. Sa *Chreat Beartais Turasóireachta, 2025-2030* (RTCEGSM, 2024) leagtar béim ar na buntáistí eacnamaíocha agus sóisialta breise a eascraíonn as an turasóireacht do phobail ar fud na tíre.

## 2.2.2. An tÉileamh Turasóireachta

### 2.2.2.1 Turasóireacht ón gCoigríoch


Foinse thábhachtach ioncaim turasóireachta í Turasóireacht ón gCoigríoch (**cuairteoirí** ó áiteanna lasmuigh d'oileán na hÉireann): léirítear leis an gCuntas Satailíte Turasóireachta le haghaidh 2019 gur thug cuairteoirí ón gcoigríoch 48% de na cuairteanna go léir, ach gurbh ionann iad agus 76% den chaiteachas turasóireachta (nuair a chuirtear táillí iompróirí san áireamh) (POS 2024a). In 2024, tháinig breis agus 69% de chuairteoirí ón gcoigríoch as díreach ceithre thír: an Bhreatain Mhór, na Stáit Aontaithe, an Ghearmáin agus an Fhrainc. Bhí céatadán beagán ní b'airde de na cuairteanna iomlána ag teacht ón mBreatain Mhór ná ón mór-roinn na hEorpa ina hiomláine, agus ina dhiaidh sin bhí Meiriceá Thuaidh agus réigiúin 'eile', i.e. réigiúin seachas an Bhreatain Mhór, mór-roinn na hEorpa nó Meiriceá Thuaidh (Fáilte Ireland, 2024). Ba mhó an sciar iomlán de ***dhaoine ar saoire*** ó mhórthír na hEorpa, agus ina dhiaidh sin bhí Meiriceá Thuaidh agus an Bhreatain Mhór (POS 2024b).

Cé go bhfuil séasúracht na turasóireachta in Éirinn níos ísle in Éirinn ná mar atá ar fud AE ar an meán[4], dá ainneoin sin bíonn claonadh suntasach i leith turasóireacht mhéadaithe sa samhradh, agus tá an tráth is gnóthaí i mí Lúnasa, agus an tráth is ciúine i mí Feabhra. Tá sé mar chuspóir beartais le fada séasúr na turasóireachta a shíneadh, chun níos mó deiseanna fostaíochta a sholáthar ó cheann ceann na bliana san earnáil.

Is é Baile Átha Cliath an ceann scríbe is mó éilimh in Éirinn le haghaidh **cuairteoirí** ón gcoigríoch (Fáilte Ireland 2024). Is iad na cinn scríbe is mó éilimh ina dhiaidh sin ná an t-iardheisceart agus an t-iarthar. Tá sé mar chuspóir beartais, áfach, tacú leis an bhfostaíocht i réigiúin turasóireachta bheagfhorbartha. Tá sé mar aidhm freisin ag na Straitéisí Réigiúnacha um Fhorbairt na Turasóireachta (SRFTanna) de chuid Fáilte Ireland, cuairteoirí a scaipeadh lasmuigh de na háiteanna móra turasóireachta sna cinn scríbe turasóireachta níos aibí i mBaile Átha Cliath agus i Slí an Atlantaigh Fhiáin sa deisceart agus ioncam turasóireachta a mhéadú sna ceantair thurasóireachta bheagfhorbartha sa chuid thuaidh de Shlí an Atlantaigh Fhiáin, Sean-Oirthear na hÉireann agus Croíthailte Ceilte na hÉireann (Léaráid 2.3).

4 https://tourism-dashboard.ec.europa.eu/destination?lng=en&ctx=tourism&tu=IE&tl=0&stu=IE&ts=TOURISM&pil=level-indicator&is=TOURISM&cl=tourism&clc=environmental-impact&fvs=false

# Teorainneacha Réigiúnacha Fáilte Ireland




**Léaráid 2.3.** Ceithre bhranda eispéiris Fáilte Ireland.

Tarraingíonn radhairc áille na hÉireann cuairteoirí ón gcoigríoch; go leor rudaí le feiceáil agus le déanamh; stair agus cultúr spéisiúil; raon maith áiteanna áille sa dúlra le feiceáil; daoine cairdiúla agus fáilteacha; ceann scríbe slán agus sábháilte; agus an timpeallacht nádúrtha, gan mhilleadh (Fáilte Ireland). Sna ceithre thír óna a dtagann formhór na **dturasóirí** go hÉirinn, tugann go leor acu cuairt ar láithreacha is díol spéise iad ó thaobh na staire de, go háirithe eaglaisí / ardeaglaisí agus ionaid oidhreachta / cuairteoirí agus glacann siad páirt i gcaitheamh aimsire nó in imeachtaí cultúrtha. Léirítear i dtaighde Fáilte Ireland (2024) gurbh é siúlóireacht / siúl trastíre an ghníomhaíocht lasmuigh ba mhó tóir, agus ina dhiaidh sin bhí rothaíocht, gailf, marcaíocht ar chapall agus iascaireacht.

#### 2.2.2.2 Turasóireacht Intíre

Is fearr le turasóirí intíre rudaí difriúla i gcomparáid le cuairteoirí ón gcoigríoch. Is é an t-iardheisceart ar a dtugann turasóirí intíre an chuid is mó de chuairteanna, ina gcaitheann siad an líon is mó oícheanta, agus ar a gcaitheann siad is mó airgid (Fáilte Ireland 2023a). Is í mí Iúil go mí Mheán Fómhair an ráithe is gnóthaí le haghaidh daoine ar saoire as Éirinn agus ina dhiaidh sin is í an tréimhse ó mhí Aibreáin go mí an Mheithimh. Bhí caoga a ceathair faoin gcéad de dhaoine ar saoire as Éirinn in 2022 páirteach i siúlóireacht nó i siúl achair ghairid, 13% i siúlóireacht nó i siúl achair fhada, 37% sa snámh, 10% i dturais bháid, thug 10% cuairt ar pháirceanna eachtraíochta, rinne 6% spóirt uisce, rinne 6% rothaíocht achair ghairid, rinne 3% rothaíocht achair fhada, d’imir 6% galf agus ghabh 4% don iascaireacht agus don tslatiascaireacht.

B’fhearr le daoine ar saoire as Éirinn turas sa charr, siopadóireacht, agus cuairt ar áiteanna faoi dhíon a mbíonn an-tóir orthu mar eispéiris fóillíochta. Ba lú an t-éileamh ar chuairteanna ar thithe stairiúla nó ar chaisleáin (28%), ionaid cuairteoirí nó léirmhíniúcháin (16%), nó músaeim nó gailearaithe (15%) i measc daoine ar saoire as Éirinn i gcomparáid le turasóirí ó phríomh-mhargaí na hÉireann ón gcoigríoch. Thug breis agus ceathrú de dhaoine ar saoire as Éirinn cuairt ar thearmainn dúlra / ar pháirceanna náisiúnta agus ar ghairdíní.

I dteannta leis an turasóireacht (lena mbaineann cuairt amháin thar oíche ar a laghad), déanann cónaitheoirí Éireannacha turais lae laistigh d’Éirinn. Níl séasúracht na dturas lae chomh suntasach le séasúracht na saoirí, agus tá 30% de thurais lae déanta i mí Iúil go mí Mheán Fómhair, agus ina dhiaidh sin mí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag (29%) agus mí Aibreáin go mí an Mheithimh (24%) (Fáilte Ireland 2023a).


#### 2.2.2.3 Turasóireacht as Tuaisceart Éireann

In 2023, thug 1.3 milliún turasóir ó Thuaisceart Éireann cuairt ar Phoblacht na hÉireann, agus chaith siad €0.4 bhilliún, rud a bhí cothrom le thart ar 17% de líon iomlán na dturasóirí agus 7% den ioncam iomlán (gan ioncam iompróirí a áireamh) (FI_Key-Tourism-Facts-2023_National-SumFI_Key-Tourism-Facts-2023_National-Summ)

## 2.2.3. Tairiscint Turasóireachta

### 2.2.3.1 An Táirge Turasóireachta

Sainíonn Fáilte Ireland an 'táirge turasóireachta' mar chóiríocht agus mar áiteanna a mbíonn an-tóir ag cuairteoirí orthu (Léaráid 2.4).




**Léaráid 2.4.** An Táirge Turasóireachta in Éirinn.
Faisnéis ó Fáilte Ireland (2023a).


### 2.2.3.2 Trádáil níos leithne atá ábhartha don turasóireacht

Cé nach bhfuil siad ceaptha go hiomlán (nó fiú go príomha) do mhargadh na dturasóirí, braitheann go leor cineálacha trádála amhail bialanna nó galfchúrsaí go mór ar thurasóirí agus/nó tá ról mór acu in eispéireas an turasóra (Léaráid 2.5).


### 2.2.3.3 Áiteanna a mbíonn an-tóir orthu, gníomhaíochtaí agus imeachtaí i gcoitinne

Cuireann trádáil nach bhfuil nasctha chomh soiléir leis an turasóireacht agus go leor áiteanna agus gníomhaíochtaí nach mbaineann le trádáil le heispéireas an turasóra[5] (Léaráid 2.6). Féadann féilte agus imeachtaí[6], amhail imeachtaí spóirt, imeachtaí cultúrtha agus comhdhálacha gnó a bheith ina ngné thábhachtach ó thaobh cuairteoirí a tharraingt sa séasúr seachbhuaice agus iad a tharraingt chuig áiteanna lasmuigh de na háiteanna móra turasóireachta traidisiúnta.

5 Tourism Activities and Attractions - Dataset - data.gov.ie
6 Imeachtaí - Tacar Sonraí - data.gov.ie




**Léaráid 2.5.** Trádáil atá ábhartha don turasóireacht in Éirinn.
Faisnéis ó [Tourism Activities and Attractions - Dataset - data.gov.ie] agus ó Fáilte Ireland (2024).
CSF: Cuideachta Seirbhísí Fáilte




**Léaráid 2.6.** Earnáil na turasóireachta in Éirinn i gcoitinne.

## 2.2.4. Earnáil na Turasóireachta mar Chóras

Molann RAFC (2024a) an earnáil a mhiondealú i bhfochórais dhifriúla agus i ngnéithe, chun tionchar na nguaiseacha aeráide éagsúla ar ghnéithe éagsúla a mheasúnú. Tá miondealú den chineál sin curtha ar fáil i dTábla 2.1.

**Tábla 2.1.** Gnéithe de 'chóras' Earnáil na Turasóireachta chun críocha cur chuige chórasbhunaithe i leith measúnú riosca ar an athrú aeráide.

| Fochóras | Gné | Foghné | Cuid |
|---|---|---|---|
| Trádáil atá ábhartha don turasóireacht | Táirge turasóireachta | Cóiríocht | Óstáin |
| | | | Tithe Aíochta |
| | | | Tithe Leaba agus Bricfeasta |
| | | | Caighdeáin Fáilte |
| | | | Brúnna |
| | | | Féinfhreastal |
| | | | Carbhán agus Campáil |
| | | Áiteanna a mbíonn an-tóir ag cuairteoirí orthu | Gairdíní Cuairteoirí |
| | | | Nithe Nádúrtha is Díol Spéise |
| | | | Páirceanna Oidhreachta, Fóillíochta & Téama |
| | | | Zúnna, Uisceadáin, Feirmeacha Oscailte |
| | | | Músaeim, Gailearaithe |
| | | | Suíomhanna Stairiúla |
| | | | Ionaid Oidhreachta do Chuairteoirí |
| | | | Eispéiris Bhranda |
| | Trádáil eile | Soláthraithe gníomhaíochta | |
| | | Bia & deoch | Tithe tábhairne & beáir |
| | | | Bialanna |
| | | | Caiféanna |
| | | Treoraithe turais | |
| | | Oibreoirí isteach, CSFanna agus cóistí | |
| | | Seirbhís chauffeur | |
| | | Miondíol | |
| | | Clubanna gailf | |
| | | Eile | |
| Nithe eile is díol spéise agus gníomhaíochtaí eile | Cinn scríbe | Tránna | |
| | | Bailte | |
| | | Séadchomharthaí | |
| | | Cuanta / céanna | |
| | | Oileáin | |
| | Slatiascaireacht | | |
| | Conairí siúil | | |
| | Conairí rothaíochta | | |
| | Eile | | |
| Féilte & imeachtaí | Féilte | | |
| | Imeachtaí eile | | |

## 2.3. Comhthéacs an Bheartais Straitéisigh

### 2.3.1. Beartas Turasóireachta Idirnáisiúnta agus Beartas Turasóireachta an Aontais Eorpaigh

Féadann an turasóireacht cur, go díreach nó go hindíreach, le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) go léir na Náisiún Aontaithe. Tá sé curtha san áireamh go sonrach laistigh de na spriocanna i Sprioc 8, 12, agus 14, maidir le fás eacnamaíoch cuimsitheach agus inbhuanaithe, ídiú agus táirgeadh inbhuanaithe agus úsáid inbhuanaithe aigéan agus acmhainní mara, faoi seach.

Cuimsítear sa réimse tosaíochta 'Seasmhacht agus cuimsiú' sa Chlár Oibre Eorpach don Turasóireacht, 2030 athléimneacht seirbhísí agus ceann scríbe turasóireachta a fheabhsú chun freastal ar phobail éagsúla i ngach séasúr agus in ionaid éagsúla. Moltar do ghnólachtaí agus do chinn scríbe turasóireachta páirt a ghlacadh i ngníomhartha oiriúnaithe don athrú aeráide mar chuid d'aistriú glas thurasóireacht AE.

### 2.3.2. An Beartas Náisiúnta Turasóireachta

Foilsíodh creat beartais turasóireachta, 2025–2030 i mí na Samhna 2024, inar leagadh amach príomhchuspóirí beartais chun fás inbhuanaithe thurasóireacht na hÉireann a chinntiú i gcaitheamh na tréimhse go dtí 2030. I gClár an Rialtais *"Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú"* tugtar gealltanas chun beartas turasóireachta nua a fhoilsiú go dtí 2030, ina leagtar fís amach chun an earnáil a mhéadú ar fud na hÉireann. Léireofar sa bheartas nua Clár an Rialtais agus tosaíochtaí eile an rialtais, chomh maith le tacaíochtaí breise ar bith a mheas is gá a chur chun feidhme chun tacaíocht níos mó a thabhairt don earnáil.

### 2.3.3. Beartais Náisiúnta Ábhartha Eile

Ceann de na spriocanna sa *Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht* (PGNB) ná ról an dúlra a dhaingniú maidir le daoine, agus béim faoi leith curtha ar an turasóireacht, an oidhreacht, agus an teanga. Is é aidhm *Phlean Gníomhaíochta Uisce 2024*, arb é tríú Plean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann, dobharlaigh go léir na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú. Tugtar faoi deara ann go mbraitheann tionscal na turasóireachta in Éirinn ar an íomhá dínn mar oileán glas ina bhfuil iascach folláin lán; inbhir neamhthruaillithe gan algaí ná bláis algacha iomarcacha; agus tránna glana in aice le huiscí snámha dea-chaighdeáin. I *Leas a Bhaint as Ár nAcmhainní Aigéin* meastar go gcumasaíonn éiceachóras mara folláin cur chun cinn na turasóireachta mara.

*I dTodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann* áirítear uaillmhian chun an ceann scríbe is fearr le turasóirí le haghaidh gníomhaíochtaí faoin aer agus turasóireachta eachtraíochta a dhéanamh de thuath na hÉireann, rud a chuirfeadh deiseanna fostaíochta ar fáil i gceantair thuaithe (féach freisin *Téigh Amach Faoin Aer*). I *dTodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann* aithnítear an tábhacht a bhaineann leis an turasóireacht mhara agus chósta; I *bhFís Bhia 2030* luaitear an acmhainneacht atá ann chun éiceathurasóireacht tuaithe a fhorbairt. In *Ár nOileáin Bheo* tugtar faoi deara d'ainneoin go mbíonn roinnt oileán ag brath go traidisiúnta ar an turasóireacht le haghaidh fostaíochta agus ioncaim, go mbaineann brú le líon mór turasóirí, a d'fhéadfaí a mhaolú trí scaipeadh thar shéasúr ní b'fhaide. Tacaíonn cosaint na bithéagsúlachta agus gnáthóg le turasóireacht oileáin inbhuanaithe.


In *Oidhreacht Éireann 2030* aithnítear an tábhacht a bhaineann le hoidhreacht na hÉireann lena n-áirítear séadchomharthaí náisiúnta, láithreacha stairiúla agus aibhneacha intíre maidir le turasóirí a mhealladh. Ceann de na cuspóirí atá ann ná ról na hoidhreachta a chuimsiú sa turasóireacht inbhuanaithe.

### 2.3.4. Straitéisí agus Beartais Réigiúnacha agus Áitiúla maidir leis an Turasóireacht

Sna SRFTanna (féach cuid 2.2.2 Éileamh Turasóireachta) cuirtear creat straitéiseach ar fáil le haghaidh na 35 Phlean um Fhorbairt Cinn Scríbe agus Eispéiris (PFCSEnna) ar a mbeidh siad bunaithe (nuair a bheidh siad go léir forbartha), agus cuirtear bonn eolais faoi na Straitéisí Turasóireachta Údaráis Áitiúil.

### 2.3.5. Straitéisí Réigiúnacha Ábhartha Eile

I *Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, 2019-2031* déantar roinnt tagairtí d'ábharthacht na hoidhreachta nádúrtha agus cultúrtha, chomh maith leis na tírdhreacha measartha gan mhilleadh, i gcomhthéacs na turasóireachta. Cuireann an méadú ar an turasóireacht amuigh faoin aer i Lár na Tíre le hiarrachtaí Aistriú Cóir a dhéanamh ó úsáid móna chun fuinneamh a tháirgeadh. Tá bonneagar glas agus gorm chun tosaigh sa Straitéis seo, ó thaobh a chumais poist a chruthú tríd an turasóireacht agus an bhithéagsúlacht a chosaint. I *Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach an Deiscirt* aithnítear an tábhacht a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar thionchar fhorbairt agus bhonneagar na turasóireachta ar oidhreacht nádúrtha, seandálaíochta agus thógtha atá íogair. I *Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch an Iardheiscirt* luaitear gur gá an turasóireacht a fhorbairt sa séasúr seachbhuaice.




Radharc ón aer ar an Life, Cathair Bhaile Átha Cliath
© Gareth McCormack

# 3. Scagadh ar Thionchar Aeráide

## 3.1 Tionchair Aeráide Reatha

Maidir leis na Cúiseanna le Tionchar Aeráide seo a leanas (**CTAnna**; féach **Gluais**) / fuarthas amach go raibh roinnt tionchair ag guaiseacha (féach Aguisín I Modh a Úsáidtear le haghaidh Scagadh ar Thionchar Aeráide) ar ghné amháin ar a laghad d'earnáil na turasóireachta le 30 bliain anuas (Léaráid 3.1): báisteach os cionn an mheáin nó báisteach mhéadaithe nó aimsir neamhfhabhrach; báisteach faoi bhun an mheáin nó samhraí tirime; báisteach fhoircneach nó throm; tuilte báistiúla nó abhann; triomach hidreolaíoch; stoirmeacha; sneachta agus oighear nó aimsir shioctha nó sneachta trom; tuilte cósta; creimeadh nó maidhm charraige; tonn teasa mara nó téamh aigéin.




**Léaráid 3.1.** Teagmhais aimsire a raibh tionchar acu ar ghnéithe d'earnáil na turasóireachta in Éirinn 1995-2025.
Curtha in oiriúint ó stíl léaráide in RAFC (2024a).

Tugtar sampla de dhearcadh gnólachtaí turasóireachta maidir leis an tionchar a bhí ag an aimsir orthu i gcaitheamh bliain iomlán i gCás-Staidéar 3.1.

### Cás-Staidéar 3.1 Tionchar na haimsire in 2024 ar ghnólachtaí turasóireachta

Dar le daichead a trí faoin gcéad de fhreagróirí don suirbhé *Tourism Barometer* de chuid Fáilte Ireland ag deireadh 2024 (Fáilte Ireland 2025)[7] bhí laghdú tagtha ar mhéid a ngnó de bharr aimsir neamhghnách in 2024; mheas 42% nach raibh tionchar ar bith ag an aimsir sin; agus mheas 3% go raibh méadú tagtha ar mhéid a ngnó de bharr aimsir neamhghnách. Mar shampla, dar le freagróir ó chlub gailf i gCo. Mhaigh Eo chuir an teas millteanach i ndeisceart na hEorpa turasóirí níos faide i dtreo an tuaiscirt le haghaidh aimsir atá níos measartha. Níorbh eol do a dó dhéag faoin gcéad cé acu a bhí tionchar ag aimsir neamhghnách ar an méid gnó. Dar le céatadán an-ard (70%) de fhreagróirí ó chaiféanna bhí laghdú tagtha ar mhéid an ghnó mar thoradh ar aimsir neamhghnách. Bhí an tuairim sin curtha in iúl ag níos mó ná leath de pháirceanna carbháin, bialanna, soláthraithe gníomhaíochta agus gnólachtaí a bhaineann leis an turasóireacht i Sean-Oirthear na hÉireann.

Níor luaigh ach 33% de ghnólachtaí i mBaile Átha Cliath go raibh tionchar ag an aimsir ar *fheidhmiú* gnó in 2024, i gcomparáid le 56% i réigiúin eile. Níor imríodh tionchar ach ar 15% de ghnólachtaí in earnáil **na n-oibreoirí turais isteach** / CSF. Ba ag an mbáisteach throm (agus maidhm thuile dá barr) agus ag stoirmeacha gaoithe crua a raibh an tionchar ba mhó, agus ina dhiaidh sin bhí teocht faoi bhun an reophointe, borradh cumhachta stoirme agus sneachta trom. Ba chosúil gurbh iad páirceanna carbháin, soláthraithe gníomhaíochtaí agus caiféanna na cinn ba leochailí. Mar shampla, thug freagróir as caifé i gCo. Thiobraid Árann faoi deara gur cailleadh laethanta oibriúcháin mar gheall ar oighear agus ar shneachta trom. Ba mhó an seans go mbeadh tionchar ag tuilte screamhuisce ar pháirceanna carbháin i gcomparáid le hearnálacha eile.

## 3.2 Tionchair Aeráide sa Todhchaí

Beidh níos lú imní ag baint le guaiseacha áirithe de bharr an athraithe aeráide atá réamh-mheasta. Mar shampla, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar bháisteach sa samhradh, cé nach bhfuiltear cinnte faoi sin – rud a laghdódh aimsir neamhfhabhrach le haghaidh campála, mar shampla, le linn bhuaic an tséasúir. Meastar go rachaidh guaiseacha i laghad i ndáil le han-fhuacht. Ar an taobh eile den scéal, d’fhéadfadh gur mheasa an damáiste stoirme do chinn scríbe sa todhchaí, agus stoirmeacha ag éirí níos déine, cé nach dtarlódh an oiread sin acu. Rachaidh guaiseacha i ndáil le samhraí tirime agus báisteach throm i méid, chomh maith le creimeadh cósta agus téamh aigéin.

Maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn, measann Deignan *et al.* (2022) go bhféadann teochtaí níos airde agus a dtionchar ar thurasóirí agus ar bhaill foirne gnólachtaí turasóireachta a chur i mbaol. Mar shampla, féadann teochtaí arda an tsláinte a chur i mbaol, agus is dóchúil go mbeidh níos mó brú ar thaitneamhachtaí turasóra amhail tránna; d’fhéadfadh nach leanfaí ar aghaidh le roinnt turas nó gníomhaíochtaí dá mbeadh teochtaí ró-ard, agus d’fhéadfadh go laghdófaí compord paisinéirí ar iompar poiblí. Ní réamh-mheastar, áfach, go sroichfidh na teochtaí sa samhradh iad siúd ar gnách iad i gcinn scríbe turasóra a bhfuil éileamh mór orthu, i ndeisceart na Spáinne mar shampla *roimh* an athrú aeráide inbhraite, agus ní shroichfidh siad na teochtaí úd a mheasann turasóirí gur róthe iad (Rutty & Scott 2010).

Tá sé luaite ag údair éagsúla go bhféadfadh an turasóireacht tairbhe a bhaint as samhradh ní ba theo agus ní ba thirime, amhail méadú ar dheiseanna chun an turasóireacht a éagsúlú, rud a chuirfeadh le réimsí amhail an éiceathurasóireacht nó an turasóireacht gníomhaíochta (Kelly & Stack 2009, Sweeney *et al.* 2013). Luaigh Kelly & Stack (2009) go bhfuil sé seans maith go meallfadh teochtaí ní ba theo agus laghdú ar an mbáisteach shamhraidh turasóirí, go háirithe ó dheisceart na hEorpa

7 920 freagróir

áit a bhféadfadh an aeráid éirí míchompordach, agus go spreagfadh sé daoine freisin fanacht sa bhaile — coincheap a luaitear go minic i litríocht náisiúnta agus i litríocht idirnáisiúnta araon (e.g. Forfás 2010, Matei *et al.* 2023, GEC 2024). Baineann athrú féideartha ar phatrúin turasóireachta ní hamháin le míchompord turasóirí le teochtaí arda i gcinn scríbe a mbíonn éileamh mór orthu de ghnáth, ach freisin le rioscaí ó dhóiteáin foraoise (Nicholls 2014, Otrashenko & Nunes 2022, GEC 2024) agus ó ghanntanais uisce agus ó chreimeadh ar thránna na Meánmhara (e.g. Forfás 2010). Fuarthas amach i suirbhé a rinne an Coimisiún Eorpach um Thaisteal (CET) (2023), áfach nach raibh imní ach ar 7.6% de na freagróirí faoi theagmhais adhaimsire (ba lú sin ná líon na bhfreagróirí a raibh imní orthu faoi chostais mhéadaithe, airgead pearsanta, cogadh, polasaithe áirithinte agus cealúcháin e.g.maidir le haisíocaíochtaí, agus an iomarca turasóirí sna cinn scríbe ar mhian leo cuairt a thabhairt orthu). Ar an taobh eile den scéal, d’aontaigh 28% de na 1,000 freagróir suirbhé de chuid Thurasóireacht Éireann in 2023 i ngach ceann de na seacht margadh go raibh éifeacht ag teagmhais adhaimsire amhail tonnta teasa ar a rogha cinn scríbe saoire. D’fhéadfadh go roghnódh turasóirí na tíortha céanna sa todhchaí ach go rachaidís chuig áiteanna difriúla sna tíortha sin (féach e.g. Barrutiabengoa *et al.* 2024), nó go rachaidís chuig na cinn scríbe chéanna ach ag tráth difriúil den bhliain (Destination Analysts 2019, GREC-SUD 2024, Nam *et al.* 2024).

## 3.3 Athrú ar Dhéimeagrafaic agus Treochtaí Turasóireachta

Réamh-mheastar go dtiocfaidh fás suntasach ar dhaonra na hÉireann (POS 2024c). D’fhéadfadh go dtiocfadh athrú freisin ar scaipeadh an daonra in Éirinn, ar aon dul le fás beartaithe lasmuigh de na cathracha (dréacht athbhreithnithe den *Chreat Náisiúnta Pleanála* (CNP)) agus le costas méadaithe tithe agus cíosa sna cathracha.

Go domhanda (Peeters & Papp, 2023), agus go háirithe san AE-28 (Eagraíocht Dhomhanda Turasóireachta na Náisiún Aontaithe - EDTNA, 2013), meastar go bhfásfaidh an turasóireacht go tapa sna blianta atá romhainn, agus tuarann Turasóireacht Éireann go mbainfidh Éire tairbhe as an bhfás sin freisin.

Cuirfidh méadú ar an daonra agus ar líon na dturasóirí le nochtadh méadaithe do ghuaiseacha aeráide agus d’fhéadfadh go mbeadh cuid de na tionchair ní ba mheasa dá bharr.

Tá an daonra in Éirinn agus i margaí móra turasóireachta na hÉireann ag dul in aois (Eurostat 2020, POS 2024c, Leabharlann Theach na dTeachtaí 2024, PRB 2024), agus an toradh a d’fhéadfadh a bheith air sin ná méadú ar chion na gcuairteoirí breacaosta, a d’fhéadfadh a bheith réasúnta leochaileach ó thaobh teocht níos airde, agus d’fhéadfadh freisin go bhforleathfadh na rioscaí chuig Earnáil na Sláinte.

Tá roinnt impleachtaí ag baint leis an athrú sin ar mheánaois turasóirí freisin don séasúr ina mbíonn turasóirí ag taisteal: is dóchúla go seachnóidh turasóirí breacaosta teochtaí atá ag éirí níos airde sa samhradh i gcónaí i ndeisceart na hEorpa. Is dóchúil, áfach, go mbeidh sé ar a gcumas taisteal chuig an réigiún céanna lasmuigh de phríomhshéasúr na dturasóirí, seachas cinn scríbe a roghnú níos faide ó thuaidh san Eoraip ina mbíonn an samhradh níos séimhe. Tá an chuma air go rachaidh an cion de dhaonra na ndaoine fásta nach bhfuil leanaí acu in AE i méid faoi 2050 (Eurocontrol 2021), rud a mhéadóidh cion na bpaisinéirí a bheidh in ann leas a bhaint as an tréimhse níos faide réamh-mheasta ina mbeidh an aeráid is fearr don turasóireacht san Eoraip. Cé go bhféadfadh sé sin an deis a mhéadú chun an séasúr a shíneadh in Éirinn, d’fhéadfadh go roghnódh turasóirí atá in ann taisteal uair ar bith sa bhliain dul chuig na cinn scríbe chéanna is a théann siad anois ach teas millteanach an tsamhraidh a sheachaint.

## 3.4 Iarmhairtí Earnála an Athraithe Aeráide

Tar éis Scagadh ar Thionchar Aeráide, sainaithníodh sraith de 10 riosca/ ndeis d’earnáil na turasóireachta (Tábla 3.1). Tá práinn éagsúil i gceist idir mionteagasc faire a choimeád go gá le gníomh a ghlacadh anois. Tá sé tábhachtach a aithint maidir le go leor de na gníomhartha a bheidh ag teastáil chun dul i ngleic leis na rioscaí sin, go mbeidh ar ghníomhairí laistigh d’earnáil na turasóireachta féin aghaidh a thabhairt orthu agus dá bharr sin tabharfar aghaidh orthu in POEnna eile.

**Tábla 3.1.** Achoimre ar rioscaí agus ar dheiseanna aeráide d'earnáil na turasóireachta in Éirinn, agus na hiarmhairtí measta orthu faoi láthair ó thaobh na hearnála, agus faoi lár agus dheireadh an chéid, ar mhuinín as na tascanna tábhachtacha agus ar phráinn ó thaobh gá le gníomh a ghlacadh.

| Uimh. | Ráiteas tionchair | Am | BTI | Iarmhairtí | (muinín) | Práinn |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Minicíocht mhéadaithe tuilte i gcinn scríbe agus i ngnólachtaí agus i saoráidí turasóireachta, rud a bhfuil damáiste, dúntaí sealadacha go fadtéarmacha, caillteanas ioncaim, riosca árachais agus tairiscintí turasóireachta laghdaithe mar thoradh air | **Faoi láthair** | | *Suntasach* | (an-ard) | **Níos mó gníomhartha de dhíth** |
| | | **2050** | 4.5 | *Suntasach* | (ard) | |
| | | | 8.5 | *Suntasach* | (ard) | |
| | | **2100** | 4.5 | *Criticiúil* | (ard) | |
| | | | 8.5 | *Criticiúil* | (ard) | |
| 2 | Athrú cósta agus creimeadh atá níos tapa, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra rochtain a fháil ar thaitneamhachtaí do chuairteoirí nó is cúis le damáiste dóibh nó a mbá nó meath ar a gcáilíocht | **Faoi láthair** | | *Teoranta* | (ard) | **Níos mó gníomhartha de dhíth** |
| | | **2050** | 4.5 | *Suntasach* | (íseal) | |
| | | | 8.5 | *Suntasach* | (íseal) | |
| | | **2100** | 4.5 | *Suntasach* | (íseal) | |
| | | | 8.5 | *Criticiúil* | (íseal) | |
| 3 | Teochtaí níos teo agus imghalú níos mó, chomh maith le samhraí níos tirime, rud is cúis le dúshláin mhéadaithe roimh bhainistiú fásra agus riosca méadaithe dóiteáin, sreafaí abhann laghdaithe agus fáil acmhainní uisce laghdaithe | **Faoi láthair** | | *Teoranta* | (ard) | **Níos mó gníomhartha de dhíth** |
| | | **2050** | 4.5 | *Suntasach* | (íseal) | |
| | | | 8.5 | *Suntasach* | (íseal) | |
| | | **2100** | 4.5 | *Suntasach* | (íseal) | |
| | | | 8.5 | *Suntasach* | (íseal) | |
| 4 | Mar thoradh ar theochtaí níos teo, meastar aeráid na hÉireann a bheith níos oiriúnaí don turasóireacht, rud a mbeidh éileamh méadaithe turasóirí mar thoradh air agus a éascóidh éagsúlú agus síneadh an tséasúir | **Faoi láthair** | | *Teoranta* | (ard) | **Tuilleadh fiosraithe de dhíth** |
| | | **2050** | 4.5 | *Teoranta* | (íseal) | |
| | | | 8.5 | *Suntasach* | (an-íseal) | |
| | | **2100** | 4.5 | *Suntasach* | (an-íseal) | |
| | | | 8.5 | *An-ard* | (an-íseal) | |
| 5 | Méid ollmhór báistí a dhéanann damáiste do chonairí siúil, a chuireann le riosca ó éilliú uisce snámha, a imríonn tionchar ar an turasóireacht trá agus a laghdaíonn deiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí uiscebhunaithe | **Faoi láthair** | | *Teoranta* | (an-ard) | **Tuilleadh fiosraithe de dhíth** |
| | | **2050** | 4.5 | *Teoranta* | (measartha) | |
| | | | 8.5 | *Suntasach* | (measartha) | |
| | | **2100** | 4.5 | *Suntasach* | (measartha) | |
| | | | 8.5 | *Suntasach* | (measartha) | |

| Uimh. | Ráiteas tionchair | Am | BTI | Iarmhairtí | (muinín) | Práinn |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **6** | Aertheocht mhéadaithe a laghdaíonn compord turasóirí agus foirne in earnáil na turasóireachta, rud a fhágann go bhfuil ar ghnólachtaí turasóireachta athruithe a dhéanamh | **Faoi láthair** | | *Ní féidir é a bhrath go fóill* | | **Tuilleadh fiosraithe de dhíth** |
| | | **2050** | 4.5 | *Teoranta* | (íseal) | |
| | | | 8.5 | *Suntasach* | (íseal) | |
| | | **2100** | 4.5 | *Suntasach* | (íseal) | |
| | | | 8.5 | *Suntasach* | (íseal) | |
| **7** | Báisteach mhéadaithe is cúis le damáiste d’fhoirgnimh stairiúla, láithreáin seandálaíochta agus cúrsaí gailf, agus a laghdaíonn éileamh na dturasóirí le linn shéasúir na báistí | **Faoi láthair** | | *Teoranta* | (ard) | **Tuilleadh fiosraithe de dhíth** |
| | | **2050** | 4.5 | *Teoranta* | (measartha) | |
| | | | 8.5 | *Teoranta* | (measartha) | |
| | | **2100** | 4.5 | *Suntasach* | (measartha) | |
| | | | 8.5 | *Suntasach* | (measartha) | |
| **8** | Cur isteach leanúnach ar oibríochtaí taistil agus turasóireachta de bharr stoirmeacha, agus déine mhéadaithe na stoirmeacha is cúis le damáiste do chinn scríbe turasóireachta agus d’áiteanna tarraingthe do chuairteoirí | **Faoi láthair** | | *Teoranta* | (an-ard) | **Gníomh reatha a choimeád ag imeacht** |
| | | **2050** | 4.5 | *Teoranta* | (ard) | |
| | | | 8.5 | *Teoranta* | (ard) | |
| | | **2100** | 4.5 | *Teoranta* | (ard) | |
| | | | 8.5 | *Teoranta* | (ard) | |
| **9** | Fuacht foircneach is cúis le hoighear nó sneachta, rud a fhágann go ndúntar áiteanna a mbíonn an-tóir orthu agus go gcuirtear eitiltí agus báid farantóireachta ar ceal, agus a chuireann isteach ar thaisteal ar na bóithre agus ar an iarnród | **Faoi láthair** | | *Teoranta* | (an-ard) | **Gníomh reatha a choimeád ag imeacht** |
| | | **2050** | 4.5 | *Teoranta* | (an-ard) | |
| | | | 8.5 | *Teoranta* | (an-ard) | |
| | | **2100** | 4.5 | *Teoranta* | (an-ard) | |
| | | | 8.5 | *Teoranta* | (an-ard) | |
| **10** | Téamh agus aigéadú na n-aigéan is cúis le hathruithe ar chomhdhéanamh na speiceas muirí, rud a imríonn tionchar ar shnámh farraige agus ar an turasóireacht dúlra mhuirí | **Faoi láthair** | | *Teoranta* | (an-ard) | **Mionteagasc faire** |
| | | **2050** | 4.5 | *Teoranta* | (ard) | |
| | | | 8.5 | *Teoranta* | (ard) | |
| | | **2100** | 4.5 | *Teoranta* | (ard) | |
| | | | 8.5 | *Teoranta* | (ard) | |

## 3.5 Achoimre ar na Slabhraí Tionchair Aeráide

Léirítear na príomhrioscaí agus na príomhdheiseanna atá i ndán d'earnáil na turasóireachta in Éirinn i ndáil leis an aeráid, agus iad bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar shlabhraí tionchair aeráide, thíos. Tá forléargas níos mionsonraithe curtha ar fáil in Aguisín II. San achoimre sainaithnítear príomhghuaiseacha, leochaileachtaí earnála agus torthaí cascáideacha an athraithe aeráide, agus aird á tarraingt freisin ar bhearta oiriúnaitheacha reatha agus féideartha. Ní mór a aithint, áfach, go bhfuil raon leathan torthaí féideartha ann agus go bhfuil éiginnteacht fós ann maidir le treo agus méid an athraithe atá réamh-mheasta. Ba cheart aird a tharraingt freisin ar an bpointe go dtabharfar faoi go leor de na bearta oiriúnaitheacha sin mar chuid den fhreagairt i gcoitinne ar an athrú aeráide, ach gurb é an aidhm atá i gceist leo tacú le forbairt beartais fhianaisebhunaithe agus pleanáil straitéiseach chun athléimneacht agus inbhuanaitheacht na turasóireachta a fheabhsú agus an aeráid ag athrú).

### 3.5.1. Tuilte

Minicíocht mhéadaithe tuilte i gcinn scríbe agus i ngnólachtaí agus i saoráidí turasóireachta, rud a bhfuil damáiste, dúntaí sealadacha go fadtéarmacha, caillteanas ioncaim, riosca árachais agus tairiscintí turasóireachta laghdaithe mar thoradh air.

**Guaiseacha:** Méadú ar thuilte abhann, báistiúla agus cósta mar gheall ar mhéadú ar fhrasaíocht agus leibhéil na farraige.

**Leochaileachtaí:** Íogaireacht ard i gceantair turasóra cósta agus i gceantair taobh le haibhneacha; acmhainn íseal oiriúnaitheach mar gheall ar bhrath ar chosaint sheachtrach ar thuilte.

**Tionchair:** Damáiste do bhonneagar, dúntaí, caillteanas ioncaim, rioscaí don tsláinte phoiblí agus dochar do chlú.

**Bearta Oiriúnaitheacha:** Measúnuithe riosca i gcás tuilte, pleananna práinnfhreagartha, réitigh dhúlrabhunaithe (RdB), feabhas ar dhraenáil agus oiliúint pobail.

### 3.5.2. Creimeadh Cósta

Athrú cósta níos tapúla agus creimeadh cósta is cúis le deacrachtaí maidir le rochtain nó damáiste, bá nó meath ar cháilíocht áiseanna cuairteoirí.

**Guaiseacha:** Creimeadh luathaithe mar thoradh ar ardú ar leibhéal na farraige, stoirmeacha agus gníomhaíocht dhaonna.

**Leochaileachtaí:** Tá siad ard i gcóstaí bogdhríodair agus i láithreáin oidhreachta; ní féidir an creimeadh a leigheas.

**Tionchair:** Caillteanas tránna, gnáthóg agus bonneagair; deacrachtaí rochtana; damáiste do chlú.

**Bearta Oiriúnaitheacha:** Cobhsú dumhcha, bainistíocht cuairteoirí, faireachán ar chreimeadh agus bainistíocht chomhtháite ar chriosanna cósta.

### 3.5.3. Samhraí Níos Teo, Níos Tirime

Teochtaí níos teo agus imghalú níos mó, chomh maith le samhraí níos tirime, rud is cúis le dúshláin mhéadaithe roimh bhainistiú fásra agus riosca méadaithe dóiteáin, sreafaí abhann laghdaithe agus fáil acmhainní uisce laghdaithe.

**Guaiseacha:** Méadú ar imghalú, ar fhás fásra agus ar riosca triomaigh.

**Leochaileachtaí:** Íogaireacht mheasartha; acmhainn oiriúnaitheach ard le húsáid éifeachtach uisce.

**Tionchair:** Ganntanais uisce, riosca falscaí, damáiste do shócmhainní nádúrtha agus tógtha agus laghdú ar cháilíocht uisce.

**Bearta Oiriúnaitheacha:** Caomhnú uisce, bainistíocht riosca dóiteáin, tírdhreachú a sheasann triomach, agus feabhas ar chórais uiscithe.

### 3.5.4. Aeráid Níos Tarraingtí le haghaidh na Turasóireachta

Mar thoradh ar theochtaí níos teo, meastar aeráid na hÉireann a bheith níos oiriúnaí don turasóireacht, rud a mbeidh éileamh méadaithe turasóirí mar thoradh air agus a éascóidh éagsúlú agus síneadh an tséasúir

**Guaiseacha:** Samhraí níos teo, níos tirime a fheabhsóidh Tourism Climate Index (TCI).

**Deiseanna:** Síneadh ar shéasúr na turasóireachta, méadú ar éileamh agus éagsúlú.

**Tionchair:** Méadú ar ioncam, feabhas ar mheanma na foirne, séasúr turasóireachta níos faide agus acmhainneacht don turasóireacht athghiniúnach.

**Bearta Oiriúnaitheacha:** Infheistíocht i mbonneagar, bainistíocht cuairteoirí, margaíocht spriocdhírithe agus faireachán ar astaíochtaí.

### 3.5.5. Báisteach Fhoircneach

Méid ollmhór báistí a dhéanann damáiste do chonairí siúil, a chuireann le riosca ó éilliú uisce snámha, a imríonn tionchar ar an turasóireacht trá agus a laghdaíonn deiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí uiscebhunaithe.

**Guaiseacha:** Teagmhais báistí troime ag éirí níos minice.

**Leochaileachtaí:** Measartha; tionchair áitiúla.

**Tionchair:** Damáiste do chonairí, éilliú uisce, dúnadh tránna agus laghdú ar dheiseanna spórt uisce.

**Bearta Oiriúnaitheacha:** Treisiú conairí, faireachán ar cháilíocht uisce, fógraí comhairleacha don phobal agus uasghráduithe ar bhonneagar.

### 3.5.6. Tonnta Teasa

Aertheocht mhéadaithe a laghdaíonn compord turasóirí agus foirne in earnáil na turasóireachta, rud a fhágann go bhfuil ar ghnólachtaí turasóireachta athruithe a dhéanamh.

**Guaiseacha:** Uasteochtaí ag dul in airde agus tonnta teasa níos minice.

**Leochaileachtaí:** Íseal ar an iomlán, ach níos airde do ghrúpaí daoine breacaosta agus leochaileacha.

**Tionchair:** Míchompord, rioscaí don tsláinte, méadú ar an éileamh ar fhuinneamh agus ar uisce agus dochar do chlú.

**Bearta Oiriúnaitheacha:** Scáthú, aeráil, athruithe ar sceidil, prótacail sláinte agus fuarú tíosach ar fhuinneamh.

### 3.5.7. Báisteach Mhéadaithe san Fhómhar, sa Gheimhreadh agus san Earrach

Báisteach mhéadaithe a chuireann damáiste d'fhoirgnimh stairiúla, láithreáin seandálaíochta agus chúrsaí gailf, agus a laghdaíonn éileamh na dturasóirí le linn shéasúir na báistí

**Guaiseacha:** Méadú ar bháisteach shéasúrach agus ar dhéine stoirmeacha.

**Leochaileachtaí:** Measartha; tionchair ar oidhreacht agus ar thurasóireacht faoin aer.

**Tionchair:** Damáiste struchtúrach, laghdú ar éileamh turasóra agus méadú ar chostais chothabhála.

**Bearta Oiriúnaitheacha:** Cláir chaomhantais, bonneagar uile-aimsire agus pleanáil i gcomhair gníomhaíochtaí séasúracha.

### 3.5.8. Stoirmeacha

Cur isteach leanúnach ar oibríochtaí taistil agus turasóireachta de bharr stoirmeacha, agus déine mhéadaithe na stoirmeacha is cúis le damáiste do chinn scríbe turasóireachta agus d'áiteanna tarraingthe do chuairteoirí

**Guaiseacha:** Níos lú stoirmeacha ach iad níos déine.

**Leochaileachtaí:** Measartha; ceantair chósta agus foraoise is mó a bheidh neamhchosanta.

**Tionchair:** Damáiste do bhonneagar, dúntaí, cur isteach ar thaisteal agus rioscaí do shábháilteacht an phobail.

**Bearta Oiriúnaitheacha:** Measúnuithe riosca, pleanáil éigeandála, bonneagar athléimneach agus feabhas ar chórais chumarsáide.

### 3.5.9. Fuacht Foircneach

Fuacht foircneach is cúis le hoighear nó sneachta, rud a fhágann go ndúntar áiteanna a mbíonn an-tóir orthu agus go gcuirtear eitiltí agus báid farantóireachta ar ceal, agus a chuireann isteach ar thaisteal ar na bóithre agus ar an iarnród.

**Guaiseacha:** Laghdú ar mhinicíocht laethanta seaca agus oighir.

**Leochaileachtaí:** Íseal; is sealadach na tionchair.

**Tionchair:** Cur isteach ar thaisteal, dúntaí agus méadú ar chostais téimh.

**Bearta Oiriúnaitheacha:** Feachtais maidir le hullmhacht chun an gheimhridh, sceidealú solúbtha agus feabhsuithe ar inrochtaineacht.

### 3.5.10. Téamh Aigéin

Téamh agus aigéadú na n-aigéan is cúis le hathruithe ar chomhdhéanamh na speiceas muirí, rud a imríonn tionchar ar shnámh farraige agus ar an turasóireacht dúlra mhuirí

**Guaiseacha:** Méadú ar theochtaí farraige agus aigéadú.

**Leochaileachtaí:** Íseal; an turasóireacht dúlra ag forbairt fós.

**Tionchair:** Athruithe ar bhithéagsúlacht mhuirí, laghdú ar tharraingteacht ceann scríbe cósta agus rioscaí don tsláinte.

**Bearta Oiriúnaitheacha:** Rialú ar thruailliú, faireachán ar bhithéagsúlacht agus straitéisí oiriúnaitheacha le haghaidh na turasóireachta dúlra.



Na Blascaodaí, Co. Chiarraí
©Therese Ahern do Thurasóireacht Éireann

# 4. Spriocanna agus Gníomhartha Oiriúnaithe

## 4.1 Fís agus Spriocanna Oiriúnaithe

Forbraíodh fís agus spriocanna chun an fhís sin a réadú agus iad bunaithe ar an tuiscint a fuarthas le linn Chéim 1-4 den Phleanáil Oiriúnaithe.

**An fhís atá i gceist d'earnáil na turasóireachta in Éirinn ná go gcuirfí an earnáil in oiriúint go hinbhuanaithe agus go réamhghníomhach do na dúshláin agus do na deiseanna a bhaineann le haeráid atá ag athrú chun tarraingteacht na hÉireann a choinneáil do dhaoine ar saoire, agus chun tacú le pobail athléimneacha ar fud na hÉireann trí dheiseanna fostaíochta agus eacnamaíocha a sholáthar go dtí deireadh an chéid.**

**Sprioc 1: Tuiscint earnáil na turasóireachta a mhéadú** ar an ngaol idir athróga aeráide agus earnáil na turasóireachta in Éirinn, chun ár gcumas a fheabhsú dul i ngleic le tionchair an athraithe aeráide ar an earnáil.

**Sprioc 2: Feasacht choiteann a chothú** ar an athrú aeráide agus ar a thionchair, mar aon leis na céimeanna riachtanacha chun athléimneacht a fhorbairt, ar fud earnáil na turasóireachta in Éirinn go háirithe i measc na bpobal atá ag brath ar an turasóireacht.

**Sprioc 3: Athléimneacht a thógáil** chun iarmhairtí na rioscaí aeráide is suntasaí d'earnáil na turasóireachta a laghdú.

Le linn an mheasúnaithe tionchair ar an aeráid, tháinig sé chun solais nach dtuigtear go maith an gaol idir guaiseacha aeráide agus an turasóireacht in Éirinn. Tá taighde cuimsitheach lena ndéanfar measúnú ar thionchair ar ghnólachtaí turasóireachta, agus ar thurasóirí, bunriachtanach, chun éiginnteacht a laghdú maidir le tionchair réamh-mheasta. *(Sprioc 1)*

Cé gur mhéadaigh an earnáil a feasacht faoin ngá le dícharbónú le blianta beaga anuas, is lú an fheasacht atá ann maidir le *tionchair* an athraithe aeráide agus an gá le hullmhú. Mar sin tá feasacht a ardú i gcaitheamh na gcúig bliana atá le teacht ina gné thábhachtach den Phlean seo. *(Sprioc 2)*

Ar deireadh, má thosaíonn an earnáil anois ar a hathléimneacht i leith an athraithe aeráide a fheabhsú, beidh sí ullamh go maith do na tionchair amach anseo. *(Sprioc 3)*

## 4.2 Acmhainní don Oiriúnú

Beidh gá le maoiniú Státchiste chun gníomhartha oiriúnaithe don athrú aeráide a chomhtháthú sa chinnteoireacht agus i mbeartais thar gach earnáil ábhartha. Ina theannta sin, beidh ar na gníomhaireachtaí poiblí ábhartha a chinntiú go mbeidh acmhainní daonna leordhóthanacha ar fáil chun spriocanna an POE seo a chur i gcrích.

Chun go n-éireodh le hoiriúnú is gá anailís ar thionchair an athraithe aeráide amach anseo a phríomhshruthú sa chinnteoireacht agus i mbeartais ar fud gach earnála ábhartha. Tá sé tábhachtach go n-áireofaí leis sin maoiniú, infheistíocht chaipitil agus caiteachas poiblí atá leordhóthanach a leithdháileadh ar bhearta oiriúnaithe, amhail bainistíocht riosca i gcás tuilte agus bearta leithne sna hearnálacha ábhartha. Tá sé mar sprioc shoiléir, áfach, nach gcuirfí ualach airgeadais nó maorlathach breise ar bith ar fhiontair aonair. Beidh gach gníomh oiriúnaithe sa Phlean seo faoi stiúir na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (RFTF) agus a gníomhaireachtaí, i gcomhar le tionscal na turasóireachta, agus lena ionchur, de réir mar is cuí.

## 4.3 Gníomhartha Oiriúnaithe

Cé nach bhfuil impleachtaí móra ó thaobh acmhainní ag gabháil le cuid de na gníomhartha beartaithe thíos, admhaítear nach féidir gníomhartha eile a chur chun feidhme ach má leithdháiltear acmhainní breise ar na príomhghníomhaireachtaí ábhartha. Dá réir sin, beidh gá le bearta oiriúnaithe don athrú aeráide a bhreithniú go hiomlán mar chuid de gach plé buiséadach amach anseo.

Laistigh de gach ceann de na Spriocanna Oiriúnaithe, forbraíodh gníomhartha chun a chinntiú go mbainfear amach na Spriocanna sin laistigh de chúig bliana shaolré an Phlean Oiriúnaithe seo. Maidir le cur chun feidhme, beidh ar an bhFoireann Cur Chun Feidhme (féach Roinn 5.1) a chinntiú go bhfuil torthaí soiléire le tuiscint i leith gach Gnímh atá liostaithe, agus go bhfuil na PTFanna a ghabhann leo leordhóthanach.

Leanfaidh go leor de na Gníomhartha sin ar aghaidh tar éis 2030, agus nuashonrófar nó leasófar iad in POEnna le haghaidh na Turasóireachta amach anseo.

### Sprioc 1: Tuiscint a mhéadú

| **Gníomh 1.1: Taighde a choimisiúnú chun spriocanna bonnlíne agus athléimneachta aeráide le haghaidh earnáil na turasóireachta a shainiú, a léiríonn na bagairtí / na deiseanna reatha, agus a bheidh mar threoir ag iarrachtaí oiriúnaithe amach anseo** | |
|---|---|
| **Treoraithe ag:** RFTF | |
| **Páirtithe Leasmhara: Fáilte Ireland,** Met Éireann, Turasóireacht Éireann, an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC), ORGA, GCC, gnólachtaí turasóireachta & gnólachtaí gaolmhara, agus an Chónaidhm Thionscal Turasóireachta na hÉireann (CTTÉ) | |
| **Cur i gcrích:** | R3 2030 |
| Garspriocanna: | |
| Togra tionscadail a cheapadh: | R3 2026 |
| Taighde a thosú: | R3 2027 |
| Tús a chur le faireachán ar tháscairí: | R1 2028 |
| Spriocanna cuí a shocrú: | R4 2029 |
| **Táscaire cur chun feidhme / aschur:** Tuarascáil taighde | |
| Costáil & acmhainní a fháil: Thart ar €300 k a mheas. Féadfar foinse mhaoinithe a sholáthar don ghníomh sin le cláir thaighde iomaíocha amhail iad siúd arna reáchtáil ag GCC. | |
| Comhthéacs: Beidh sé sin ina phríomhghníomh chun a chinntiú go mbeidh tuiscint ar ábharthacht an athraithe aeráide don earnáil seo (lena n-áirítear tuiscint ar na tionchair eacnamaíocha) níos doimhne i gceann cúig bliana ná mar atá sí faoi láthair. | |
| Saincheisteanna beartais trasearnála ábhartha: Cósta, timpeallacht Uirbeach, tionchar ar Shláinte, timpeallacht Thógtha | |
| Ábhartha do POEnna eile: Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha & Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Timpeallacht Thógtha & Pleanáil, Sláinte, Talmhaíocht, Cáilíocht an Uisce, Bonneagar Seirbhísí Uisce | |
| Prionsabail oiriúnaithe ábhartha: Athléimneacht chóir, Mí-Oiriúnú a sheachaint, Réitigh Nádúrbhunaithe | |
| Straitéisí ábhartha: *Clár Oibre Eorpach maidir leis an Turasóireacht, 2030*, *an Creat Beartais Turasóireachta, 2025-2030, Oidhreacht Éireann 2030, Téigh Amach Faoin Aer, Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann, Leas a Bhaint as Ár nAcmhainní Aigéin, Ár nOileáin Bheo, Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht, an Plean Gníomhaíochta Uisce, 2024, an Plean Náisiúnta chun Ailse Chraicinn a Chosc, 2023-2026* | |

**Gníomh 1.1: Taighde a choimisiúnú chun spriocanna bonnlíne agus athléimneachta aeráide le haghaidh earnáil na turasóireachta a shainiú, a léiríonn na bagairtí / na deiseanna reatha, agus a bheidh mar threoir ag iarrachtaí oiriúnaithe amach anseo**

SDGanna Ábhartha:

**Gníomh 1.2: Anailís a dhéanamh ar an mbearna scileanna maidir le hoiriúnú (agus RdB/bithéagsúlacht b'fhéidir) ar fud earnáil na turasóireachta agus an clár oiliúna a shaincheapadh dá réir**

**Treoraithe ag:** Fáilte Ireland

**Páirtithe Leasmhara:** RFTF

**Cur i gcrích:** R2 2026

**Táscaire cur chun feidhme / aschur:** Plé trí mheán suirbhé leantaigh

Costáil & acmhainní a fháil: Le Deimhniú

Comhthéacs: Cuirfidh sé sin béim ar na bearnaí scileanna laistigh den earnáil ionas go reáchtálfar oiliúint spriocdhírithe. Cuirfidh sé sin le forbairt feasachta coitinne ar an athrú aeráide agus ar a thionchair, chomh maith leis na céimeanna riachtanacha chun athléimneacht a fhorbairt agus tairbhe a bhaint as aon deiseanna a bhaineann leis an athrú aeráide ar fud earnáil na turasóireachta in Éirinn, go háirithe i measc na bpobal atá ag brath ar an turasóireacht.

SDGanna Ábhartha:

**Gníomh 1.3: Ceisteanna a chomhtháthú, de réir mar is cuí, i suirbhéanna ábhartha Fáilte Ireland, mar shampla, Tourism Barometer, maidir le taithí gnólachtaí turasóireachta ar thionchair na haimsire**

**Treoraithe ag:** Fáilte Ireland

**Páirtithe Leasmhara:** RFTF

**Cur i gcrích:** R1 2030

Garspriocanna:

| | |
|---|---|
| Slat Tomhais 2025: | R1 2026 |
| Slat Tomhais 2026: | R1 2027 |
| Slat Tomhais 2027: | R1 2028 |
| Slat Tomhais 2028: | R1 2029 |
| Slat Tomhais 2029: | R1 2030 |

**Táscaire cur chun feidhme / aschur:** Plé leis na ceisteanna ábhartha

Costáil & acmhainní a fháil: Ba cheart go mbeadh na hacmhainní reatha leordhóthanach, ós rud é go ndéanann Fáilte Ireland suirbhéanna rialta cheana féin, agus cuireadh tús le comhtháthú ceisteanna a bhaineann leis an aimsir in 2024 le linn fhorbairt an phlean seo (féach Cás Staidéir 3.1).

Comhthéacs: Gheofar léargas leis sin le himeacht ama ar thionchar na haimsire ar an tionscal agus méadófar leis feasacht ar thionchair an athraithe aeráide (Sprioc 2) ar fud an tionscail freisin.

**Gníomh 1.3: Ceisteanna a chomhtháthú, de réir mar is cuí, i suirbhéanna ábhartha Fáilte Ireland, mar shampla, Tourism Barometer, maidir le taithí gnólachtaí turasóireachta ar thionchair na haimsire**

SDGanna Ábhartha:

**Gníomh 1.4: Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairisciú seintiminte custaiméirí agus é a leasú chun tuairimí lucht saoire maidir le tionchair aeráide a áireamh, chomh maith leis na tosca a bhaineann leis an aeráid a mbíonn tionchar acu ar a rogha cinn scríbe saoire**

**Treoraithe ag:** Turasóireacht Éireann

**Páirtithe Leasmhara:** RFTF

| | |
|---|---|
| **Cur i gcrích:** | R3 2030 |
| Garspriocanna: | |
| Suirbhé a cheapadh: | R3 2026 |
| Suirbhé tosaigh: | R3 2027 |
| An suirbhé a athdhearadh, agus úsáid á baint as an eolas atá faighte: | R3 2028 |
| 2ú suirbhé: | R3 2029 |

**Táscaire cur chun feidhme / aschur:** Rannpháirtíocht sa suirbhé

Costáil & acmhainní a fháil: Ba cheart gur leor na hacmhainní reatha, toisc go bhfuil foireann sonraí agus léargas ag Turasóireacht Éireann atá inniúil maidir leis an gcineál sin oibre.

Comhthéacs: Nochtadh leis an scagadh ar thionchar aeráide nach eol mórán maidir le cé acu a spreagfadh nó a dhíspreagfadh athruithe aeráide saoire in Éirinn – tabharfar aghaidh leis an ngníomh sin ar an mbearna eolais sin.

SDGanna Ábhartha:

**Gníomh 1.5: Iarmhairtí earnála a bhaineann leis na rioscaí/na deiseanna a shainaithnítear sa Phlean seo a mheas, tar éis chur chun feidhme an Phlean, chun eolas a dhéanamh don chéad phlean oiriúnaithe eile**


**Treoraithe ag:** RFTF

**Páirtithe Leasmhara:** RAFC

| | |
|---|---|
| **Cur i gcrích:** | R4 2030 |
| Garspriocanna: | |
| An acmhainn oiriúnaithe reatha (2030) a dhéanamh amach le haghaidh gach riosca agus gach deise: | R4 2030 |
| Slabhraí tionchair aeráide a fhorbairt agus iarmhairtí earnála a mheas agus úsáid á baint as an gcur chuige céanna agus as na réamh-mheastacháin chéanna is a úsáidtear sa Phlean seo: | R4 2030 |

**Táscaire cur chun feidhme / aschur:** Meastacháin nua ar iarmhairtí earnála san áireamh sa chéad POE eile

Costáil & acmhainní a fháil: Ba cheart gur leor na hacmhainní reatha, toisc go bhfuil an obair atá i gceist comhionann leis an obair nó níos lú ná an obair a bhaineann leis na hiarmhairtí earnála a mheas atá san áireamh sa POE seo, ar tugadh fúithi laistigh den Roinn.

| **Gníomh 1.5: Iarmhairtí earnála a bhaineann leis na rioscaí/na deiseanna a shainaithnítear sa Phlean seo a mheas, tar éis chur chun feidhme an Phlean, chun eolas a dhéanamh don chéad phlean oiriúnaithe eile** |
|---|
| Comhthéacs: Cinnteofar leis an ngníomh sin go ndéanfar éifeachtacht an chur chun feidhme i gcaitheamh na gcúig bliana den POE seo a thomhas agus a thuiscint agus go gcuirfear ionchur lárnach ar fáil i bhforbairt an chéad POE eile. |
| Saincheisteanna beartais trasearnála ábhartha: Cósta, timpeallacht Uirbeach, tionchar ar Shláinte, timpeallacht Thógtha |
| Ábhartha do POEnna eile: Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha & Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Timpeallacht Thógtha & Pleanáil, Sláinte, Talmhaíocht, Cáilíocht an Uisce, Bonneagar Seirbhísí Uisce |
| Prionsabail oiriúnaithe ábhartha: Athléimneacht chóir, Mí-Oiriúnú a sheachaint,<br>Réitigh Nádúrbhunaithe |
| Straitéisí ábhartha: *Clár Oibre Eorpach maidir leis an Turasóireacht, 2030*, an *Creat Beartais Turasóireachta, 2025-2030*, *Oidhreacht Éireann 2030*, *Téigh Amach Faoin Aer*, *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann*, *Leas a Bhaint as Ár nAcmhainní Aigéin*, *Ár nOileáin Bheo*, *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht*, an *Plean Gníomhaíochta Uisce, 2024*, an *Plean Náisiúnta chun Ailse Chraicinn a Chosc, 2023-2026* |
| SDGanna Ábhartha:<br><br> |

## Sprioc 2: Feasacht choiteann a chothú

| **Gníomh 2.1: Feasacht a ardú laistigh d’earnáil na turasóireachta ar thionchair an athraithe aeráide agus ar an ngá atá le hoiriúnú, trí fhaisnéis thiomnaithe ar shuíomh gréasáin Fáilte Ireland** | |
|---|---|
| **Treoraithe ag:** Fáilte Ireland | |
| **Páirtithe Leasmhara:** Turasóireacht & gnólachtaí gaolmhara | |
| **Cur i gcrích:** | R3 2028 |
| Garspriocanna:<br>Leathanach gréasáin a bhunú: | <br>R3 2028 |
| **Táscaire cur chun feidhme / aschur:** líon na gcuairteanna ar an leathanach gréasáin. | |
| Costáil & acmhainní a fháil: Ba cheart go mbeadh na hacmhainní atá ann cheana féin leordhóthanach, ós rud é go bhfuil foireann ag Fáilte Ireland cheana féin a chruthaíonn agus a choinníonn raon leathan leathanach gréasáin trína shuíomh gréasáin, https://www.failteireland.ie/ | |
| Comhthéacs: Toisc gur acmhainn lárnach don tionscal é suíomh gréasáin Fáilte Ireland, is tábhachtach an gníomh sin chun feasacht a fhorbairt ar fud an tionscail éagsúil seo. Beidh sé tábhachtach an t-ábhar a choinneáil faoi athbhreithniú agus é a nuashonrú de réir mar is gá. | |
| Saincheisteanna beartais trasearnála ábhartha: Cósta, timpeallacht Uirbeach, tionchar ar Shláinte, timpeallacht Thógtha, Laghdú ar Riosca Tubaistí (LRT) | |
| Ábhartha do POEnna eile: Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha & Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Timpeallacht Thógtha & Pleanáil, Sláinte, Talmhaíocht, Cáilíocht an Uisce, Bonneagar Seirbhísí Uisce, Foraoiseacht, Bia Mara | |

**Gníomh 2.1: Feasacht a ardú laistigh d'earnáil na turasóireachta ar thionchair an athraithe aeráide agus ar an ngá atá le hoiriúnú, trí fhaisnéis thiomnaithe ar shuíomh gréasáin Fáilte Ireland**

Prionsabail oiriúnaithe ábhartha: Athléimneacht chóir, Mí-Oiriúnú a sheachaint, Réitigh Nádúrbhunaithe

Straitéisí ábhartha: *Clár Oibre Eorpach maidir leis an Turasóireacht, 2030, an Creat Beartais Turasóireachta*, 2025-2030, *Oidhreacht Éireann 2030, Téigh Amach Faoin Aer, Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann, Leas a Bhaint as Ár nAcmhainní Aigéin, Ár nOileáin Bheo, Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht, an Plean Gníomhaíochta Uisce, 2024, an Plean Náisiúnta chun Ailse Chraicinn a Chosc, 2023-2026*

SDGanna Ábhartha:

**Gníomh 2.2: Sraith treoracha gearra a fhorbairt maidir le príomhthionchair aeráide ar an turasóireacht, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an Scagtha ar Thionchar Aeráide, le haghaidh codanna éagsúla d'earnáil na turasóireachta**

**Treoraithe ag:** RFTF/Gníomhaireachtaí Turasóireachta

**Páirtithe Leasmhara:** Turasóireacht & gnólachtaí gaolmhara

**Cur i gcrích:** R3 2030

Garspriocanna:
Dréachteolaithe a roinnt le Grúpa Cur Chun Feidhme an POE: R3 2029

**Táscaire cur chun feidhme / aschur:** Ceithre eolaí ar a laghad foilsithe

Costáil & acmhainní a fháil: Ba cheart go mbeadh na hacmhainní reatha leordhóthanach, ós rud é go gcuireann an obair sin leis an taighde fairsing a rinneadh laistigh de na Ranna le linn an Scagtha ar Thionchar Aeráide (Féach Caibidil 3 agus Aguisín I).

Comhthéacs: Bailíodh raidhse faisnéise maidir leis na gnéithe éagsúla d'earnáil na turasóireachta le linn chéimeanna an Mheasúnaithe Riosca ar an Athrú Aeráide, agus beidh forbairt treorach atá dírithe ar an tionscal agus a bhaineann go sonrach le gach príomhghné ina príomhghníomh chun feasacht a mhéadú.

Saincheisteanna beartais trasearnála ábhartha: Cósta, timpeallacht Uirbeach, tionchar ar Shláinte, timpeallacht Thógtha, Laghdú ar Riosca Tubaistí (LRT)


Ábhartha do POEnna eile: Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha & Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Timpeallacht Thógtha & Pleanáil, Sláinte, Talmhaíocht, Cáilíocht an Uisce, Bonneagar Seirbhísí Uisce, Foraoiseacht, Bia Mara

Prionsabail oiriúnaithe ábhartha: Athléimneacht chóir, Mí-Oiriúnú a sheachaint, Réitigh Nádúrbhunaithe

Straitéisí ábhartha: *Clár Oibre Eorpach maidir leis an Turasóireacht, 2030, an Creat Beartais Turasóireachta, 2025-2030, Oidhreacht Éireann 2030, Téigh Amach Faoin Aer, Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann, Leas a Bhaint as Ár nAcmhainní Aigéin, Ár nOileáin Bheo, Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht, an Plean Gníomhaíochta Uisce, 2024, an Plean Náisiúnta chun Ailse Chraicinn a Chosc, 2023-2026*

**Gníomh 2.2: Sraith treoracha gearra a fhorbairt maidir le príomhthionchair aeráide ar an turasóireacht, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an Scagtha ar Thionchar Aeráide, le haghaidh codanna éagsúla d'earnáil na turasóireachta**

SDGanna Ábhartha:



**Gníomh 2.3: Plé le hoifigigh Thurasóireacht Thuaisceart Éireann chun gníomhartha a ailíniú ar bhonn uile-oileáin, de réir mar is cuí**

**Treoraithe ag:** RFTF

**Páirtithe Leasmhara:** CATT/Turasóireacht Éireann

**Cur i gcrích:** R3 2030

Garspriocanna:
POE a chur i láthair do CATT: R1 2026

**Táscaire cur chun feidhme / aschur:** líon gníomhartha ailínithe

Costáil & acmhainní a fháil: Ba cheart gur leor na hacmhainní reatha, toisc gur comhlacht Thuaidh/Theas é Turasóireacht Éireann agus toisc go bhfuil comhar Oileáin Roinnte ar siúl cheana idir ranna agus gníomhaireachtaí.

Comhthéacs: Chuir oifigigh ón dá dhlínse a dtuairimí ar fáil i bpáipéir le haghaidh cruinnithe earnála turasóireachta de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas, ag a bhfuil tionchair an athraithe aeráide agus an bhithéagsúlacht mar mhír sheasta ar an gclár oibre.

Straitéisí ábhartha: CNP

SDGanna Ábhartha:



**Gníomh 2.4: Feasacht a ardú ar ghníomhartha oiriúnaithe don athrú aeráide i gcinn scríbe agus i ngnólachtaí turasóireachta, trí chás-staidéir a chruthú**

**Treoraithe ag:** Fáilte Ireland

**Páirtithe Leasmhara:** Údaráis Áitiúla, Gnólachtaí Turasóireachta & Gnólachtaí Gaolmhara

**Cur i gcrích:** R3 2030

Garspriocanna:
An Chéad chás-staidéar forbartha: R3 2028

**Táscaire cur chun feidhme / aschur:** líon na gcás-staidéar

Costáil & acmhainní a fháil: Ba cheart gur leor na hacmhainní atá ann cheana den chuid is mó, toisc go gcuirfidh an obair seo le comhar fairsing idir Fáilte Ireland agus údaráis áitiúla, lena n-áirítear maidir le PFCSEnna a fhorbairt, agus le gnólachtaí turasóireachta. Ach ba cheart deiseanna a fhiosrú chun leas a bhaint as e.g. Maoiniú um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide nó as foinsí eile, chun acmhainneacht an ghnímh sin a leathnú.

Comhthéacs: Beidh forbairt cás-staidéar atá dírithe ar chinn scríbe agus ar an tionscal ina príomhghníomh chun feasacht a mhéadú.

Saincheisteanna beartais trasearnála ábhartha: Cósta, Timpeallacht Uirbeach, Timpeallacht thógtha

Ábhartha do POEnna eile: Bainistíocht ar Riosca i gcás Tuilte, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta, Bonneagar Seirbhísí Uisce

**Gníomh 2.4: Feasacht a ardú ar ghníomhartha oiriúnaithe don athrú aeráide i gcinn scríbe agus i ngnólachtaí turasóireachta, trí chás-staidéir a chruthú**

Prionsabail oiriúnaithe ábhartha: Athléimneacht chóir, Mí-Oiriúnú a sheachaint, Réitigh Nádúrbhunaithe

Straitéisí ábhartha: INGA, *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann*, *Oidhreacht Éireann 2030*

SDGanna Ábhartha:

13 GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

## Sprioc 3: Athléimneacht a chothú

**Gníomh 3.1: Oiriúnú don athrú aeráide a chur san áireamh i gCéim a Dó de Chlár Fáilte Ireland um Ghníomhú ar son na hAeráide chun é a ailíniú lena chéad straitéis eile (2027-2029)**

**Treoraithe ag:** Fáilte Ireland

**Páirtithe Leasmhara:** RFTF, OOP, RAFC, Met Éireann, ORGA, GCC

**Cur i gcrích:** R3 2030

Garspriocanna:
Straitéis a Fhoilsiú agus mionsonraí ar Chéim II inti: R1 2027
Forbróidh OOP modúl le haghaidh na hoiliúna sin ar rioscaí tuilte amach anseo (chun aghaidh a thabhairt ar Thionchar Tosaíochta Uimh 1): R2 2027

**Táscaire cur chun feidhme / aschur:** líon na ngnólachtaí ag gabháil don oiliúint

Costáil & acmhainní a fháil: Bunaíodh Céim I de Chlár Fáilte Ireland um Ghníomhú ar son na hAeráide agus mar thoradh air sin tá líonra gnólachtaí ag plé leis an ngníomhaireacht maidir le maolú ar an athrú aeráide. Beidh ar Fáilte Ireland leas a bhaint as an taithí ar Chéim I i dteannta leis an eolas atá faighte de thoradh rannpháirtíochta i bhforbairt an POE seo ó mhí Aibreáin 2024, chun socrú cé acu a theastaíonn acmhainní breise ó Chéim II agus chun aghaidh a thabhairt ar aon riachtanas den sórt sin i gcomhar le RFTF.

Comhthéacs: Go dtí seo, is ar an dícharbónú a bhí Clár Fáilte Ireland um Ghníomhú ar son na hAeráide dírithe. Soláthraítear leis creat agus taithí ar féidir a úsáid ar an gcaoi chéanna chun oiriúint a chur ar ghnólachtaí turasóireachta agus ar ghnólachtaí gaolmhara maidir le rioscaí/deiseanna aeráide dá gcuid féin a mheas agus chun a n-athléimneacht aeráide féin a fheabhsú trí ghníomhartha coincréiteacha a dhéanamh chun rioscaí a mhaolú. Príomhghníomh chun athléimneacht na hearnála a mhéadú a bheidh i gceist le hoiriúnú don athrú aeráide a chur san áireamh i gCéim II den Chlár sin.

Saincheisteanna beartais trasearnála ábhartha: Cósta, timpeallacht Uirbeach, tionchar ar Shláinte, timpeallacht Thógtha, LRT

Ábhartha do POEnna eile: Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha & Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Timpeallacht Thógtha & Pleanáil, Talmhaíocht, Cáilíocht an Uisce, Bonneagar Seirbhísí Uisce, Foraoiseacht

Prionsabail oiriúnaithe ábhartha: Athléimneacht chóir, Mí-Oiriúnú a sheachaint, Réitigh Nádúrbhunaithe

Straitéisí ábhartha: *An Creat Beartais Turasóireachta, 2025-2030*, *Oidhreacht Éireann 2030*, *Téigh Amach Faoin Aer*, *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann*, *Leas a Bhaint as Ár nAcmhainní Aigéin*, *Ár nOileáin Bheo*, *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na* hÉireann um Bithéagsúlacht, *An Plean Gníomhaíochta Uisce, 2024*

SDGanna Ábhartha:

15 SAOL AR TALAMH; 14 SAOL FAOIN UISCE; 13 GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE; 12 TOMHALTAS FREAGRACH AGUS TÁIRGEADH FREAGRACH; 9 TIONSCLAÍOCHT, NUÁLAÍOCHT AGUS BONNEAGAR; 8 OBAIR DHÍNIT AGUS FÁS EACNAMAÍOCH; 6 UISCE GLAN AGUS SLÁINTÍOCHT; 3 SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

**Gníomh 3.2: Oiriúnú don athrú aeráide a chur san áireamh i ngach straitéis, de réir mar is cuí, a fhorbraítear faoi gach Ráiteas Náisiúnta ar Bheartas Turasóireachta**

**Treoraithe ag:** RFTF, Fáilte Ireland, Turasóireacht Éireann, Údaráis Áitiúla

**Páirtithe Leasmhara:** Turasóireacht & gnólachtaí gaolmhara

| | |
|---|---|
| **Cur i gcrích:** | R3 2030 |
| Garspriocanna: | |
| Straitéis nua um Infheistíocht Chaipitil le foilsiú ag Fáilte Ireland: | R1 2026 |
| Straitéis Chóiríochta nua le foilsiú ag RFTF: | R1 2027 |
| Pleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide le forbairt | R4 2027 |

**Táscaire cur chun feidhme / aschur:** líon na straitéisí ina gcuimsítear oiriúnú don athrú aeráide

Costáil & acmhainní a fháil: Ba cheart gur leor na hacmhainní atá ann cheana den chuid is mó, toisc go bhfuil gealltanais i bhfeidhm cheana chun straitéisí ábhartha a dhéanamh faoin mbeartas náisiúnta turasóireachta.

Comhthéacs: Is tábhachtach an gníomh seo chun oiriúnú don athrú aeráide a phríomhshruthú ar fud straitéisí ábhartha.


Saincheisteanna beartais trasearnála ábhartha: Cósta, timpeallacht Uirbeach, tionchar ar Shláinte, timpeallacht Thógtha, LRT

Ábhartha do POEnna eile: Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha & Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Timpeallacht Thógtha & Pleanáil, Talmhaíocht, Cáilíocht an Uisce, Bonneagar Seirbhísí Uisce, Foraoiseacht

Prionsabail oiriúnaithe ábhartha: Athléimneacht chóir, Mí-Oiriúnú a sheachaint, Réitigh Nádúrbhunaithe

Straitéisí ábhartha: *An Creat Beartais Turasóireachta, 2025-2030*, *Oidhreacht Éireann 2030*, *Téigh Amach Faoin Aer*, *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann*, *Leas a Bhaint as Ár nAcmhainní Aigéin*, *Ár nOileáin Bheo*, *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht*, *An Plean Gníomhaíochta Uisce, 2024*

SDGanna Ábhartha:




**Gníomh 3.3: Athbhreithnigh agus nuashonraigh na Straitéisí Forbartha Réigiúnacha Turasóireachta (SFRTanna) ina gcéad athbhreithniú eile (2027-2031) lena n-áirítear rioscaí/deiseanna aeráide réigiúnacha, de réir mar is cuí, mar aon le gníomhartha oiriúnaithe chun aghaidh a thabhairt orthu**

**Treoraithe ag:** Fáilte Ireland

**Páirtithe Leasmhara:** RFTF

| | |
|---|---|
| **Cur i gcrích:** | R2 2027 |
| Garspriocanna: | |
| Le leagan amach i gcéad straitéis eile Fáilte Ireland: | R1 2027 |

**Táscaire cur chun feidhme / aschur:** Riosca an athraithe aeráide agus oiriúnú dó cuimsithe i gceithre SRFT

Costáil & acmhainní a fháil: Ba cheart gur leor na hacmhainní atá ann cheana, toisc gur féidir iad sin a chomhtháthú i bhforbairt SRFTanna nua atá beartaithe cheana.

**Gníomh 3.3: Athbhreithnigh agus nuashonraigh na Straitéisí Forbartha Réigiúnacha Turasóireachta (SFRTanna) ina gcéad athbhreithniú eile (2027-2031) lena n-áirítear rioscaí/deiseanna aeráide réigiúnacha, de réir mar is cuí, mar aon le gníomhartha oiriúnaithe chun aghaidh a thabhairt orthu**

Comhthéacs: Príomhgníomh atá i gceist le hoiriúnú don athrú aeráide a chuimsiú in SRFTanna, toisc go gcabhróidh sé sin leis an oiriúnú don athrú aeráide a phríomhshruthú i bhforbairt agus i dtionscnaimh turasóireachta ar fad amach anseo.


Saincheisteanna beartais trasearnála ábhartha: Cósta, timpeallacht Uirbeach, tionchar ar Shláinte, timpeallacht Thógtha, LRT

Ábhartha do POEnna eile: Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha & Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Timpeallacht Thógtha & Pleanáil, Talmhaíocht, Cáilíocht an Uisce, Bonneagar Seirbhísí Uisce, Foraoiseacht

Prionsabail oiriúnaithe ábhartha: Athléimneacht chóir, Mí-Oiriúnú a sheachaint, Réitigh Nádúrbhunaithe

Straitéisí ábhartha: *An Creat Beartais Turasóireachta, 2025-2030*, *Oidhreacht Éireann 2030*, *Téigh Amach Faoin Aer*, *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann*, *Leas a Bhaint as Ár nAcmhainní Aigéin*, *Ár nOileáin Bheo*, *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht*, *An Plean Gníomhaíochta Uisce, 2024*

SDGanna Ábhartha:



**Gníomh 3.4: Measúnú ar rioscaí/ar dheiseanna aeráide, chomh maith le bearta oiriúnaithe, a chur san áireamh, de réir mar is cuí, i bPleananna nua agus nuashonraithe um Fhorbairt Cinn Scríbe agus Eispéiris (PFCSEanna)**

**Treoraithe ag:** Fáilte Ireland

**Páirtithe Leasmhara:** RAFC, RFTF, Údaráis Áitiúla

| | |
|---|---|
| **Cur i gcrích:** | R3 2030 |
| Garspriocanna:<br>Le leagan amach i gcéad straitéis eile Fáilte Ireland: | R1 2027 |

**Táscaire cur chun feidhme / aschur:** Líon PFCSEanna ina gcuirtear measúnú ar rioscaí/ar dheiseanna aeráide san áireamh

Costáil & acmhainní a fháil: Ba cheart gur leor na hacmhainní atá ann cheana, toisc gur féidir iad sin a chomhtháthú san fhorbairt / sa nuashonrú ar PFCSEnna atá beartaithe cheana.

Comhthéacs: Tá pleananna sonracha don suíomh sna PFCSEanna: ba cheart go réiteodh comhtháthú measúnú ar rioscaí/ar dheiseanna aeráide sna PFCSEanna seo an bealach le haghaidh tionscadail phraiticiúla lena bhfeabhsaítear athléimneacht na gceann scríbe agus na bpobal.

Saincheisteanna beartais trasearnála ábhartha: Cósta, timpeallacht Uirbeach, tionchar ar Shláinte, timpeallacht Thógtha, LRT


Ábhartha do POEnna eile: Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha & Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Timpeallacht Thógtha & Pleanáil, Talmhaíocht, Cáilíocht an Uisce, Bonneagar Seirbhísí Uisce, Foraoiseacht

Prionsabail oiriúnaithe ábhartha: Athléimneacht chóir, Mí-Oiriúnú a sheachaint, Réitigh Nádúrbhunaithe

**Gníomh 3.4: Measúnú ar rioscaí/ar dheiseanna aeráide, chomh maith le bearta oiriúnaithe, a chur san áireamh, de réir mar is cuí, i bPleananna nua agus nuashonraithe um Fhorbairt Cinn Scríbe agus Eispéiris (PFCSEanna)**

Straitéisí ábhartha: *An Creat Beartais Turasóireachta, 2025-2030*, *Oidhreacht Éireann 2030*, *Téigh Amach Faoin Aer*, *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann*, *Leas a Bhaint as Ár nAcmhainní Aigéin*, *Ár nOileáin Bheo*, *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht, An Plean Gníomhaíochta Uisce, 2024*

SDGanna Ábhartha:




**Gníomh 3.5: Ó 2027 ar aghaidh, áireofar i ngach scéim de chuid Fáilte Ireland amach anseo ina soláthraítear cúnamh airgeadais[8] coinníollacha / bearta / cosaintí ábhartha a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide**

**Treoraithe ag:** Fáilte Ireland

**Páirtithe Leasmhara:** RAFC, RFTF, Údaráis Áitiúla

**Cur i gcrích:** R3 2030

**Táscaire cur chun feidhme / aschur:** líon na dtacaíochtaí lena n-áirítear breithnithe maidir le hoiriúnú don athrú aeráide

Costáil & acmhainní a fháil: Ba cheart gur leor na hacmhainní atá ann cheana, toisc gur féidir iad sin a chomhtháthú go héasca i scéimeanna deontas de chuid Fáilte Ireland.

Comhthéacs: Is féidir deontais chaomhantais de chuid na Comhairle Oidhreachta agus RTRÁO ina bhfuil ceanglais maidir le hoiriúnú don aeráid a úsáid mar shamhail chun critéir ábhartha a chur san áireamh in iliomad deontais turasóireachta.


Saincheisteanna beartais trasearnála ábhartha: Cósta, timpeallacht Uirbeach, tionchar ar Shláinte, timpeallacht Thógtha, LRT

Ábhartha do POEnna eile: Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha & Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Timpeallacht Thógtha & Pleanáil, Talmhaíocht, Cáilíocht an Uisce, Bonneagar Seirbhísí Uisce, Foraoiseacht

Prionsabail oiriúnaithe ábhartha: Athléimneacht chóir, Mí-Oiriúnú a sheachaint, Réitigh Nádúrbhunaithe

Straitéisí ábhartha: *An Creat Beartais Turasóireachta, 2025-2030*, *Oidhreacht Éireann 2030*, *Téigh Amach Faoin Aer*, *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann*, *Leas a Bhaint as Ár nAcmhainní Aigéin*, *Ár nOileáin Bheo*, *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht, An Plean Gníomhaíochta Uisce, 2024*

SDGanna Ábhartha:




8 Féach https://www.failteireland.ie/Identify-Available-Funding.aspx do scéimeanna maoinithe reatha agus roimhe seo

**Gníomh 3.6: Fáilte Ireland le tograí a fhiosrú maidir le tacaíocht airgeadais spriocdhírithe do thionscal na turasóireachta, go háirithe maidir le bearta oiriúnaithe**

**Treoraithe ag:** Fáilte Ireland

**Páirtithe Leasmhara:** RFTF

**Cur i gcrích:** R3 2030

**Táscaire cur chun feidhme / aschur:** Plean le haghaidh bearta oiriúnaithe don athrú aeráide

Costáil & acmhainní a fháil: Beidh gá le maoiniú breise chun scéimeanna deontas nua a fhorbairt. Cuirfidh Fáilte Ireland agus RFTF cás ar fáil ar son scéim dá leithéid nuair a bheidh na mionsonraí socraithe tar éis tuiscint níos fearr a fháil ar ghá an tionscail le tacaíochtaí le linn na mblianta tosaigh de chur chun feidhme an POE seo. Ba cheart deiseanna iomaíocha cómhaoinithe nach mbaineann leis an Státchiste, amhail Clár LIFE don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid AE, a chur san áireamh freisin.

Comhthéacs: Is féidir deontais chaomhantais de chuid na Comhairle Oidhreachta agus RTRÁO ina bhfuil ceanglais maidir le hoiriúnú don aeráid a úsáid mar shamhail chun critéir ábhartha a chur san áireamh in iliomad deontais turasóireachta.

Saincheisteanna beartais trasearnála ábhartha: Cósta, timpeallacht Uirbeach, tionchar ar Shláinte, timpeallacht Thógtha, LRT

Ábhartha do POEnna eile: Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha & Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Timpeallacht Thógtha & Pleanáil, Talmhaíocht, Cáilíocht an Uisce, Bonneagar Seirbhísí Uisce, Foraoiseacht

Prionsabail oiriúnaithe ábhartha: Athléimneacht chóir, Mí-Oiriúnú a sheachaint, Réitigh Nádúrbhunaithe

Straitéisí ábhartha: *An Creat Beartais Turasóireachta, 2025-2030*, *Oidhreacht Éireann 2030*, *Téigh Amach Faoin Aer*, *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann*, *Leas a Bhaint as Ár nAcmhainní Aigéin*, *Ár nOileáin Bheo*, *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht*, *An Plean Gníomhaíochta Uisce, 2024*

SDGanna Ábhartha:



**Gníomh 3.7: Éifeachtacht úsáide uisce in earnáil na cóiríochta a fheabhsú (lena ndéantar aghaidh ar ghné de Thionchar Tosaíochta Uimh. 3)**

**Treoraithe ag:** Fáilte Ireland

**Páirtithe Leasmhara:** Uisce Éireann

**Cur i gcrích:** R3 2030

Garspriocanna:
An treoir maidir le Bainistíocht Uisce a chur chun cinn: R4 2025
Meabhrán Tuisceana idir Fáilte Ireland agus Uisce Éireann maidir le maoirseacht fhreagrach uisce san earnáil: R4 2026

**Táscaire cur chun feidhme / aschur:** Feabhas ar mhéadrach na héifeachtúlachta maidir le húsáid uisce i measc gnólachtaí rannpháirteacha

| **Gníomh 3.7: Éifeachtacht úsáide uisce in earnáil na cóiríochta a fheabhsú (lena ndéantar aghaidh ar ghné de Thionchar Tosaíochta Uimh. 3)** |
|---|
| Costáil & acmhainní a fháil: Ba cheart go mbeadh costais sa bhreis ar an obair atá beartaithe cheana íosta. |
| Comhthéacs: Trí héifeachtúlacht an úsáid uisce a fheabhsú, tá comhthairbhí i gceist ó thaobh maolú ar an athrú aeráide, mar gheall ar an ngá le fuinneamh chun uisce a ghlanadh agus a chaidéalú. Cuireann an gníomh sin le treoir Fáilte Ireland le haghaidh óstán maidir le héifeachtúlacht úsáid uisce, chomh maith le treoir maidir le himeachtaí agus féilte inbhuanaithe. |
| Saincheisteanna beartais trasearnála ábhartha: Timpeallacht Uirbeach, Timpeallacht Thógtha |
| Ábhartha do POEnna eile: Bonneagar Seirbhísí Uisce |
| Prionsabail oiriúnaithe ábhartha: Mí-oiriúnú a sheachaint |
| Straitéisí ábhartha: *An Creat Beartais Turasóireachta, 2025-2030*, *an Plean Gníomhaíochta Uisce, 2024* |
| SDGanna Ábhartha: 14 Saol faoin uisce; 13 Gníomhú ar son na hAeráide; 6 Uisce glan agus sláintíocht |

Mar a sonraíodh cheana, beidh go leor Gníomhartha atá in POEnna eile ríthábhachtach d'earnáil na turasóireachta. Áirítear le samplaí de bhearta eile a bheidh faoi stiúir Ranna agus gníomhaireachtaí eile seachas RFTF/Fáilte Ireland/Turasóireacht Éireann ach lena mbaineann tábhacht faoi leith don turasóireacht

Cinnteoidh ORGA agus Údaráis Áitiúla:

- Go mbeidh cúrsaí turasóireachta cuimsithe sa chéad leagan eile de Phleananna na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (2030-2035);
- Go mbeidh bearta oiriúnaithe don athrú aeráide cuimsithe i bPleananna Turasóireachta Údaráis Áitiúil agus
- Forbairt tionscnaimh ar nós #ProtectOurDunes nó a leithéid chun dumhcha a chosaint, agus gnáthóga agus acmhainní taitneamhachta a chaomhnú

Tabharfaidh Met Éireann faoi réamh-mheastacháin aeráide a fhorbairt le haghaidh an innéacs dóiteáin, rud a shocróidh riachtanais earnáil na turasóireachta. Fiosróidh an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt an acmhainneacht le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide i músaeim agus i ngailearaithe ealaíne ar díol spéis iad do thurasóirí agus oibreoidh FSS le hÚdaráis Áitiúla chun cosaint craicinn a chur chun cinn agus a fheabhsú i gcinn scríbe turasóra.

Seo roinnt samplaí den fhorleathadh trasearnála atá mar thoradh ar bhearta oiriúnaithe don athrú aeráide.

Le cur chun feidhme iomlán an Plean Oiriúnaithe Earnála um Thurasóireacht, ba cheart go dtiocfadh laghdú de réir a chéile ar na hiarmhairtí earnála measta a bhaineann leis na rioscaí, go háirithe i gcás na dtrí riosca is airde tosaíochta (Léaráid 4.1).

Trí Sprioc 1 in POE 2025-2030 a chomhlíonadh, ba cheart go gcuirfí leis an muinín as na réamh-mheastacháin, go háirithe le haghaidh na réimsí tosaíochta sin a mheastar gur gá iad a fhiosrú a thuilleadh. Ba cheart gur shoiléire na hiarmhairtí le haghaidh na réimsí sin tar éis Pleananna a chur chun feidhme i ndiaidh a chéile, rud a chuireann faoi deara go gcuirfí gníomhartha oiriúnaithe san áireamh i bPleananna ina dhiaidh sin, chun na rioscaí sin a laghdú go sonrach, nó leas a bhaint as an deis, más cuí sin.

## Conairí Oiriúnaithe Féideartha:

| | | | Meastachán reatha | | Tar éis POEnna a chur chun feidhme | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ráiteas tionchair** | **Am** | **BTI** | **Iarmhairtí** | | **Iarmhairtí** | |
| Minicíocht mhéadaithe tuilte i gcinn scríbe agus i ngnólachtaí agus i saoráidí turasóireachta, rud a bhfuil damáiste, dúntaí sealadacha go fadtéarmacha, caillteanas ioncaim, riosca árachais agus tairiscintí turasóireachta laghdaithe mar thoradh air | **Faoi láthair** | | | | | |
| | **2050** | 4.5 | *Suntasach* | → | Teoranta | |
| | | 8.5 | | | | |
| | **2100** | 4.5 | | → | | → |
| | | 8.5 | *Criticiúil* | | *Suntasach* | |
| Athrú cósta agus creimeadh atá níos tapa, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra rochtain a fháil ar thaitneamhachtaí do chuairteoirí nó is cúis le damáiste dóibh nó a mbá nó meath ar a gcáilíocht | **Faoi láthair** | | *Teoranta* | → | | |
| | **2050** | 4.5 | | | Teoranta | |
| | | 8.5 | *Suntasach* | | | |
| | **2100** | 4.5 | | → | | → |
| | | 8.5 | *Criticiúil* | | *Suntasach* | |
| Teochtaí níos teo agus imghalú níos mó, chomh maith le samhraí níos tirime, rud is cúis le dúshláin mhéadaithe roimh bhainistiú fásra agus riosca méadaithe dóiteáin, sreafaí abhann laghdaithe agus fáil acmhainní uisce laghdaithe | **Faoi láthair** | | *Teoranta* | | | |
| | **2050** | 4.5 | | | | |
| | | 8.5 | | | | |
| | **2100** | 4.5 | | → | Teoranta | |
| | | 8.5 | *Suntasach* | | | |

**Léaráid 4.1.** Conairí Oiriúnaithe Féideartha le haghaidh na dtrí riosca is mó tionchar d’earnáil na turasóireachta.

## 4.4 Idirspleáchais Trasearnála

### 4.4.1. Plé Trasearnála

Is dlúthchuid den turasóireacht é plé agus idirghníomhú trasearnála le go leor rannóg de chuid an Rialtais.[9] Mar shampla, glacann Fáilte Ireland páirt i raon tionscnamh trasearnála a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus le réimsí gaolmhara eile, amhail LIFE ar Mhachaire (mar chomhpháirtí in éineacht leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) agus Teagasc, i dtionscadal faoi chomhordú na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO)) agus an Tionscadal Blueway (in éineacht le hUiscebhealaí Éireann, Spórt Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann agus Tourism Northern Ireland). Bíonn cruinnithe rialta ag Fáilte Ireland le RTRÁO agus le OOP maidir le tionscadal oibreacha caipitiúla agus tionscnaimh eile ar láithreáin oidhreachta faoi chúram an stáit. Tá cuid mhaith plé trasearnála agus áitiúil ag baint le forbairt SRFTanna agus PFCSEnna, mar is léir sna straitéisí agus sna pleananna sin. Forbraíodh an chéim reatha de Chlár Fáilte Ireland um Ghníomhú ar son na hAeráide mar fhreagairt ar an tionscnamh um Thimpeallacht Thógtha Tráchtála a Dhícharbónú, faoi stiúir na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a bhí ann ag an am. Ba iad an Chomhairle Oidhreachta agus Fáilte Ireland a rinne ceann de na príomhthagairtí sa Phlean seo (Kelly & Stack, 2009), agus ghlac comhúdar Fáilte Ireland páirt le déanaí i gcur chun feidhme Phlean 2019 um Oiriúnú don Athrú Aeráide le haghaidh na Timpeallachta Tógtha agus Seandálaíochta, agus chabhraigh sé le forbairt an Plean Oiriúnaithe Earnála um Thurasóireacht. Tá Fáilte Ireland (in éineacht leis an RTRÁO) ag cómhaoiniú taighde ar roghanna oiriúnaithe le haghaidh láithreáin roghnaithe lena mbaineann spéis oidhreachta agus turasóireachta araon. I rith 2024-2025, ghlac RTCEGSM páirt freisin i gcruinnithe agus i gceardlanna páirtithe leasmhara/trasearnála maidir le Plean 2019 um Oiriúnú don Athrú Aeráide le haghaidh na Timpeallachta Tógtha agus Seandálaíochta a chur chun feidhme agus i bhforbairt POE 2025 le haghaidh na hearnála sin. Thug an Rannóg Turasóireachta sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt aiseolas agus cuid de POEnna 2019 á bhforbairt, lenar áiríodh POE le haghaidh an Bhonneagair Iompair. Tugadh tuairiscí tráthrialta ar fhorbairt an POE Turasóireachta seo don Choiste Stiúrtha Náisiúnta ar Oiriúnú (CSNO), chun a chinntiú go mbeadh Ranna eile a bhí i mbun POEnna a chruthú le haghaidh earnálacha eile ar an eolas faoi fhorbairtí ar phróiseas na pleanála oiriúnaithe i réimse na Turasóireachta. Ó thús 2024 ar aghaidh, bhí RTCEGSM agus a gníomhaireachtaí turasóireachta páirteach i bpróiseas MRNAA[10] faoi stiúir GCC, rud a mhéadaigh rannpháirtíocht thrasearnála na hearnála i ndáil le hoiriúnú don athrú aeráide. Ghlac comhaltaí de FOE na Turasóireachta páirt i gceardlanna trasearnála éagsúla a d'eagraigh RAFC agus an Creat Náisiúnta um Sheirbhísí Aeráide.

I rith 2024, tarraingíodh aird earnálacha eile laistigh de RTCEGSM ar fhorbairt an POE seo (baineann go leor de na tionchair chéanna ó thaobh na haeráide le cultúr, leis na healaíona agus leis an spórt is a bhaineann leis an turasóireacht), trí Mheitheal na Roinne um Beartas Aeráide agus trí Thuairiscí Aeráide ráithiúla chuig an mBord Bainistíochta. Ina theannta sin, cuireadh úsáid bhunachar sonraí León *et al.* (2023) chun TCI bonnlíne agus TCI réamh-mheasta a chinneadh d'Éirinn faoi bhráid an Ghrúpa Sonraí & Léargas de chuid na Roinne. San eagrán tiomnaithe d'inbhuanaitheacht de nuachtlitir na Roinne i mí an Mhárta 2025, *Nuacht Ghlas*, a d'eagraigh Foireann Ghlas na Roinne, bhí alt ar thionchair aeráide agus ar oiriúnú don athrú aeráide.

9 lch 28: 'Oibríonn an Roinn agus na gníomhaireachtaí turasóireachta i gcomhpháirtíocht straitéiseach le Ranna agus gníomhaireachtaí eile, agus iad ag forbairt caidreamh chun eispéireas na gcuairteoirí a fheabhsú, tacú le timpeallachtaí inbhuanaithe agus deiseanna comhphromóisin a fhorbairt. Áirítear ar na comhpháirtithe sin Coillte, Uiscebhealaí Éireann, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Údarás na Gaeltachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP). Tá dlúthailíniú ann freisin leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

10 Sa chéad Mheasúnú Riosca Náisiúnta ar an Athrú Aeráide (MRNAA) de chuid na hÉireann tugtar forléargas cuimsitheach ar na rioscaí agus na deiseanna féideartha a bhaineann leis an athrú aeráide d'Éirinn

Cuireadh an Mheitheal thrasearnála um Bithéagsúlacht ar an eolas faoi dhul chun cinn an POE seo i mí Feabhra 2025, agus tagraítear don POE i dtuairisciú an RTCEGSM le haghaidh 2025 maidir lena Dualgas Bithéagsúlachta a chur chun feidhme faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú). Tugadh tuairiscí tráthrialta do Chomhairle Turasóireachta CATT agus an Plean seo á fhorbairt.

Chuathas i gcomhairle le Met Éireann, an Roinn Sláinte, Spórt Éireann, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF), OOP, Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil, an Roinn Sláinte, RTRÁO (Oidhreacht), an Chomhairle Oidhreachta, RTBM agus páirtithe leasmhara féideartha eile sa chéad leath de 2025 maidir le gníomhartha comhoibríocha féideartha. Mar gheall ar na comhairliúcháin sin tugadh roinnt gníomhartha chun críche agus chomhaontaigh raon leathan comhlachtaí poiblí páirt a ghlacadh mar phríomhpháirtithe leasmhara i gcur chun feidhme roinnt de na bearta molta.

Mar atá sonraithe sna Slabhraí Tionchair Aeráide i gcuid 3.5, chuaigh forbairtí ar oiriúnú don athrú aeráide ar thug earnálacha éagsúla fúthu, amhail bainistíocht riosca i gcás tuilte nó oidhreacht, chun sochair d'acmhainn oiriúnaithe earnáil na turasóireachta.

### 4.4.2. Saincheisteanna Trasteorann agus an Comhthéacs Idirnáisiúnta

Maidir le dóchúlacht, méid agus déine an riosca do shoghluaisteacht dhaonna de thoradh aerthaistil laghdaithe mar gheall ar éifeachtaí na hadhaimsire in aerfoirt RA agus in aerfoirt dhomhanda a chuirfeadh isteach ar oibríochtaí gnó, ioncaim agus poist in earnáil na turasóireachta in Éirinn, fuair CCAA amach gurbh íseal iad (muinín mheasartha), agus gur ghearrthéarmach na hiarmhairtí sa mhéid is nach n-imreoidís ach tionchar fánach ar an ngeilleagar foriomlán (CCAA 2024). Tá an riosca do bhonneagar aerfoirt curtha san áireamh i dTionchar Tosaíochta Uimh. 9 maidir le sneachta agus oighear. Tarlaíonn tuilte nó teochtaí arda i roinnt aerfort laistigh de phríomh-mhargaí turasóireachta na hÉireann. Tá riosca ag baint le stoirmeacha (Tionchar Tosaíochta Uimh. 8) freisin d'eitiltí agus do sheoltóireacht mar gheall ar *aimsir* nach bhfuil sábháilte eitilt / seoladh (seachas cur isteach ar bhonneagar). Bíonn éifeacht ag an dá chineál riosca sin (bonneagar agus dálaí taistil) ar dhaoine in Éirinn atá ag dul thar lear ar saoire, chomh maith le daoine atá ag taisteal go hÉirinn.

Beidh na rioscaí go léir atá sainaitheanta don turasóireacht in Éirinn ag baint le cinn scríbe iomaitheora na hÉireann chomh maith. Mar shampla, le blianta beaga anuas, chuaigh tuilte i bhfeidhm ar an turasóireacht sa tSlóivéin (féach cás-staidéar 4.1), sa Ghréig, i réigiún Emilia-Romagna san Iodáil, i ndeisceart na Gearmáine, san Ostair, san Ungáir, sa Pholainn, sa Rómáin, agus sa tSeicia, agus bhí tionchar ag falscaithe freisin ar an turasóireacht i dtíortha Eorpacha eile.[11] Is mó an fhadhb é creimeadh tránna ar chóstaí na Meánmhara, lena n-áirítear le haghaidh oileáin Mheánmhara amhail na hOileáin Bhailéaracha, ná mar atá feadh cóstaí Atlantacha. Is mó an t-ábhar imní é triomach ar feadh na mblianta fada e.g. san Algarve (féach cás-staidéar 4.1) agus in Costa del Sol ná mar atá réamh-mheasta d'Éirinn. Maidir le riosca dóiteáin in Éirinn ní réamh-mheastar go sroichfidh sé an leibhéal atá coitianta le fiche bliain anuas sa Phortaingéil, sa Spáinn, sa Ghréig agus san Iodáil. Ní réamh-mheastar go sroichfidh míchompord mar thoradh ar theas in Éirinn an leibhéal atá mar ghnáthchuid den saol ar feadh na míonna fada in go leor réigiún den domhan, lena n-áirítear cinn scríbe turasóra a bhfuil éileamh mór orthu. Beidh tarraingt aeráid na hÉireann sa todhchaí (Tionchar Tosaíochta Uimh. 4) ag brath go páirteach ar chol le haeráidí i gcinn scríbe iomaitheora.

Tugadh tionchar teagmhas foircneach áitiúil nó náisiúnta ar shlabhraí soláthair faoi deara le haghaidh Tionchair Thosaíochta 1 (tuilte), 3 (samhradh níos teo, níos tirime) agus 8 (stoirmeacha). Ar an gcaoi chéanna, féadann teagmhais adhaimsire i dtíortha ar foinsí móra iad do na soláthairtí cur isteach ar shlabhraí soláthair do ghnólachtaí turasóireachta in Éirinn, agus féadann teagmhais níos foircní ar fud an domhain cur le méadú ar phraghsanna bia, rud a mbeadh éifeacht aige ar an bhfáilteachas.

11 https://www.travelandtourworld.com/news/article/tourism-sector-faces-major-setbacks-as-wildfires-in-portugal-and-devastating-floods-in-poland-romania-austria-czech-republic-and-hungary-threaten--european-travel-industry/

## Cás-Staidéar 4.1 Conas atá earnáil na turasóireachta i dtíortha eile ag dul in oiriúint don athrú aeráide?

### Freagairt na turasóireachta ar thuilte troma ar fud na Slóivéine

Bhí dhá thrian den tSlóivéin buailte ag an mbáisteach ba mhó a tharla riamh i dtús mhí Lúnasa 2023 – le linn bhuaic an tséasúir turasóireachta. Mar gheall ar dhamáiste d'iarnróid agus do mhótarbhealaí agus droichid thite cuireadh isteach ar thaisteal agus cuireadh srian le rochtain ar roinnt gníomhaíochtaí faoin aer agus áiteanna a mbíonn an-tóir ag turasóirí orthu. Dúnadh go leor conairí siúlóireachta mar gheall ar chrainn thite agus damáiste do chonairí de thoradh uisce. Cuireadh roinnt imeachtaí cultúrtha agus gníomhaíochtaí uisce ar ceal nó cuireadh siar iad. Mar thoradh ar na tuilte ba ghá daoine a bhogadh ó ionaid champála agus rinneadh dochar d'earraí pearsanta na gcampálaithe freisin.

Thug Bord Turasóireachta na Slóivéine tuairiscí tráthrialta do CSFanna áitiúla. Rinne sé cumarsáid trí shuíomh gréasáin tiomnaithe agus trí nuashonruithe ar na meáin shóisialta maidir le haon athruithe nua sna ceantair a bhí buailte ag an ngéarchéim. Thug sé rabhadh do chuairteoirí faoi éilliú féideartha an uisce óil i gceantair a bhí buailte ag tuilte agus d'atreoraigh sé iad chuig réigiúin nach raibh buailte. D'fhan líon na gcuairteoirí mar an gcéanna. D'fhorbair an fhoireann treoir chun ullmhú d'imeachtaí amach anseo. Ó earrach 2024 ar aghaidh, déantar taifead ar fhaisnéis réad-ama ar líon na gcuairteoirí intíre agus idirnáisiúnta, chun cabhrú le sreafaí cuairteora agus patrúin taistil a thuar i gcásanna áirithe mar shampla le linn adhaimsire.

### Freagairt na turasóireachta ar ghanntanas uisce san Algarve, an Phórtaingéil

Tharla ganntanais mhóra uisce san Algarve in 2023, agus ina dhiaidh sin bhí triomach géar in 2024. Ag tús 2024, bhí na sé thaiscumar sa réigiún ag 25% dá dtoilleadh, agus mar thoradh air sin rinneadh rialacháin rialtais chun úsáid uisce a laghdú faoi 15% san earnáil uirbeach, lenar áiríodh earnáil na turasóireachta.

Thug Turismo de Portugal isteach feachtas um Chumarsáid Inbhuanaitheachta agus deimhniú deonach 'Sábháil Uisce' chomh maith le maoiniú chun cabhrú le gnólachtaí leis an deimhniú a bhaint amach.



Deilginis 6, Co. Bhaile Átha Cliath
© Turasóireacht Éireann

# 5. Cur Chun Feidhme, Athbhreithniú & Measúnú

## 5.1 Plean Cur Chun Feidhme

Le dhá ghníomh rialachais, cinnteofar cur chun feidhme, faireachán agus athbhreithniú éifeachtúil an Phlean seo:

| **Gníomh G.1: Foireann Cur Chun Feidhme an Plean Oiriúnaithe Earnála um Thurasóireacht (POET) um Thurasóireacht a bhunú** | |
|---|---|
| **Treoraithe ag:** RFTF | |
| **Páirtithe Leasmhara:** Fáilte Ireland, Turasóireacht Éireann, RAFC, ORGA, GCC, RTRÁO, SPNF | |
| **Cur i gcrích:** | R4 2025 |
| Garspriocanna: | |
| Cuireadh a thabhairt d'ionadaithe: | R4 2025 |
| Téarmaí Tagartha a Shocrú: | R4 2025 |
| Comhthéacs: Agus an gá le comhar níos fearr maidir le hoiriúnú don athrú aeráide á aithint, beidh sé sin níos leithne ná an FOE reatha, lena n-áirítear na comhlachtaí siúd a bhfuil sainordú tugtha dóibh oidhreacht nádúrtha agus thógtha na hÉireann a chosaint (SPNF agus RTRÁO– an Rannóg Oidhreachta, faoi seach).<br>Beidh Foireann Cur Chun Feidhme an POE faoi stiúir RFTF agus tiocfaidh sí le chéile faoi dhó sa bhliain ar a laghad, chun sainaithint dúshlán i gcur chun feidhme POE 2025-2030 a éascú, agus chun tacú le forbairt an chéad POE eile. | |

| **Gníomh G.2: Tuairisc ar chur chun feidhm an POE** | |
|---|---|
| **Treoraithe ag:** RFTF (mar chathaoirleach ar Fhoireann Chur Chun Feidhme an POE) | |
| **Páirtithe Leasmhara:** Fáilte Ireland, Turasóireacht Éireann, RAFC, ORGA, GCC, RTRÁO, SPNF | |
| **Cur i gcrích:** | R3 2030 |
| Garspriocanna: | |
| Tuairisc ar ghníomh ábhartha sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025: | R3 2025 |
| Tuairisciú bliantúil a thosú laistigh den Roinn: | R1 2026 |
| Tús a chur le tuairiscí ráithiúla ar chur chun feidhme a thabhairt do CSNO: | R2 2026 |
| Tús a chur le tuairisciú bliantúil do CCAA: | R4 2026 |
| Comhthéacs: Cinntítear leis tuairisciú inmheánach ag na príomhghníomhaireachtaí le haghaidh gníomh oiriúnaithe, tuairisciú laistigh den phríomh-Roinn, agus tuairisciú do chomhlachtaí seachtracha amhail an Bord Seachadta um Ghníomhú ar son na hAeráide, CSNO agus CCAA. | |

Cé go mbeidh na Gníomhartha atá leagtha amach roimhe seo sa POE seo ríthábhachtach chun a chinntiú go mbeidh earnáil turasóireachta na hÉireann ullamh do na rioscaí agus do na deiseanna a bhaineann leis an athrú aeráide, aithnítear freisin gur dócha go sainaithneoidh Foireann Cur Chun Feidhme POE tuilleadh beart le linn thréimhse chur chun feidhme an phlean. Dá réir sin, meastar go bhforbrófar bearta breise mar chuid den obair sin. Go háirithe, d'fhéadfadh gníomhartha breise a bheith riachtanach i dtaca le hAthléimneacht Chóir agus Mí-Oiriúnú chun comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na n-earnálacha ar fad, agus beidh gá freisin le tuilleadh iniúchta ar réitigh dhúlrabhunaithe breise chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí féideartha.

## 5.2. Táscairí

Aithnítear go bhféadfadh gá a bheith le tuilleadh sonraí agus bonneagar faireacháin chun spriocanna an POE seo a chur chun feidhme go héifeachtach, agus iarrfar ar an bhFoireann Cur Chun Feidhme aon bhearnaí sa réimse sin a mheas.

D'fhéadfaí **táscairí clíomeolaíochta agus tionchair** i ndáil le gach ceann de na tionchair aeráide tosaíochta atá sainaitheanta i gCaibidil 3 Scagadh ar Thionchar Aeráide a úsáid mar threoir maidir leis an méid i ngníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar Sprioc 1 ar cheart faireachán nó iniúchadh a dhéanamh air (féach cuid 4.1 Fís agus Spriocanna Oiriúnaithe):

| Uimh. | Ráiteas tionchair | Táscaire clíomeolaíochta | Táscaire tionchair |
|---|---|---|---|
| 1 | Minicíocht mhéadaithe tuilte i gcinn scríbe agus i ngnólachtaí agus i saoráidí turasóireachta, rud a bhfuil damáiste, dúntaí sealadacha go fadtéarmacha, caillteanas ioncaim, riosca árachais agus tairiscintí turasóireachta laghdaithe mar thoradh air | Frasaíocht bhliantúil<br>Líon na dteagmhas frasaíochta foircní gach bliain<br>Ardú ar leibhéal na farraige<br>Líon bliantúil borrthaí stoirme<br>Luas na gaoithe le linn stoirmeacha<br>Líon bliantúil stoirmeacha | Líon na dtaifead ar thuilte i gcinn scríbe turasóra gach bliain<br>Líon na dtaifead ar thuilte i ngnólachtaí, in áiseanna nó ag imeachtaí turasóra<br>Caillteanas bliantúil ioncaim mar thoradh ar thuilte<br>Costas bliantúil na ndeisiúchán mar thoradh ar thuilte<br>Líon na ndúntaí buana nó fadtéarmacha mar thoradh ar thuilte<br>Préimheanna árachais<br>Líon na n-éileamh árachais i ndáil le tuilte |
| 2 | Athrú cósta agus creimeadh atá níos tapa, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra rochtain a fháil ar thaitneamhachtaí do chuairteoirí nó is cúis le damáiste dóibh nó a mbá nó meath ar a gcáilíocht | Frasaíocht bhliantúil<br>Líon bliantúil na laethanta ina bhfuil frasaíocht fhoircneach<br>Ardú ar leibhéal na farraige<br>Líon bliantúil borrthaí stoirme<br>Luas na gaoithe le linn stoirmeacha<br>Líon bliantúil stoirmeacha | Líon bliantúil na dtaifead gur dúnadh áiteanna a mbíonn an-tóir ag cuairteoirí orthu / taitneamhachtaí mar thoradh ar chreimeadh nó ar mhaidhm charraige<br>Méadair de thalamh caillte mar thoradh ar chreimeadh<br>Líon bliantúil na n-áiteanna a mbíonn an-tóir orthu nó na dtaitneamhachtaí a bhfuil damáiste déanta dóibh mar thoradh ar chreimeadh nó mhaidhm charraige |
| 3 | Teochtaí níos teo agus imghalú níos mó, chomh maith le samhraí níos tirime, rud is cúis le dúshláin mhéadaithe roimh bhainistiú fásra agus riosca méadaithe dóiteáin, sreafaí abhann laghdaithe agus fáil acmhainní uisce laghdaithe | Meánteocht, meánteocht uasta agus meánteocht íosta sa samhradh<br>Imghalú féideartha sa samhradh<br>Frasaíocht sa samhradh<br>Meánteocht san earrach<br>Meánteocht san fhómhar<br>Innéacs guaise dóiteáin<br>Sreafaí abhann sa samhradh<br>Laethanta céime<br>Tús an tséasúir fáis | Méid uisce don uisciú arna úsáid<br>líon na bhfalscaithe<br>líon na dtaifead ar fhalscaithe gar do chóiríocht nó gar d'áiteanna a mbíonn an-tóir orthu<br>líon na dtaifead ar dheacrachtaí i ngníomhaíochtaí uiscebhunaithe mar thoradh ar shreafaí ísle abhann.<br>líon na laethanta ina bhfuil srianta uisce i bhfeidhm |

| Uimh. | Ráiteas tionchair | Táscaire clíomeolaíochta | Táscaire tionchair |
|---|---|---|---|
| 4 | Mar thoradh ar theochtaí níos teo, meastar aeráid na hÉireann a bheith níos oiriúnaí don turasóireacht, rud a mbeidh éileamh méadaithe turasóirí mar thoradh air agus a éascóidh éagsúlú agus síneadh an tséasúir | Aertheocht íosta, meán-aertheocht agus aertheocht uasta i ngach séasúr<br>Aertheocht uasta<br>Tonnta Teasa<br>Frasaíocht sa samhradh<br>Luas na gaoithe sa samhradh<br>TCI míosúil<br>Líon na laethanta ina bhfuil oighear<br>Líon na laethanta ina bhfuil sioc<br>líon na n-oícheanta teo<br>líon 'na laethanta samhraidh' | Éileamh turasóirí (ón gcoigríoch agus sa bhaile)<br>Séasúracht na turasóireachta<br>Rannpháirtíocht cuairteoirí i ngníomhaíochtaí faoin aer<br>Díláithriú margaí iomaitheora |
| 5 | Méid ollmhór báistí a dhéanann damáiste do chonairí siúil, a chuireann le riosca ó éilliú uisce snámha, a imríonn tionchar ar an turasóireacht trá agus a laghdaíonn deiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí uiscebhunaithe | Líon bliantúil na laethanta ina bhfuil frasaíocht fhoircneach | líon na gconairí dúnta de thoradh damáiste<br>líon na bhfógraí 'Ná Snámh'<br>líon na dtaifead ar chur isteach ar ghníomhaíochtaí uiscebhunaithe |
| 6 | Aertheocht mhéadaithe a laghdaíonn compord turasóirí agus foirne in earnáil na turasóireachta, rud a chuireann faoi deara go bhfuil ar ghnólachtaí turasóireachta athruithe a dhéanamh | Meánteocht agus meánteocht uasta sa samhradh<br>Dearbh-uasteocht bhliantúil<br>Líon bliantúil na dtonnta teasa<br>Meánluas gaoithe | líon na ngearán faoin teocht |
| 7 | Báisteach mhéadaithe is cúis le damáiste d'fhoirgnimh stairiúla, láithreáin seandálaíochta agus cúrsaí gailf, agus a laghdaíonn éileamh na dturasóirí le linn shéasúir na báistí | Frasaíocht bhliantúil<br>Frasaíocht san fhómhar, sa gheimhreadh agus san earrach<br>Líon bliantúil na laethanta ina bhfuil báisteach níos mó ná 20 mm<br>Líon bliantúil na laethanta ina bhfuil báisteach níos mó ná 30 mm | líon na dteagmhas ina ndearnadh damáiste do thaobh istigh d'fhoirgnimh<br>líon na dteagmhas ina ndearnadh damáiste struchtúrach do shuíomhanna faoi chosaint<br>Séasúracht na turasóireachta |

| Uimh. | Ráiteas tionchair | Táscaire clíomeolaíochta | Táscaire tionchair |
|---|---|---|---|
| 8 | Cur isteach leanúnach ar oibríochtaí taistil agus turasóireachta de bharr stoirmeacha, agus déine mhéadaithe na stoirmeacha is cúis le damáiste do chinn scríbe turasóireachta agus d'áiteanna tarraingthe do chuairteoirí | Líon bliantúil stoirmeacha<br>Luas gaoithe le linn stoirmeacha | Líon bliantúil na dtaifead ar dhamáiste stoirme do chinn scríbe turasóra<br>Líon bliantúil na dtaifead ar dhamáiste stoirme do ghnólachtaí, áiseanna nó imeachtaí turasóra<br>Caillteanas bliantúil ioncaim mar thoradh ar dhamáiste stoirme<br>Costas bliantúil na ndeisiúchán mar thoradh ar dhamáiste stoirme<br>Líon bliantúil na ndúntaí buana nó fadtéarmacha mar thoradh ar dhamáiste stoirme<br>Préimheanna árachais<br>Líon bliantúil na n-éileamh árachais i ndáil le stoirmeacha |
| 9 | Fuacht foircneach is cúis le hoighear nó sneachta, rud a fhágann go ndúntar áiteanna a mbíonn an-tóir orthu agus go gcuirtear eitiltí agus báid farantóireachta ar ceal, agus a chuireann isteach ar thaisteal ar na bóithre agus ar an iarnród | Íosteocht, meánteocht agus uasteocht sa gheimhreadh<br>Titim sneachta<br>Líon na laethanta ina bhfuil sioc<br>Líon na laethanta ina bhfuil oighear<br>Laethanta céime téimh | Líon bliantúil na gcásanna inar dúnadh áiteanna a mbíonn an-tóir orthu<br>Líon bliantúil na gcealuithe imeachtaí<br>líon na gcealuithe eitilte / seirbhísí farantóireachta |
| 10 | Téamh agus aigéadú na n-aigéan is cúis le hathruithe ar chomhdhéanamh na speiceas muirí, rud a imríonn tionchar ar shnámh farraige agus ar an turasóireacht dúlra mhuirí | Teocht dhromchla na farraige<br>Cion teasa an aigéin<br>Cion CO2 an aigéin<br>pH amach ón gcósta<br>pH na doimhne | líon na dteagmhas ina bhfuil rabhaidh faoi smugairlí róin<br>Laghdú ar radhairc ar fhiadhúlra |

Tá na táscairí clíomeolaíochta go léir atá thuas ar fáil – ó Met Éireann go príomha; táscairí faoi Uimhir. 10 ó Fhoras na Mara – ach amháin Tourism Climatic Index (TCI) ríofa: ba cheart cur chuige a fhorbairt le linn an taighde chun a chinntiú go ndéantar an t-innéacs sin a ríomh go rialta.

Níl na táscairí tionchair curtha i dtoll a chéile ar scála náisiúnta faoi láthair, ach amháin iad siúd a bhaineann le hUimh. 4, dá bhfuil sonraí ábhartha ar fáil ó POS, Eurostat, Fáilte Ireland agus Turasóireacht Éireann. Tá cuid de na táscairí tionchair faoi Uimh. 5 ar fáil nó ar fáil go páirteach ó e.g. Spórt Éireann, GCC agus ó IIÉ. Maidir leis na tionchair eile, déanann go leor soláthraithe cóiríochta agus áiteanna a mbíonn an-tóir orthu taifead ar dhúntaí, líon na gcuairteoirí etc. Cuirfear na sonraí sin i dtoll a chéile agus déanfar anailís orthu i dteannta le táscairí clíomeolaíochta mar chuid de ghníomh oiriúnaithe 1.1. I gcás taighde a dhéantar mar chuid den ghníomh sin ba cheart tosaíocht a thabhairt do bhonnlínte agus do threochtaí bliantúla a aimsiú le haghaidh na gcéad trí Thionchar Tosaíochta, toisc gurb iad siúd is mó a bhfuil iarmhairt acu ar an earnáil. Is féidir spriocanna a fhorbairt nuair a bheidh na bonnlínte sin socraithe, agus laghdófar an bhearna idir an bhonnlíne agus an sprioc le gníomhartha faoi Sprioc 3.

Cabhróidh **táscairí cur chun feidhme** (atá san áireamh i gcuid 4.2 Gníomhartha Oiriúnaithe) le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean. Is **táscaire toraidh** ón bPlean seo é laghdú ar iarmhairtí earnála measta, go háirithe le haghaidh Thionchair Thosaíochta 1-3, mar thoradh ar athléimneacht na hearnála a fheabhsú, mar a dhéantar a thomhas tar éis an próiseas céanna a dhéanamh arís mar atá sonraithe in Aguisín I Modh a Úsáidtear le haghaidh Scagadh ar Thionchar Aeráide tar éis na gcúig bliana ar lena linn a chuirtear an Plean seo chun feidhme (gníomh oiriúnaithe 1.5).



Túr Comharthaí Napoléon, Inis Toirc, Co. Mhaigh Eo
© Deborah Bennett

# Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| BTI | Bealach Tiúchana Ionadaíoch |
| CATT | An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas |
| CCAA | An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide |
| CET | An Coimisiún Eorpach um Thaisteal |
| CIDanna | Córais Inbhuanaithe Draenála |
| CNO | An Creat Náisiúnta Oiriúnaithe |
| CNP | *An Creat Náisiúnta Pleanála* |
| CO2 | Dé-ocsaíd charbóin |
| CSF | Cuideachta Seirbhísí Fáilte |
| CSNO | An Coiste Stiúrtha Náisiúnta ar Oiriúnú |
| CTA | Cúis le tionchar aeráide |
| CTTÉ | Cónaidhm Thionscal Turasóireachta na hÉireann |
| EDTNA | An Eagraíocht Dhomhanda Turasóireachta de chuid na Náisiún Aontaithe |
| F&F | Foghlaim agus Forbairt |
| FOE | Foireann Oiriúnaithe Earnála |
| FSS | Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte |
| GCC | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| GCT | Gás Ceaptha Teasa |
| GEC | An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil |
| ICN | Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta |
| IIÉ | Iascach Intíre Éireann |
| INGA | Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide |
| LLDBSU | Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha |
| LRT | Laghdú ar Riosca Tubaistí |
| MRNAA | Measúnú Náisiúnta Riosca maidir leis an Athrú Aeráide |
| NUTS | Aicmiú Comhchoiteann na nAonad Críche maidir le Staidreamh |
| OBDT | Oll-Bhreisluach Díreach na Turasóireachta |
| OBL | Oll-Bhreisluach |
| OOP | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| ORGA | Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| PFCSE | Plean Forbartha Cinn Scríbe agus Eispéiris |
| PFN | An Plean Forbartha Náisiúnta |
| PGNB | An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht |
| PIRAA | An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide |

| | |
|---|---|
| POE | Plean Oiriúnaithe Earnála |
| POS | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| PÚÁGA | Plean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| RAFC | An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil |
| RCAC | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| RCCS | An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt |
| RCOG | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| RCPSPA | AAn Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe |
| RD | Ráiteas Deise |
| RdB | Réitigh Dúlrabhunaithe |
| RFTF | An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta |
| RR | Ráiteas Riosca |
| RTBM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| RTCEGSM | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán |
| RTRÁO | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| SAR | Samhail Réigiúnach Aeráide |
| SFI | Sprioc Forbartha Inbhuanaithe |
| SRFT | Straitéis Réigiúnach um Fhorbairt Turasóireachta |
| TCI | Tourism Climatic Index |
| TSN | Toradh Straitéiseach Náisiúnta (in PFN) |



Geimhreadh, Tír Dhá Ghlas, Loch Deirgeirt, Co. Thiobraid Árann
© Destination Lough Derg

# Teistiméireachtaí


Barrutiabengoa JM, Carta G, González N, Pérez D, Más P, Yücei G (2024). Tionchar éileamh na turasóireachta ar an athrú aeráide sa Spáinn. BBVA Research, Maidrid, An Spáinn, Meán Fómhair 2024.

Cámaro García WCA, Dywer N, Gault J (2021). Climate Status Report for Ireland 2020. Tuarascáil Taighde 386 de chuid GCC.

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2024a). Irish Tourism Sector 2019 (Tourism Satellite Account). Foilseachán staidrimh PSO, 21 Iúil 2024.

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2024b). Inbound Tourism Annual 2023. foilseachán staidrimh POS, 19 Meitheamh 2024.

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2024c). Réamh-mheastacháin ar an Daonra agus ar an Lucht Saothair, 2023-2027. Foilseachán staidrimh PSO, 16 Iúil 2024.

An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (2024). Assessment on Prioritising Transboundary Climate Risk for Ireland. Measúnú Uimh. 1, Nollaig 2024.

Deignan K, O'Hora A, Delargy O, Heuston L, Morrow C (2022). *Climate Change Adaptation: Risks and Opportunities for Irish Businesses*. Tuarascáil Taighde 402 de chuid GCC.

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (2019). *Plean Oiriúnaithe don Athrú Aeráide le haghaidh Earnáil na hOidhreachta Tógtha & Seandálaíochta*.

An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (2023). *Tionscadal Éireann 2040: Tuarascáil Bhliantúil 2022*.

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (2024a). Treoirlínte Pleanála Earnála le haghaidh Oiriúnú don Athrú Aeráide: 2024.

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (2024b). An Creat Náisiúnta Oiriúnaithe: Pleanáil le haghaidh Athléimneacht Aeráide in Éirinn.

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán (2023). *Ráiteas Straitéise 2023-2025.*

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán (2024). *An Creat Beartais Turasóireachta, 2025-2030*.

Destination Analysts (2019). *The State of the American Traveler* TM, Eagrán Destinations, Geimhreadh 2019, Imleabhar 31.

eco-union (2019). Treoir maidir le straitéisí oiriúnaithe don athrú aeráide i gceann scríbe turasóireachta. eco-union, Barcelona. DOI: 10.13140/RG.2.2.31909.63203.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2023). Measúnú na hÉireann ar an Athrú Aeráide 2023.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2024a). Modheolaíocht Náisiúnta um Mheasúnú Riosca an Athraithe Aeráide, Meán Fómhair 2024. Arna ullmhú ag KPMG.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2024b). *National Climate Change Risk Assessment: Technical Guidance for Sectoral Risk Assessments* – Leagan deiridh, Meán Fómhair 2024. Arna ullmhú ag KPMG.

Eurocontrol (2021). *Climate Change Risks for European Aviation*. Tuarascáil Achomair. Meán Fómhair 2021.

An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (2024). *European Climate Risk Assessment*. Tuarascáil GEC 01/2024.

An Coimisiún Eorpach um Thaisteal (2023). *Monitoring Sentiment for Domestic and Intra-European Travel*. Travel Horizon Meitheamh - Samhain 2023. An Coimisiún Eorpach um Thaisteal, An Bhruiséil, An Bheilg.

Eurostat (2020). *Aging Europe: Looking at the lives of older people in the EU*. Leabhair staidrimh.

Fáilte Ireland (2021). *Key Tourism Facts 2019*. Fáilte Ireland Research, Márta 2021.

Fáilte Ireland (2023a). *Key Tourism Facts 2022*. Fáilte Ireland Research, Deireadh Fómhair 2023.

Fáilte Ireland (2024). *Tourism Barometer*. Fáilte Ireland Strategic Research & Insight, Bealtaine 2024.

Fáilte Ireland (2025). *Tourism Barometer*. Fáilte Ireland Strategic Research & Insight, Eanáir 2025.

Forfás (2010). Adaptation to Climate Change: Issues for Business. Lúnasa 2010.

GREC-SUD (2024). *Le tourisme face au changement climatique en région Provence-Alpes-Côte d'Azur*. Les cahiers du GREC-SUD édités par l'Association pour l'innovation et la recherche au service du climat (AIR Climat), Bealtaine 2024.

Leabharlann Theach na dTeachtaí (2024). *The UK's changing population*. https://commonslibrary.parliament.uk/the-uks-changing-population/#:~:text=An%20ageing%20population,or%2027%25%20of%20the%20population. 16 Iúil 2024.

An Painéal Idirnáisiúnta ar an Athrú Aeráide (2022). Achoimre don Lucht Déanta Beartais [Pörtner H-O, Roberts DC, Poloczanska ES, Mintenbeck K, Tignor M, Alegría A, Craig M, Langsdorf S, Löschke S, Möller V, Okem A (eagarthóirí)]. In: *Climate Change 2022: Impacts, Adaptation and Vulnerability*. Rannpháirtíocht Mheitheal II sa Séú Tuarascáil Mheasúnaithe de chuid an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide [Pörtner H-O, Roberts DC, Tignor M, Poloczanska ES, Mintenbeck K, Alegría A, Craig M, Langsdorf S, Löschke S, Möller V, Okem A, Rama B (eagarthóirí)]. Cambridge University Press, Cambridge, RA agus Cathair Nua-Eabhrac, Nua-Eabhrac, SAM, lgh 3–33, doi:10.1017/9781009325844.001.

An Painéal Idirnáisiúnta ar an Athrú Aeráide (2023). Achoimre don Lucht Déanta Beartais. In: *Climate Change 2023: Synthesis Report*. Rannpháirtíocht Meithleacha I, II agus III sa Séú Tuarascáil Mheasúnaithe de chuid an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide [Príomhfhoireann Scríbhneoireachta, Lee H, Romero J (eagarthóirí)]. PIRAA, An Ghinéiv, An Eilvéis, lgh 1-34, doi: 10.59327/IPCC/AR6-9789291691647.001.

Kelly B, Stack M (2009). *Climate Change, Heritage and Tourism: Implications for Ireland's Coast and Inland Waterways*. An Chomhairle Oidhreachta.

León DG, Batista F, Ciscar JC, Barranco R, Dosio A, Matei NA (2023). Tourism Climate Index (TCI): Historical (1981-2020) and projected (2020-2100) values. Airmheán Comhpháirteach Taighde (ACT) Choimisiún na hEorpa [Tacar Sonraí] PID: http://data.europa.eu/89h/af97f546-8e9d-4977-9ce3-72e3ed54f3cc.

| RR7 | Báisteach fhoircneach a dhéanann damáiste do chosáin, rud a chuireann faoi deara go bhfuil conairí siúil dúnta | Conairí siúil |

| Uimh. | Ráiteas | Gné |
|---|---|---|
| RR8 | Tuilte abhann a bhfuil tionchar acu ar thrádáil turasóireachta | Táirge turasóireachta Trádáil eile |
| RR9 | Tuilte báistiúil i gcóiríocht turasóireachta | Táirge turasóireachta |
| RR10 | Báisteach throm a chruthaíonn tuilte agus cealú féilte agus imeachtaí nó cur isteach orthu dá barr | Féilte Teagmhais |
| RR11 | Triomach is cúis le srianta uisce a imríonn tionchar ar thionscal na turasóireachta | Táirge turasóireachta Trádáil eile Cinn scríbe |
| RR12 | Triomach a bhfuil tionchar aige ar riocht galfchúrsaí agus ar nithe is díol spéise do chuairteoirí | Táirge turasóireachta Trádáil eile |
| RR13 | Triomach agus teochtaí níos teo a bhfuil tionchar acu ar shlatiascaireacht agus ar ghníomhaíochtaí uiscebhunaithe eile | Slatiascaireacht Trádáil eile |
| RR14 | Triomach agus teochtaí níos teo a chruthaíonn ganntanais uisce a bhfuil tionchar acu ar fhéilte agus ar imeachtaí le linn an t-ardséasúir | Féilte Teagmhais |
| RR15 | Luasanna gaoithe ísle a laghdaíonn deiseanna surfála, gaothshurfála agus surfála eitleoige | Trádáil eile |
| RR16 | Cur isteach stoirme is cúis le cealú áirithintí i gcóiríocht turasóireachta nó a bhfuil tionchar aige ar chumas turasóirí Éire a bhaint amach agus/nó taisteal chuig cinn scríbe ar leith | Táirge turasóireachta Trádáil eile Cinn scríbe |
| RR17 | Gaotha láidre a chuireann cuairteoirí i mbaol, rud a chuireann faoi deara go ndúnfar nithe is díol spéise do chuairteoirí agus conairí siúlóide go sealadach | Táirge turasóireachta Conairí siúil |
| RR18 | Gaotha láidre a chruthaíonn baol do thurasóirí a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí nó i dturais uiscebhunaithe nó cósta, agus a mbíonn tionchar acu ar inárachaitheacht tionscnóirí turas | Trádáil eile |
| RR19 | Damáiste stoirme do chinn scríbe turasóireachta agus do nithe is díol spéise do chuairteoirí | Táirge turasóireachta Cinn scríbe |
| RR20 | An-fhuacht as a dtagann dálaí oighreata is cúis le dúnadh nithe is díol spéise do chuairteoirí | Táirge turasóireachta |
| RR21 | Sneachta is cúis le cealú eitiltí agus bád farantóireachta, chomh maith le cur isteach ar ghréasáin bóithre agus iarnróid, rud a imríonn tionchar ar chumas turasóirí Éire agus cinn scríbe sonracha ina dhiaidh sin a bhaint amach | Táirge turasóireachta Trádáil eile |
| RR22 | Tuilte cósta is cúis le rochtain theoranta agus le damáiste do chinn scríbe turasóireachta agus dá dtrádáil agus dá gconairí siúil agus rothaíochta | Táirge turasóireachta Trádáil eile Cinn scríbe Conairí siúil Conairí rothaíochta |
| RR23 | Creimeadh talún a dhéanann damáiste do nithe is díol spéise do chuairteoirí nó a chuireann faoi uisce iad | Táirge turasóireachta |
| RR24 | Creimeadh galfchúrsaí | Trádáil eile |
| RR25 | Creimeadh is cúis le caillteanas gainimh ó thránna as a dtagann meath ar cháilíocht na dtránna agus/nó rochtain ar thránna | Cinn scríbe |
| RR26 | Athrú cósta as a dtagann baol méadaithe ó mhaidhmeanna carraige nó ó sciorrthaí talún agus ó chreimeadh cósta, rud a chuireann faoi deara go ndúnfar cosáin chósta | Conairí siúil |
| RR27 | Téamh na n-aigéan is cúis le hathruithe ar chomhdhéanamh speiceas, rud a imríonn tionchar ar shnámh farraige | Cinn scríbe |
| RR28 | Téamh agus aigéadú na n-aigéan is cúis le hathruithe ar chomhdhéanamh speiceas, rud a imríonn tionchar ar shlatiascaireacht farraige agus ar an turasóireacht dúlra mhuirí | Slatiascaireacht Trádáil eile |

| Uimh. | Ráiteas | Gné |
|---|---|---|
| RR29 | Aertheocht mhéadaithe a théann i bhfeidhm ar chompord turasóirí agus foirne agus dá bhrí sin tá ar ghnólachtaí turasóireachta athruithe a dhéanamh | Táirge turasóireachta Trádáil eile |
| RD1 | Aertheocht mhéadaithe, mar aon le seans níos fearr go mbeidh aimsir thirim ann, rud a spreagfaidh turasóirí dul ar saoire in Éirinn agus páirt a ghlacadh i dturasóireacht faoin aer | Trádáil eile Cinn scríbe Conairí siúil Conairí rothaíochta |
| RD2 | Aertheocht mhéadaithe, rud a chuireann faoi deara go mbeidh Éire ina ceann scríbe turasóireachta níos tarraingtí, go háirithe i gcomparáid le cinn scríbe i ndeisceart na hEorpa atá ag éirí níos teo | Táirge turasóireachta Trádáil eile |
| RD3 | Aertheocht mhéadaithe is cúis le síneadh a chur leis an bpríomhshéasúr turasóireachta | Táirge turasóireachta Trádáil eile |

## Iarmhairtí Earnála a Mheasúnú

Baineadh úsáid as na slabhraí tionchair aeráide bunúsacha a táirgeadh chun iarmhairtí coibhneasta riosca nó deiseanna ar leith don earnáil turasóireachta ina hiomláine a mheas. Ag gach pointe ama agus ag ceachtar BTI, measadh go raibh iarmhairtí gach riosca nó gach deise a sainaithníodh don earnáil ina hiomláine faoi cheann de na catagóirí seo a leanas: *Tubaisteach*, *Criticiúil*, *Suntasach*, nó *Teoranta* de réir mhéid an damáiste / an chaillteanais don earnáil, méid nó forleithne, nó éifeachtaí thar theorainneacha an chórais (RAFC 2024a, GCC 2024b):

| Déine riosca | Damáiste | Feidhmiúlacht an chórais | Méid agus forleithne | Éifeachtaí cascáideacha |
|---|---|---|---|---|
| Tubaisteach | An-mhór agus an-mhinic | Caillteanas do-athraithe | Méid an-mhór nó forleithne an-ard | Éifeachtaí do-athraithe cascáideacha thar theorainneacha an chórais |
| Criticiúil | Mór agus minic | Cur isteach fadtéarmach | Méid mór agus ard-fhorleithne | Éifeachtaí fadtéarmacha cascáideacha thar theorainneacha an chórais |
| Suntasach | Caillteanais shuntasacha | Cur isteach sealadach nó measartha | Méid measartha nó forleithne mheasartha | Éifeachtaí sealadacha cascáideacha thar an gcóras |
| Teoranta | Caillteanais theoranta nó neamhchoitianta | Gan aon chur isteach suntasach | Méid teoranta nó forleithne theoranta | Gan aon éifeachtaí cascáideacha thar theorainneacha an chórais |

Curtha in oiriúint ó RAFC (2024a).

Ina theannta sin, breithníodh méid an damáiste eacnamaíoch nó líon na bhfostaithe a d’fhéadfadh a bheith as obair mar thoradh ar riosca, i gcás inarb eol é, i gcomhréir le luach eacnamaíoch nó líon na bhfostaithe san earnáil ina hiomláine (féach cuid 2.2 Earnáil na Turasóireachta in Éirinn), trí chur chuige a d’úsáid GCC (2024a). Nuair is cuí, breithníodh achar talún a cailleadh nó a ndearnadh damáiste dó, nó caillteanas nó damáiste do-athraithe do shócmhainní turasóireachta aitheanta.

Rinneadh meastachán ar leibhéal na muiníne i ngach aicme (ó an-íseal go han-ard). Tá faisnéis níos fearr ar fáil maidir le roinnt rioscaí agus deiseanna ná mar atá i gcás cinn eile. Bhí muinín níos airde ann maidir leis na rioscaí / deiseanna sin a bhfuil tuilleadh faisnéise ar fáil ina leith, agus a n-aontaíonn foinsí faisnéise éagsúla ina leith. Maidir le pointí ama amach anseo, b’éigean muinín sa réamh-mheastachán aeráide, chomh maith le muinín in iarmhairtí na haeráide réamh-mheasta, a bhreithniú. Is minic a bhí sé sin ina chúis le muinín a laghdú don todhchaí, i gcomparáid le pointí

ama reatha. Cuireadh éiginnteacht bhreise leis nuair a measadh go n-athródh réamh-mheastacháin shocheacnamaíocha meastachán na hiarmharta earnála, mar gheall ar éiginnteacht sa réamh-mheastachán socheacnamaíoch.

## Ord Tosaíochta a Shannadh chun Aghaidh a Thabhairt ar Ghuaiseacha Aeráide

Leasaíodh ráitis riosca agus deiseanna nuair a breithníodh réamh-mheastacháin shocheacnamaíocha maidir leis an aeráid amach anseo. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar na hiarmhairtí a bhaineann le rioscaí agus deiseanna éagsúla faoin dá BTI agus le hathrú socheacnamaíoch d'earnáil na turasóireachta, cuireadh roinnt rioscaí nó deiseanna a bhaineann le guaiseacha aonair le chéile ag céimeanna ní ba dhéanaí den phróiseas scagtha (agus aird á tabhairt ar na gnéithe éagsúla faoi bhreithniú).

I gcomparáid leis an scagadh tosaigh, bhí laghdú ar líon na slabhraí tionchair aeráide mionsonraithe mar thoradh ar an gcéim scagtha mhionsonraithe. Tugadh tús áite dóibh den chuid is mó de réir iarmhairt earnála atá ann faoi láthair agus atá réamh-mheasta don todhchaí. Cuireadh muinín maidir le sannadh d'aicme áirithe iarmhairtí earnála san áireamh freisin le linn socrú tosaíochta: d'fhéadfadh go mbeadh gá le tuilleadh imscrúdaithe i gcás ina bhfuil an mhuinín an-íseal, sula ndéantar cinneadh aon ghníomh oiriúnaithe ar leith a dhéanamh.


## Práinn a Shocrú chun Aghaidh a Thabhairt ar Ghuaiseacha Aeráide

De réir GCC (2024b), ba é an aidhm gach tionchar aeráide a leithdháileadh ar cheann de na haicmí práinne seo a leanas:

| Critéir phráinne | Catagóir phráinne |
|---|---|
| Beidh gníomhaíocht rialtais nua, níos láidre nó difriúil, cé acu atá beartais, gníomhaíochtaí cur chun feidhme, forbairt acmhainne nó timpeallacht chumasúcháin le haghaidh oiriúnaithe i gceist – sa bhreis ar na cinn sin atá beartaithe cheana féin – tairbheach sna cúig bliana amach romhainn chun rioscaí aeráide a laghdú nó leas a bhaint as deiseanna. Cinnteoidh sé sin freagairtí difriúla de réir chineál na rioscaí agus an chineáil oiriúnaithe:<br>• Aghaidh a thabhairt ar rioscaí nó ar dheiseanna reatha agus gearrthéarmacha le roghanna beaga aiféala nó gan aon aiféala (gníomhaíochtaí a chur chun feidhme nó acmhainn a fhorbairt)<br>• Athrú aeráide a chomhtháthú i gcinntí gearrthéarmacha a bhfuil saolré fhada nó gaibhniú acu<br>• Oiriúnú luath le haghaidh cinntí a bhfuil tréimhsí fada feithimh ag baint leo nó i gcás ina bhfuil gá le pleanáil luath mar chuid de bhainistíocht oiriúnaitheach | Níos mó gníomhartha de dhíth |
| Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, ní fios an bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta nó nach bhfuil. Tá géarghá le tuilleadh fianaise chun bearnaí suntasacha a líonadh nó an éiginnteacht sa leibhéal reatha tuisceana a laghdú d'fhonn an gá le gníomhaíocht bhreise a mheas. | Tuilleadh fiosraithe |
| Tá leibhéil reatha nó phleanáilte gníomhaíochta oiriúnach, ach tá gá le cur chun feidhme leanúnach na mbeartas agus na bpleananna sin chun a chinntiú go leanfar den riosca a bhainistiú amach anseo. | Gníomh reatha a choimeád ag imeacht |
| Ba cheart an fhianaise sna réimsí sin a choinneáil faoi athbhreithniú trí fhaireachán leanúnach ar leibhéil riosca agus ar ghníomhaíocht oiriúnaithe (nó ar an bhféidearthacht maidir le deiseanna agus oiriúnú) ionas gur féidir tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh más gá. | Mionteagasc faire |

Curtha in oiriúint ó GCC (2024a).

Chun é sin a dhéanamh, d'úsáid muid cur chuige MRNAA (2024):




Curtha in oiriúint ó MRNAA (2024).



Binn Ghulbain agus Iuachair sa tosach, Co. Shligigh
© Chris Hill do Thurasóireacht Éireann

# Aguisín II Slabhraí Tionchair Aeráide Mionsonraithe (Mionsonraí Breise le haghaidh Chuid 3.5)

Forbraíodh Slabhraí Tionchair Aeráide Mionsonraithe d'Earnáil na Turasóireachta le linn Scagadh ar Thionchar Aeráide, in ord tosaíochta:

## 3.5.1. Tuilte

**1. Minicíocht mhéadaithe tuilte i gcinn scríbe agus i ngnólachtaí agus i saoráidí turasóireachta, rud a bhfuil damáiste, dúntaí sealadacha go fadtéarmacha, caillteanas ioncaim, riosca árachais agus tairiscintí turasóireachta laghdaithe mar thoradh air.**

*Tá tionchar ag Riosca Tuilte (féach an Plean Oiriúnaithe maidir le Bainistiú Riosca i gcás Tuilte) ar go leor earnálacha, an Turasóireacht ina measc.* Tá gach réigiún in Éirinn neamhchosanta ar thuilte abhann cheana féin. Faoi láthair, is é an t-iarthar láir (Measúnú Riosca Náisiúnta ar an Athrú Aeráide (MRNAA) 2024) réigiún na hÉireann ina bhfuil an t-achar talún is mó atá neamhchosanta ar thuilte cósta uair amháin gach dhá bhliain. Maidir le tuilte báistiúla, is é réigiún an Oirthir agus Lár Tíre an réigiún ina bhfuil an leibhéal is airde séalú ithreach, rud a chuireann cosc ar insíothlú uisce.

**Leochaileacht:**

***Íogaireacht:***

**An-ard**, mar gur comhtharlú forleathan é go bhfuil na cinn scríbe turasóireachta móréilimh lonnaithe ar an gcósta nó gar d'aibhneacha, chomh maith le méid an tionchair: is féidir go dtógfaidh sé seachtainí nó fiú míonna damáiste d'fhoirgnimh agus d'oibríochtaí de bharr tuilte a dheisiú (Cás-Staidéar 3.2).

Tá daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair chósta agus i gceantair atá i mbaol tuilte i measc na ndaoine is leochailí ó thaobh an athraithe aeráide de; tá siad siúd a bhfuil a slí bheatha lonnaithe i gceantair den sórt sin leochaileach go háirithe freisin. Dá bhrí sin, ní mór do phobail atá ag brath ar thurasóireacht i gceantair chósta agus i gceantair atá i mbaol tuilte gníomh oiriúnaithe a dhéanamh go háirithe chun athléimneacht chóir a chinntiú.

***Acmhainn oiriúnaitheach:***

**Íseal**, mar go bhfuil cosaint tuilte den chuid is mó lasmuigh de rialú gnólachtaí turasóireachta.

**Cúiseanna le Tionchar Aeráide agus Guais:**

Tá tuilte intíre sách forleathan anois. Tá tuilte abhann agus screamhuisce thar a bheith suntasach in iarthar na hÉireann e.g. Inbhear na Sionainne. Is guais choitianta iad tuilte cósta anois e.g. i gContae Chorcaí; Tá taifead déanta ag Baile Átha Cliath agus Gaillimh ar theagmhais shuntasacha scaileogaithe mar gheall ar bhorrthaí tonnta agus stoirme. Faoi láthair, tá baol tuilte cósta is airde i gceantair ísle feadh an chósta thoir ó Dhún Dealgan go Baile Átha Cliath agus feadh chósta Chill Mhantáin go Loch Garman, agus ar an gcósta theas, tá baol tuilte cósta le feiceáil freisin sna ceantair ísle i bPort Láirge, Dún Garbhán, Eochaill agus Cathair Chorcaí. Ar an gcósta thiar, tá cathair na Gaillimhe agus inbhear na Sionainne i mbaol freisin.

Tá go leor taifead ar thuilte i gcinn scríbe turasóireachta a mbíonn an-tóir orthu le blianta beaga anuas, amhail Gaillimh (lena n-áirítear Sráid na Céibhe), Cora Droma Rúisc agus Beanntraí, agus tá tagairtí sonracha do thuilte bialanna, lóistín, smionagar ar thránna tar éis tuilte etc. san áireamh.

Le hathrú aeráide, meastar go dtiocfaidh méadú ar an bhfrasaíocht i ngach séasúr seachas an samhradh. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar líon na laethanta ina bhfuil báisteach os cionn 20 mm agus os cionn 30 mm (báisteach fhoircneach) faoi BTI 4.5 agus BTI 8.5 araon, agus réamh-mheastar go mbeidh méaduithe ag lár an chéid faoi BTI 8.5 cosúil le méaduithe ag deireadh an chéid faoi BTI 4.5.

Táthar ag súil le méadú ar mhéid na dtuilte abhann, go háirithe sa gheimhreadh, mar gheall ar bháisteach mhéadaithe. Maidir le teagmhais tuilte a bhfuil tréimhse fillte acu uair amháin i gcéad bliain faoi láthair, tarlóidh siad uair amháin i ngach 10 mbliana faoi BTI 4.5; maidir le tuilte a bhfuil tréimhse fillte acu uair amháin i ngach 200 bliain, meastar go dtarlóidh siad gach 10 mbliana faoi BTI 8.5 (GCC 2024a). Réamh-mheastar méadú leanúnach níos suntasaí de réir mar a théann an céad ar aghaidh faoi BTI 8.5 i gcomparáid le BTI 4.5.

Meastar go leanfaidh ardú ar leibhéal na farraige ar aghaidh. Tá méaduithe réamh-mheasta ar Ardú Meánleibhéil na Farraige measartha níos airde faoi BTI 8.5 i gcomparáid le BTI 4.5 faoi lár an chéid; tá an difríocht idir an dá BTInna i bhfad níos suntasaí faoi dheireadh an chéid. Le hathrú aeráide, léiríonn réamh-mheastacháin laghdú ar líon na stoirmeacha nach bhfuil chomh dian d'Éirinn agus méadú ar stoirmeacha níos déine, ar teagmhais neamhchoitianta iad. Beidh baol méadaithe ó thuilte cósta faoi dheireadh an chéid mar thoradh ar athruithe réamh-mheasta ar leibhéal na farraige in éineacht le gníomhaíocht stoirme níos déine a bhfuiltear ag súil léi, go háirithe faoi BTI 8.5. Ní hamháin go síneann an riosca méadaithe sin chuig na ceantair sin atá i mbaol tuilte cósta cheana féin ach síneann sé chuig ceantair nua freisin nach meastar a bheith i mbaol faoi láthair. Mar sin, meastar go dtiocfaidh méadú 13% ar an achar iomlán talún atá i mbaol tuilte cósta uair amháin i ngach dhá bhliain faoi BTI 4.5 nó BTI 8.5 faoi 2050, ach tiocfaidh méadú 30% nó 38% faoi 2100 faoi BTI 4.5 agus BTI 8.5 faoi seach.

Meastar go méadóidh athruithe réamh-mheasta ar leibhéil na farraige méid cothrománach agus ingearach na n-inbhear. Mar thoradh air sin bogfaidh taoidí níos faide in aghaidh an tsrutha agus chuirfeadh sé bac ar shreabhadh aibhneacha agus bheadh tuilte inbhir mar thoradh air. Is dócha freisin go dtiocfaidh méadú ar líon na gcioclón dian agus na gaotha láidre gaolmhara, go háirithe thar an Atlantach Thuaidh, agus go mbeidh tionchar díreach ar bhorrthaí stoirme.

Méadaíonn frasaíocht mhéadaithe, agus go háirithe tuilte an baol go ngluaisfear agus go n-iomprófar truailleáin, rud a mhéadaíonn an baol go sroichfidh dríodar nó uisce éillithe fionnuisce (abhainn, lochanna agus screamhuisce), uisce trasdultach agus uisce cósta agus soláthairtí uisce.

### Tionchair:

***Cóiríocht:***

- Ceanglas chun aíonna a aslonnú
- Contúirt do thurasóirí i láithreáin champála agus carbhán
- Dúntaí chun damáiste tuile a dheisiú
- Áirithintí curtha ar ceal
- Rochtain / páirceáil lagaithe
- Slógadh truailleán as a dtagann Fógraí Ná hÚsáid / Fiuchta Uisce
- Costas más gá soláthairtí uisce malartacha a chur ar fáil do chuairteoirí
- Riosca don slabhra soláthair i gcás ina bhfuil tionchar ag tuilte ar fhoinsí bia áitiúla
- Costas oiriúnaithe agus/nó deisiúchán agus athchóirithe
- Costais mhéadaithe ar árachas

***Nithe is díol spéise do chuairteoirí / Páirceanna Náisiúnta:***

- Dúntaí le haghaidh sábháilteacht phoiblí agus / nó deisiúchán
- Damáiste do shócmhainní go díreach ó uisce tuile nó mar thoradh ar inmhíolú lotnaidí nó díghrádú sócmhainní (struchtúracha agus nádúrtha) i dtimpeallacht thais tar éis na tuile *(riosca cascáideach go páirteach ó earnálacha na hOidhreachta Tógtha & Seandálaíochta / na Bithéagsúlachta)*
- Páirceáil nó rochtain ar chodanna den láithreán lagaithe

- Damáiste struchtúrach d'fhoirgnimh *(riosca cascáideach go páirteach ó earnáil na hOidhreachta Tógtha & Seandálaíochta)*
- Smionagar: e.g. i lochanna / ar chonairí
- Cosáin neamh-inrochtana mar gheall ar thuilte
- Soghluaisteacht truailleán is cúis le Fógraí Ná hÚsáid / Fiuchta Uisce *(riosca cascáideach ón earnáil Cáilíochta Uisce agus ón earnáil Bonneagair Seirbhísí Uisce)*
- Díláithriú dríodair agus fásra agus gluaiseacht truailleán a théann i bhfeidhm ar chothromaíocht éiceachórais i lochanna *(riosca cascáideach ó earnáil na Bithéagsúlachta)*
- Costas má bhíonn gá le soláthairtí uisce malartacha a chur ar fáil do chuairteoirí *(riosca cascáideach ón earnáil Cáilíochta Uisce agus Bonneagair Seirbhísí Uisce)*
- Riosca do shlabhra an tsoláthair sa chás go bhfuil tionchar ag tuilte ar fhoinsí bia áitiúla *(riosca cascáideach ó earnáil na Talmhaíochta)*
- Costas ar oiriúnú agus / nó ar dheisiúcháin agus ar athchóiriú *(riosca cascáideach go páirteach ó earnáil na hOidhreachta Tógtha & Seandálaíochta)*
- Costais mhéadaithe ar árachas

***Fáilteachas agus miondíol:***

- Damáiste do shócmhainní (foirgnimh, troscán agus ábhar eile, agus stoc) *(riosca cascáideach go páirteach ó earnáil na hOidhreachta Tógtha & Seandálaíochta)*
- Caillteanas stoic bia
- Soghluaisteacht truailleán is cúis le Fógraí Ná hÚsáid / Fiuchta Uisce *(riosca cascáideach ón earnáil Cáilíochta Uisce agus ón earnáil Bonneagair Seirbhísí Uisce)*
- Costas má bhíonn gá le soláthairtí uisce malartacha a chur ar fáil do chuairteoirí *(riosca cascáideach ón earnáil Cáilíochta Uisce agus Bonneagair Seirbhísí Uisce)*
- Riosca do shlabhra an tsoláthair sa chás go bhfuil tionchar ag tuilte ar fhoinsí bia áitiúla *(riosca cascáideach ó earnáil na Talmhaíochta)*
- Costas ar oiriúnú agus / nó ar dheisiúcháin agus ar athchóiriú *(riosca cascáideach go páirteach ó earnáil na hOidhreachta Tógtha & Seandálaíochta)*
- Costais árachais mhéadaithe nó dodhéantacht árachas a fháil mar gheall ar thuilte arís agus arís eile

***Clubanna gailf:***

- Dúnadh galfchúrsaí mar gheall ar thuilte
- Damáiste do ghalfchúrsaí de bharr leathbhá

***Féilte agus imeachtaí:***

- Cealú nó cur isteach
- Srianta ar úsáid soláthairtí uisce óil *(riosca cascáideach ón earnáil Bonneagair Seirbhísí Uisce)*
- Riosca do shlabhra an tsoláthair sa chás go bhfuil tionchar ag tuilte ar fhoinsí bia áitiúla *(riosca cascáideach ó earnáil na Talmhaíochta)*
- Costas oiriúnaithe
- Costais mhéadaithe ar árachas

***Cinn Scríbe:***

- Smionagar tuilte a bhfuil tionchar aige ar an gcuma
- Tionchar ar rochtain / ar pháirceáil *(riosca cascáideach go páirteach ó earnáil an Bhonneagair Iompair)*

- Damáiste do bhonneagar agus do shaoráidí lena n-áirítear bonneagar múrála agus slatiascaireachta
- Truailliú
- Damáiste do chlú
- Díghrádú an éiceachórais cósta mar gheall ar thuilte *(riosca cascáideach go páirteach ó earnáil na Bithéagsúlachta)*
- Dúnadh sealadach nó díghrádú bealaí na radharc/turasóireachta aitheanta
- Costas suntasach a bhaineann le hinfheistíocht i gcosaintí tuilte, go háirithe le haghaidh ionaid saoire cósta

***Conairí siúil agus rothaíochta:***

- Tuilte ar chonairí feadh bruacha abhann agus ar an gcósta
- Damáiste do bhruacha abhann a chruthaíonn guais do thurasóirí
- Damáiste do chonairí ar thalamh ard a chruthaíonn guais do thurasóirí

***Turais:***

- Neamhábaltacht turais a reáchtáil feadh gnáthbhealaí, mar gheall ar thuilte, baol tuilte nó damáiste / rochtain laghdaithe tar éis tuilte, rud is cúis le caillteanas ioncaim agus damáiste do chlú
- Costais mhéadaithe ar árachas

***Tránna:***

- D'fhéadfadh tuilte a bheith ina chúis le truailliú
- Cur isteach ar bhóithre rochtana *(riosca cascáideach go páirteach ón earnáil Bonneagair Iompair)*
- Is féidir le tuilte creimeadh agus díláithriú dríodair a luathú – féach Tionchar Tosaíochta Uimh. 2, thíos

### Iarmhairt Earnála:

**Soláthar seirbhíse agus leanúnachas gnó:** Cur isteach ar sheirbhís do thurasóirí chun iad a chosaint ó bhaol agus/nó agus damáiste ó thuilte á dheisiú.

**Caillteanas post agus ioncaim:** Caillteanas post agus damáiste tuilte á dheisiú, rud a d'fhéadfadh blianta a thógáil agus a fhágann go gcailltear slí bheatha, b'fhéidir do chuid mhaith den phobal ag an am céanna, agus a mhéadaíonn leochaileacht eacnamaíoch an phobail. Is ionann é sin agus dáileadh éagothrom an ualaigh a bhaineann leis an athrú aeráide. Tá gnólachtaí a bhfuil brabúis níos ísle acu níos leochailí i leith turraingí gearrthéarmacha, agus mar sin tá siad i mbaol níos mó go ndúnfar go buan iad tar éis tuilte.

**Sócmhainní damáistithe:** Damáiste do-athraithe d'fhoirgnimh; caillteanas nó damáiste do bhailiúcháin; meath nó caillteanas gnáthóg nádúrtha.

**Costais mhéadaithe:** Costais deisiúchán agus costais athsholáthair stoic. Préimheanna árachais méadaithe nó deacrachtaí maidir le hárachas a fháil i gceantair atá i mbaol tuilte. B'fhéidir nach mbeadh gnólachtaí nach bhfuil chomh brabúsach in acmhainn préimheanna árachais méadaithe a íoc, rud a fhágann go bhfuil roinnt gnólachtaí fágtha ina ndiaidh i gceantair atá i mbaol. An costas a bhaineann le soláthairtí uisce malartacha a sholáthar do chuairteoirí má tá soláthar na bpríomhphíobán uisce truaillithe. An costas a bhaineann le hoiriúnú do theagmhais tuilte fhéideartha amach anseo.

**Damáiste bonneagair:** e.g. do phromanáidí, fálú, ballaí farraige, áiseanna múrála.

**Sláinte phoiblí:** Riosca truailliú a aistriú ó rith séarachais agus talmhaíochta *(riosca cascáideach ó earnáil na Talmhaíochta)* chuig tránna, láithreáin champála agus carbhán *(riosca cascáideach d'earnáil na Sláinte)*, agus chuig soláthairtí uisce óil. Riosca truailleáin a aistriú chuig uiscí tuilte ar shráideanna. D'fhéadfadh leanaí, daoine scothaosta, agus iad siúd a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bheith i mbaol níos mó ná mar a d'fhéadfadh cuairteoirí eile le linn tuilte. Ba cheart baill

foirne a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a chur san áireamh le linn measúnú riosca freisin. Is iad daoine a bhfuil bunriochtaí sláinte orthu is mó atá i mbaol ó uisce éillithe.

**Truailliú comhshaoil:** Slógadh truailleán a théann isteach i bhfíoruisce, uiscí trasdultacha agus / nó uiscí cósta.

**Damáiste do chlú:** Íomhá dhiúltach phoiblí i gcás ina mbreathnaítear ar cheann scríbe a bheith neamhullmhaithe nó nach bhfuil sé athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide, rud a fhágann go mbeidh laghdú ar chuairteanna fillte / spéis níos lú i measc turasóirí i gcoitinne agus, sa deireadh, go dtiocfaidh meath ar an gceann scríbe féin.

**Rochtain choiscthe:** Rochtain ar e.g. oileáin, Páirceanna Náisiúnta ciorraithe, mar gheall ar *bhonneagar iompair*, damáistithe, rud a chuireann srian le taisteal turasóirí agus soláthairtí. D'fhéadfadh sé sin, dá réir sin, ioncam a laghdú i gcás roinnt ceantar is mó a bhraitheann ar an turasóireacht le haghaidh ioncaim agus fostaíochta, rud a fhágann go mbeidh dáileadh éagothrom ar ualach an athraithe aeráide. Cé go n-úsáidtear struchtúir shealadacha chun rochtain a cheadú sa ghearrthéarma, d'fhéadfaidís sin a bheith ní ba dhúshlánaí dóibh siúd a bhfuil a soghluaisteacht teoranta. D'fhéadfadh tionchar níos mó a bheith ag ganntanais soláthair ar ghnólachtaí beaga a bhfuil níos lú acmhainne acu stoc-charnadh. D'fhéadfadh fadhbanna sa slabhra soláthair moill a chur ar obair dheisiúcháin freisin.

**Dúntaí sealadacha go fadtéarmacha:** Le linn deisithe agus athchóirithe. B'fhéidir nach mairfidh gnólachtaí nach bhfuil chomh brabúsach sin.

**Athruithe sa mhargadh:** B'fhéidir nach mbeadh turasóirí a ndeachaigh tuilte i bhfeidhm orthu ag iarraidh saoire in aice leis an gcósta nó gar d'aibhneacha.

**Méadú ar astaíochtaí GCT:** A bhaineann le cosaintí tuilte a thógáil.

## Príomhbhearta Oiriúnaitheacha:

**Bearta Oiriúnaitheacha atá á n-úsáid faoi láthair:**

***Iontaofacht:***

- Lean dlí pleanála agus treoir phleanála – seachnaítear na tuilemhánna i bhforbairtí nua, baintear úsáid as Córais Inbhuanaithe Draenála (CIDanna)
- Lean an Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (LDBSU)
- Tabhairt faoi mheasúnú riosca tuilte a bhaineann go sonrach leis an láithreán
- Bain úsáid as cur chuige measúnaithe riosca sa treoir *Adapting to the reality of climate change: A guide for Ireland's Hospitality and Tourism Sector*
- Úsáid a bhaint as an treoir *Cónaí Gar do Chúrsaí Uisce: Treoir do Chearta agus Freagrachtaí Úinéirí Talún*
- Úsáid a bhaint as *Guidelines for Organising Outdoor Activity Events*
- Ceadúnú chun srian a chur le sceitheadh fuíolluisce
- Tiomantas a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar riosca aeráide i bpleananna bainistíochta láithreáin
- Measúnú ar thionchair aeráide tionscadal in iarratais ar dheontais a chur san áireamh e.g. deontais chaomhantais de chuid na Comhairle Oidhreachta/ na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO)

***Seasmhacht:***

- Scéimeanna cosanta tuilte de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)
- Leibhéal na mbóithre a ardú
- I gceantair chósta agus in aice le haibhneacha, tógáil ar thalamh níos airde

- Acmhainní a aimsiú os cionn leibhéal na talún
- Faireachán a dhéanamh ar réamhaisnéisí na haimsire
- Úsáid a bhaint as roghanna féar nó gairbhéil treisithe tréscaoilteacha le haghaidh páirceáil phleanáilte, ionas go bhfuil síothlú uisce báistí ann
- Gairdíní báistí agus claiseanna reatha a fhorbairt feadh gréasáin bóithre agus cosán chun an t-uisce a mhoilliú, rud a laghdóidh tionchair tuilte[12]
- Deisiúcháin agus coigeartuithe struchtúracha a dhéanamh ar fhoirgnimh chun cosc a chur ar dhul isteach uisce báistí

***Téarnamh & freagairt:***

- Foláireamh luath tuilte – an t-idirghabhálaí pobail a chur ar an eolas
- Tógáil agus eagrú ionas gur féidir earraí luachmhara a bhogadh go héasca
- Oiliúint a chur ar fhoireann maidir le hullmhú le haghaidh tuilte agus sócmhainní a tharrtháil
- Plean Práinnfhreagartha a fhorbairt
- Seirbhís 24 uair an chloig a chinntiú chun éigeandálaí a thuairisciú, ionas gur féidir foirne ábhartha a chur ar an eolas
- Úsáid a bhaint as córais braite agus foláirimh uisce
- Cloí le Treoirlínte um Oidhreacht agus Oiriúnú Aeráide le haghaidh Údaráis Áitiúla
- Úsáid a bhaint as scéim freagartha tubaiste le haghaidh gailearaithe, cartlann, leabharlann, músaem
- Treoir a leanúint maidir le conas freagairt a thabhairt roimh thuile, lena linn agus ina dhiaidh ar www.floodinfo.ie

***Iomarcaíocht:***

- Bíodh fuinneamh cúltaca agus soláthairtí riachtanacha eile ar fáil, chomh maith le roghanna malartacha rochtana.

*An leor na bearta oiriúnaitheacha atá ann faoi láthair?*

Tá gá le rannpháirtíocht agus oiliúint níos mó chun a chinntiú go bhfuil gach páirtí leasmhar ar an eolas faoi riosca chomh mór sin agus go bhfuil siad ag freagairt dó ar bhealach cuí.

*Bearta Oiriúnaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann:*

**Feasacht a mhéadú** ar an riosca agus ar réitigh. A chinntiú go ndéantar measúnuithe riosca ar thuilte agus go ngníomhaítear dá réir ar fud an chórais turasóireachta. A chinntiú go bhfuil pleananna práinnfhreagartha éifeachtacha ag gnólachtaí turasóireachta. Oiliúint a chur ar ghnólachtaí turasóireachta[13] maidir le hoiriúnú don aeráid. Feasacht a mhéadú in earnálacha eile / i bpobail eile maidir le rioscaí truaillithe comhshaoil má tharlaíonn tuilte agus mura raibh truailleáin á rialú go cúramach ag an bhfoinse.

12 Mar shampla, tá ceithre ghairdín báistí á bhforbairt i gcarrchlós Chaisleán Urmhumhan, Carraig na Siúire. Páirc Denis Burke, atá suite cois na Siúire i gCluain Meala, ar Ghormbhealach na Siúire agus ar Chonair Shiúil an Bhuitléaraigh, atá deartha chun uisce breise a stóráil mar chuid de scéim cosanta tuilte Chluain Meala (An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG) 2019).

13 Luaitear sa Chreat Beartais Turasóireachta, 2025-2030 'go dtacófar leis an earnáil turasóireachta agus le pobail áitiúla trí dheiseanna oideachais agus oiliúna lena dtairiscintí turasóireachta a oiriúnú le freagairt agus le hoiriúnú d'athrú aeráide agus do chaillteanas bithéagsúlachta'.

**Deisiúcháin struchtúracha** e.g. díonta a dheisiú chun uisce báistí a chosc ó dhul isteach i bhfoirgnimh.

**Draenáil a fheabhsú:** Suíomh agus bail na gcóras draenála a mhapáil, e.g. i suíomhanna stairiúla, agus staidéir hidreolaíocha a dhéanamh chun tuiscint a fháil ar cé chomh tapa is a théann an córas draenála faoi thuilte agus ar an áit a dtéann tuilte. Draenacha nua a shuiteáil, agus córais atá ann cheana a ghlanadh agus a dheisiú. Ballaí clocha tirime a chothabháil agus a dheisiú, a bhfuil draenáil shaor acu mar gheall ar scoilteanna flúirseacha.

**RdB:** Athchóiriú sruthán; giolcarnacha, coillearnacha a fhorbairt, talamh portaigh a athchóiriú in aghaidh an tsrutha ó na codanna is íogaire den réadmhaoin, chun sreabhadh uisce a mhoilliú agus uisce a ionsú agus a shealbhú, rud a laghdóidh tuilte síos an abhainn. Cur i bhfeidhm Nóta Comhairle 5 LDBSU: *Draenáil Bóithre agus Sráideanna le Réitigh Nádúrbhunaithe.* Maoláin bhruachánacha a chruthú feadh aibhneacha agus lochanna chun dríodar, cothaithigh agus lotnaidicídí a laghdú ó rith chun srutha dromchla a théann isteach san uisce agus a dhéanann difear do cháilíocht an uisce (ach éilítear le cur chun feidhme RdB meastóireacht dhian agus fianaise ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach faoi chúinsí sonracha don suíomh).

**Athchóiriú tuilemhá:** Na srianta timpeall aibhneacha a bhaint chun cúrsa níos lúbaí a dhéanamh, rud a mhoilleoidh sreabhadh an uisce agus a chruthóidh gnáthóga bogaigh nua.

**Srian a chur le forbairtí i gceantair chósta atá buailte le tuilte.**

**Ionaid nó scáthláin chlúdaithe a thógáil /a shuiteáil go sealadach:** Chun an riosca d'fhéilte agus d'imeachtaí a laghdú agus foscadh ag nithe is díol spéise a chinntiú.

**Cuairteoirí a chur ar an eolas agus turasóireacht a fhorbairt i gceantair ísealriosca:** Ba cheart do sholáthraithe turasóireachta faisnéis agus cumarsáid leordhóthanach a sholáthar do chuairteoirí, chun iad a chur ar an eolas faoi rioscaí tuilte; Ba cheart a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis sin deartha chun a bheith inrochtana do gach úsáideoir, agus i dteangacha éagsúla nó i bhformáid lena gcuirtear aistriúchán ar fáil ar an toirt. Sreabhadh cuairteoirí a threorú trí iad a chur i dtreo ceantair ísealriosca; bealaí turais nua a shainaithint ar lú an baol go mbeidh tionchar ag tuilte orthu.

**Níos mó gairdíní báistí a iarfheistiú i spásanna uirbeacha:** e.g. Tháinig gairdíní báistí i mBaile Cheatharlach in áit seanstroighne.

**Úsáid modhanna tógála ísealcharbóin agus stroighin ísealcharbóin** i dtógáil cosaintí tuilte.

**Réitigh mhaoinithe nuálacha:** Airgeadas a chur ar fáil do ghnólachtaí brabúis níos ísle chun cabhrú leo an gnólacht a chosaint.

**Oidhreacht shuntasach a bhogadh go criosanna atá faoi riosca níos ísle:** Mar shampla, príomhstruchtúir a bhogadh chuig músaeim; príomhchineálacha ailtireachta chuig páirceanna oidhreachta.

**Léarscáileanna riosca tuilte a bhaineann go sonrach le suíomh a fhorbairt:** Ag leanúint le cur chuige den chineál céanna mar a rinneadh i dTuaisceart Éireann mar shampla le haghaidh Chlochán an Aifir agus dhroichead Charraig a' Ráid.

**Córas rabhaidh feabhsaithe:** Do ghnólachtaí turasóireachta.

## Cás-Staidéar 3.2 Cén tionchar atá ag tuilte ar an turasóireacht i gContae Chorcaí?

Is minic a bhíonn tuilte i gcathair Chorcaí le blianta beaga anuas. Sa bhliain 2009, chuir báisteach throm uisce ag briseadh trí Dhamba Inis Cara, rud a d'fhág gur chuir an Laoi thar bruach. B'éigean do roinnt óstán sa chathair dúnadh dá barr, nó turasóirí a dhiúltú, agus rinneadh damáiste chomh dona sin do cheann amháin de bharr tuilte gur fhan sé dúnta ar feadh 4.5 bliana, agus chaill 100 duine a bpost tráth an dúnta. Rinne tuilte damáiste freisin do ghailearaí móréilimh agus do mhúsaem sa chathair. Tharla tuilte sa chathair arís i mí Feabhra 2014 agus i ngeimhreadh 2015/2016.

I ndiaidh báisteach throm ar fud na tíre, bhí tionchar mór ag tuilte cósta ar na cinn scríbe turasóireachta mhóréilimh, Beanntraí agus Eochaill, i mí Dheireadh Fómhair 2020. Bhí tuilte i mBeanntraí freisin le linn stoirmeacha i mí Eanáir go mí an Mhárta 2018, agus i rith shamhradh na bliana 2020.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, bhuail Stoirm Babet Contae Chorcaí le dhá lá báistí troime a thit ar ithreacha a bhí sáithithe cheana féin. Bhí tuilte troma i Mainistir na Corann mar thoradh ar aibhneacha bolgtha. Tá teagmhais bháistí foircneacha dá leithéid tar éis éirí níos dóchúla agus níos déine de bharr an athraithe aeráide[14]. Bhí 400 teach agus 300 gnólacht ar a laghad faoi uisce, agus b'ionann an damáiste agus thart ar €200 milliún san iomlán. Bhí cealuithe ag óstán amháin ar a laghad mar thoradh ar an teagmhas, agus dúnadh an t-ionad cuairteoirí ag Drioglann Jameson le haghaidh deisiúchán ar feadh roinnt míonna, agus chaill roinnt fostaithe séasúracha a bpoist. I measc na ngnólachtaí eile a ndearnadh tionchar orthu bhí bialanna agus caiféanna, áit ar cailleadh stoc agus a ndearnadh damáiste do chistineacha agus do sheomraí bia.

Lean Stoirm Ciarán Stoirm Babet, rud a d'fhág go raibh tuilte i gcathair Chorcaí ag an am céanna a raibh 100,000 cuairteoir ag teacht le haghaidh Fhéile Snagcheoil Chorcaí, rud a chruthaigh dúshlán breise maidir le comhordú an fhreagra ar na tuilte.

14 https://www.worldweatherattribution.org/climate-change-made-the-extreme-rainfall-associated-with-flooding-in-midleton-ireland-more-likely-and-more-intense/

### 3.5.2. Creimeadh Cósta

**2. Athrú cósta níos tapúla agus creimeadh cósta is cúis le deacrachtaí maidir le rochtain nó damáiste, bá nó meath ar cháilíocht áiseanna cuairteoirí.**

**Leochaileacht:**

***Íogaireacht:***

**Ard**, ós rud é go bhfuil go leor cinn scríbe turasóireachta mhóréilimh suite cois cósta; infheistíocht shuntasach le déanaí sa turasóireacht chósta e.g. Slí an Atlantaigh Fhiáin.

Mar atá mionsonraithe faoi Thionchar Tosaíochta Uimh.1 (Tuilte), tá daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair chósta i measc na ndaoine is leochailí don athrú aeráide.

Tá leochaileacht níos mó i réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair maidir leis an athrú aeráide ná mar atá i réigiún na tíre ina hiomláine[15]. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tosaíocht ag pobail sa réigiún sin atá ag brath ar an turasóireacht agus atá nochta do chreimeadh cósta, e.g. i nDún na nGall, le haghaidh gníomhaíochta oiriúnaithe.

***Acmhainn oiriúnaitheach:***

**Íseal**, toisc go bhfuil creimeadh do-athraithe.

**Cúiseanna le Tionchar Aeráide agus Guais:**

Is iad cóstaí dríodair bhoig an oirthir agus an oirdheiscirt chomh maith le bánna dríodair iargúlta ar chóstaí an iarthair agus an tuaiscirt, mar shampla Inbhear na Sionainne, Bánna Dhún na nGall, Mo, Thrá Lí, agus an Daingin, is mó a bhfuil creimeadh cósta ag baint leo. As 5,800 km de chósta na hÉireann, is trá é 39%. Tá dhá km déag de chósta i mBaile Átha Cliath, 91 km i gCo. Chorcaí, 108 km i gCo. Chiarraí, 170 km i gCo. na Gaillimhe, agus 652 km i gCo. Mhaigh Eo (níos mó ná leath de chósta iomlán Chontae Mhaigh Eo) i mbaol: tá an-tóir ag turasóirí thar lear ar na ceantair sin go léir. Beidh tionchar ag creimeadh cósta i gCo. Loch Garman ar an turasóireacht intíre, áit a meastar go bhfuil 100 km de chósta Chontae Loch Garman (as cósta 264 km ar fad) i mbaol creimeadh cósta, agus go bhfuil 22 km eile den chósta i mbaol i gCo. Phort Láirge.

Maidir le cladaí carraigeacha dheisceart agus iarthar na hÉireann, is gnách go mbíonn an caillteanas talún níos moille ná mar a bhíonn i gcás cóstaí dríodair bhoig, ach is féidir leis na tionchair a bheith contúirteach: maidhmeanna carraige nó sciorrthaí talún. Is féidir le haimsir fhliuch damáiste don éadan carraige a dhéanamh níos measa.

Mar atá mionsonraithe faoi Thionchar Tosaíochta Uimh. 1, réamh-mheastar go leanfaidh ardú ar leibhéal na farraige ar aghaidh. Ós rud é gur príomhchúis le creimeadh cósta é ardú leibhéal na farraige, is féidir a bheith ag súil go mbeidh déine níos lú ag baint le creimeadh cósta faoi BTI 8.5 ná faoi BTI 4.5 faoi dheireadh an chéid, agus nach mbeidh mórán difríochta idir an dá BTI faoi lár an chéid. Léirítear le réamh-mheastacháin freisin méadú ar stoirmeacha níos déine, agus ar bháisteach, lena n-áirítear i mbáisteach fhoircneach. Cuirfidh stoirmeacha agus báisteach fhoircneach dlús le hathrú cósta.

Cuirfear dlús leis an gcreimeadh trí shatailt níos mó ag daonra méadaithe, rud a mhéadóidh leochaileacht i leith na guaise aeráide. Tá an t-armúr carraige chun limistéir leochaileacha a chosaint creimthe féin. Is féidir le harmúr carraige méadú ar chreimeadh in áiteanna eile a chur faoi deara freisin.

15 Leochaileacht | Painéal Oiriúnaithe GEC

### Tionchair:

***Áiteanna a mbíonn an-tóir ag cuairteoirí orthu:***

- Creimeadh a dhéanann damáiste d'fhoirgnimh agus do shéadchomharthaí stairiúla nó is cúis lena dtitim *(riosca cascáideach ó earnáil na hOidhreachta Tógtha & Seandálaíochta)* (féach Cás-Staidéar 3.3)
- Codanna de shuíomhanna stairiúla scuabtha amach san fharraige *(riosca cascáideach ó earnáil na hOidhreachta Tógtha & Seandálaíochta)*
- Creimeadh a fhágann go mbíonn áiteanna nádúrtha faoi uisce, lena n-áirítear gnáthóga tábhachtacha amhail riasc goirt agus tránna scaineagáin *(riosca cascáideach ó earnáil na Bithéagsúlachta)*
- Cailliúint gnáthóige le haghaidh coilíneachtaí éin mara, rud a fhágann go mbeidh laghdú tagtha ar líon na n-éan mara nó go mbeidh cailliúint speiceas ann, agus go mbeidh tionchar ar an turasóireacht dúlra *(riosca cascáideach ó earnáil na Bithéagsúlachta)*
- Dúntaí le haghaidh sábháilteacht phoiblí agus / nó deisiúchán
- Rochtain gearrtha nó neamhshábháilte *(riosca cascáideach ón earnáil Bonneagair Iompair)*

***Tránna***

- Bóthar dosháraithe mar gheall ar ghaineamh ag séideadh ar an mbóthar, rud a ghearrfaidh rochtain *(riosca cascáideach ón earnáil Bonneagair Iompair)*
- Bealach isteach chuig an trá creimthe agus contúirteach nó dosháraithe, rud a ghearrfaidh rochtain *(riosca cascáideach go páirteach ón earnáil Bonneagair Iompair)*
- Creimeadh aillte a chuireann cuairteoirí i mbaol agus lena n-éilítear dúnadh na trá
- Caillteanas gainimh ó thránna is cúis le meath ar cháilíocht tránna
- Díláithriú dríodair, fásra agus gnáthóg do bheatha mhuirí *(riosca cascáideach ó earnáil na Bithéagsúlachta)*
- Damáiste do chlú
- Caillteanas Bhrait Ghoirm *(riosca cascáideach ón earnáil Cáilíochta Uisce)*
- Smionagar a laghdaíonn tarraingteacht na dtránna
- Cúngú na dtránna
- Roinnt tránna faoi uisce, rud a fhágann go bhfuil líon méadaithe agus brúnna níos mó ar thránna eile nach bhfuil an oiread sin tionchair orthu

***Galf***

- Creimeadh is cúis le caillteanas codanna de ghalfchúrsaí agus le damáiste do bhonneagar agus do chosaintí cósta. Tá thart ar 80 de na 420 galfchúrsa in Éirinn gar don chósta.

***Cinn scríbe***

- D'fhéadfadh turasóirí a mheas nach mbeadh armúr carraige, atá suiteáilte chun limistéir leochaileacha a chosaint, chomh tarraingteach sin, agus d'fhéadfadh sé cur le creimeadh breise i gcodanna eile den cheann scríbe
- Rochtain / páirceáil bhuailte *(riosca cascáideach ón earnáil Bonneagair Iompair)*
- Bonneagar agus saoráidí a bhfuil damáiste déanta dóibh
- Díghrádú éiceachórais cósta mar gheall ar chreimeadh *(riosca cascáideach ó earnáil na Bithéagsúlachta)*
- Ceanglas chun bóithre na radharc a atreorú e.g. bóthar ó Phort Láirge agus ó Thrá Mhór i dtreo Chósta an Chopair

- Ceanglas chun tabhairt faoi oibreacha feabhais ar bhóithre an chósta e.g. Mórchuaird Chiarraí agus bóthar in aice le Cé na Cille Móire, Co. Loch Garman.
- Damáiste do chlú

***Conairí siúil***

Creimeadh agus frasaíocht fhoircneach as a dtagann sciorrthaí talún, rud a chuireann sábháilteacht siúlóirí i mbaol, go díreach nó trí dhídhaingniú na talún (cascáidí chuig an earnáil Sláinte)

Creimeadh a dhéanann damáiste do chosáin nó a chuireann faoi uisce iad, nó is cúis le codanna de chosáin a bheith scuabtha amach san fharraige, rud a fhágann go ndúnfar conairí

### Iarmhairt Earnála:

**Soláthar seirbhíse agus leanúnachas gnó:** Cur isteach ar sheirbhís do thurasóirí chun iad a chosaint ó bhaol agus/nó agus damáiste creimthe á dheisiú.

**Caillteanas post agus ioncaim:** Caillteanas post i dtrádáil na turasóireachta i gceantair ina gcailltear nithe is díol spéise, tránna, galfchúrsaí etc. nó ina ndéantar damáiste dóibh, rud a fhágann go gcailltear slí bheatha, b'fhéidir sa deireadh thiar do chuid shuntasach de phobail chósta ar leith, rud a mhéadaíonn leochaileacht eacnamaíoch na bpobal sin. Is ionann é sin agus dáileadh éagothrom an ualaigh a bhaineann leis an athrú aeráide.

**Sócmhainní damáistithe nó caillte:** Damáiste do-athraithe do nithe is díol spéise stairiúla, seandálaíochta agus nádúrtha nó a gcaillteanas.

**Damáiste bonneagair:** e.g. do bhóithre, rampaí rochtana, fálú, armúr carraige, rud a laghdaíonn a shaolré.

**Sláinte phoiblí:** Contúirt do shiúlóirí agus do chuairteoirí ó sciorrthaí talún agus talamh leochaileach.

**Damáiste do chlú:** Sa chás go bhfuil sócmhainní aitheanta caillte, nó sa chás go bhfuil an-chuid den chósta creimthe nó díghrádaithe, rud a fhágann go mbeidh laghdú ar chuairteanna fillte / spéis níos lú i measc turasóirí i gcoitinne, agus go dtiocfaidh meath ar an gceann scríbe sa deireadh.

**Rochtain choiscthe:** Rochtain ar nithe is díol spéise agus ar thránna a chiorraítear nó a éiríonn contúirteach.

**Costais mhéadaithe:** Costais deisiúchán, athchóirithe nó oiriúnaithe chun ardú leibhéal na farraige, borrthaí stoirme etc. a sheasamh amach anseo.

**Cosaintí crua a thógáil:** astaíochtaí GCT atá ag dul i méid trí úsáid a bhaint as stroighin, rud a bhféadfadh creimeadh níos mó a bheith mar thoradh air in áiteanna eile feadh an chósta, agus a d'fhéadfadh a bheith gránna – agus iad go léir ag cur le damáiste do chlú. Is mí-oiriúnú é an t-oiriúnú a mbíonn tionchair dhiúltacha aige in áiteanna eile.

### Príomhbhearta Oiriúnaitheacha:

**Beart Oiriúnaitheach atá á úsáid faoi láthair:**

***Iontaofacht:***

- Fálú a úsáid chun dumhcha a chosaint agus chun cuairteoirí a choinneáil amach ó cheantair chontúirteacha[16]
- Úsáid a bhaint as RdB: plandáil chuí chun dumhcha a dhaingniú; plandáil mhíchuí agus sraitheanna uachtair ithreach a bhaint i gcás ina bhfuarthas amach, mar shampla, go raibh plandáil crann díobhálach do na dumhcha

16 Chun na dumhcha feadh imeall cósta Gheopháirc Dhomhanda Bhoirne agus Aillte an Mhothair de chuid EOECNA a dhaingniú, suiteáladh sraith fálta líontáin sreinge go rathúil i dTrá Fhánóir, rud a lig do mhuiríneach athbhunú agus a chuir daingne a taoibh cósta chun cinn. Tá córas faireacháin cuimsitheach i bhfeidhm chun a chinntiú go leanfar le hathchóiriú breise chun feabhas a chur ar chórais dumhcha dhíghrádaithe.

- Úsáid a bhaint as comharthaíocht d'fhonn cuairteoirí a spreagadh ceantair leochaileacha a sheachaint
- Líon na gcuairteoirí a rialú
- An fócas turasóireachta a aistriú chuig ceantair nach bhfuil i mbaol creimthe e.g. cosáin choillearnaí in aice láimhe seachas tránna
- A chinntiú go gcomhlíontar srianta pleanála – tógáil isteach ón gcósta
- Feasacht a mhéadú trí #ProtectOurDunes: tá an pobal á chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí is féidir damáiste a dhéanamh do dhumhcha, mar shampla satailt, sleamhnú síos aghaidh na ndumhcha, campáil agus tinte campa, oiliúint spóirt agus ligean do mhadraí a bheith ag fánaíocht
- Bain úsáid as acmhainn faisnéise Beaches & Dunes - For Climate Action
- Conairí siúil malartacha, nach bhfuil chomh leochaileach a fhorbairt
- Cloí le Treoirlínte um Oidhreacht agus *Oiriúnú Aeráide le haghaidh Údaráis Áitiúla*
- Bain úsáid as cur chuige measúnaithe riosca sa treoir *Adapting to the reality of climate change: A guide for Ireland's Hospitality and Tourism Sector*
- Bonneagar iompair cósta a chosaint[17]
- Measúnú ar thionchar aeráide atá ag tionscadail a chur san áireamh in iarratais ar dheontais e.g. deontais chaomhantais de chuid na Comhairle Oidhreachta / RTRÁO

***Seasmhacht:***

- Faireachán a dhéanamh ar athrú cósta e.g. trí aermhapáil[18] / athghrianghrafadóireacht[19], agus athrú a cheangal le teagmhais aimsire ar nós stoirmeacha
- Faireachán a dhéanamh ar fhéidearthacht maidhmeanna carraige[20]
- Draenáil fheabhsaithe a shuiteáil chun riosca damáiste a laghdú, rud a chuireann le creimeadh
- Pleanáil theagmhasach a dhéanamh le haghaidh athrú ar an gcósta e.g. plásóga gailf nua
- Faireachán a dhéanamh ar réamhaisnéisí na haimsire
- Oiliúint a chur ar phobail chósta i mbainistíocht cósta[21]
- Ceardlanna le páirtithe leasmhara[22]

***Téarnamh & freagairt:***

- Tabhairt faoi athailíniú bainistithe an chósta
- Dumhcha a bhainistiú nó a atógáil
- Tabhair faoi athchothú trá
- Cosáin shealadacha a thógáil ina bhfuil cosáin ar chósta bog faoi uisce nó damáistithe go sealadach

17 e.g. Tionscadail um Chosaint Bonneagair Iarnróid an Chósta Thoir
18 https://cherishproject.eu/en/
19 Home - CoastSnap- Citizen Science App
20 e.g. le hiniúchadh i mí Lúnasa 2022 ag Sceilg Mhichíl sainaithníodh na criosanna ba mhó, measartha agus ba lú a bhféadfadh maidhmeanna carraige a bheith iontu
21 e.g. Reáchtáil Ná Fág Lorg Éireann, ORGA, Cóstaí Glana, Ollscoil na Gaillimhe, agus Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma cúrsa 'Tránna agus Dumhcha um Oiriúnú don Aeráid' ó mhí Aibreáin go mí an Mheithimh 2024
22 e.g. Bertra 2050 Stewardship Plan | ACT

***Iomarcaíocht:***

- Rochtain mhalartach a chinntiú

*An leor na bearta oiriúnaitheacha atá ann faoi láthair?*

Tá gá le bearta breise chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na bhfreagairtí cuí ar an riosca sin a chinntiú.

*Bearta Oiriúnaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann:*

**Feasacht a mhéadú:** ar an riosca agus ar bhearta chun aghaidh a thabhairt air. A chinntiú go ndéantar measúnuithe riosca ar athrú cósta agus go ngníomhaítear dá réir ar fud an chórais turasóireachta. Oiliúint a chur ar ghnólachtaí turasóireachta maidir le hoiriúnú don aeráid.

**Na gnéithe is suimiúla a bhogadh** e.g. na clocha seandálaíochta is suimiúla a aistriú chuig músaem nó ailtireacht dhúchasach nó thionsclaíoch a atógáil i ndaonpháirc.

**Áiseanna do chuairteoirí a bhogadh go talamh níos airde:** chun 'níos mó spáis le bogadh' a thabhairt do na dumhcha.

**Córais foláirimh a shuiteáil:** Ceamaraí nó braiteoirí chun an baol titime atá le teacht a bhrath.

**Straitéis Chomhtháite um Bainistíocht Criosanna Cósta:** e.g. bainistíocht ghlas sofaisticiúil ar ghalfchúrsaí, lena n-áirítear plean comhtháite bainistíochta lotnaidí a fhorbairt, faireachán ar chothaithigh, athrú ar shíol féir etc., agus glacadh le méid éigin creimthe cósta agus breithniú ar chúlú bainistithe.

**Míntíriú talún le hathchothú trá** chun an cladach a bhrú i dtreo na farraige. Bogaigh a athdhearadh trí úsáid as éicehidreolaíocht.

**Díonadh ar an aeráid maidir le hinfheistíochtaí i gcosáin chósta:** Measúnú riosca creimthe a éileamh sula gcuirfear aon mhaoiniú ar fáil.

## Cás-Staidéar 3.3 Creimeadh cósta feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin

Is cuid de tharraingteacht Shlí an Atlantaigh Fhiáin é fórsa an aigéin. Mar sin féin, tá ardú ar leibhéal na farraige agus borrthaí stoirme ag cur le creimeadh an chósta, ag bagairt tránna, gnáthóg, struchtúr stairiúil, galfchúrsaí agus cosán cósta.

Rinne creimeadh cósta damáiste do roinnt láithreáin oidhreachta feadh chósta an Atlantaigh. Mar shampla, ó thit cuid den aill ag Dún Beag ar Leithinis an Daingin le linn stoirme in 2017, is gá cuairteoirí a choinneáil amach ó chodanna contúirteacha den láithreán.

I Leithinis an Daingin chomh maith, tugann éiceachóras tambaló na Machairí deis do thurasóirí iniúchadh a dhéanamh ar an dúlra agus ar an bhfiadhúlra, siúl, snámh, dul i gcadhc, iascaireacht, surfáil, nó fálróid ar chapaillíní. Mar sin féin, mar gheall ar chreimeadh na trá, tá gaineamh bailithe ar an mbóthar, agus bhí an bóthar ag éirí dosháraithe ar roinnt uaireanta. Tá Cumann Caomhnaithe na Machairí tar éis dul i mbun athshlánú dumhcha agus cosaint gnáthóige fiadhúlra. Tá fáilte roimh chuairteoirí páirt a ghlacadh i siúlóidí fiadhúlra, plandáil muiríní, glanadh trá agus gníomhaíochtaí turasóireachta athghiniúna eile amhail foghlaim faoi logainmneacha, tógáil ballaí cloiche nó déanamh curach.



Tá sé mar aidhm ag tionscadal Ignite de chuid Éire Ildánach, Neart na Machairí, leas a bhaint as neart phobal na Machairí chun athléimneacht a chothú i gcoinne an athraithe aeráide[23].

**Sa phictiúr tá:** muiríneach á cur chun cabhrú le dumhcha a dhaingniú.

Cuireadh bac freisin ar rochtain ar thránna eile feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin mar thoradh ar chreimeadh, agus tá creimeadh ag déanamh cúngú ar thránna nó laghdú ar dhumhcha nó is é is cúis le dumhcha atá ag bogadh isteach. Tá cuid de na ceantair atá buailte ag brath go mór ar an turasóireacht le haghaidh fostaíochta.

Tá caillteanas talún ag baint le galfchúrsaí feadh an chósta, agus tá laghdú tagtha ar dheiseanna siúlóide cósta de réir mar a chailltear píosaí aillte san fharraige.

23 https://www.mahareesconservation.com/creative-coastal-resilience.html

## 3.5.3. Samhraí Níos Teo, Níos Tirime

**3. Teochtaí níos teo agus imghalú níos mó, chomh maith le samhraí níos tirime, rud is cúis le dúshláin mhéadaithe roimh bhainistiú fásra agus riosca méadaithe dóiteáin, sreafaí abhann laghdaithe agus fáil acmhainní uisce laghdaithe.**

**Leochaileacht:**

***Íogaireacht:***

Measartha, toisc go mbíonn na tionchair logánta den chuid is mó.

***Acmhainn oiriúnaitheach:***

**Ard**, toisc gur féidir le feabhsuithe ar éifeachtúlacht úsáide uisce agus dea-chleachtais agus stóráil cuid mhór den riosca a laghdú. [24]Go dtí seo, bhí an t-innéacs saothraithe uisce, tomhas ar an sciar den uisce a úsáidtear ar fud na n-earnálacha uile i gcomparáid le hinfhaighteacht iomlán uisce laistigh de réigiún, íseal d'Éirinn, fiú sa réigiún is nochta i réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, rud a léiríonn an cumas chun déileáil le hathruithe ar fhrasaíocht.

**Cúiseanna le Tionchar Aeráide agus Guais:**

Réamh-mheastar go mbeidh méadú ag teacht ar an meán-aertheocht agus ar an uas-aertheocht de bharr an athraithe aeráide, i ngach séasúr. Meastar go dtiocfaidh méadú ar fhad an tséasúir fáis de bharr an athraithe aeráide, agus an séasúr ag tosú níos luaithe.

D'fhéadfadh fás ní ba mó ar fhásra guais dóiteáin a mhéadú, go háirithe má thriomaíonn fásra amach sa samhradh mar gheall ar an meascán d'aertheocht níos airde, laghdú ar bháisteach shamhraidh, agus imghalú níos airde. D'fhéadfadh luasanna gaoithe laghdaithe réamh-mheasta sa samhradh cabhrú leis an riosca a mhaolú áfach, trí scaipeadh tinte a laghdú. Ar an láimh eile, de bharr tuilleadh gníomhaíochtaí caitheamh aimsire faoin tuath, méadófar riosca tine aitinn agus foraoise agus nochtadh do na tinte.

Meastar go méadóidh an meán-imghalú bliantúil. Tá laghdú ar fhrasaíocht sa samhradh faoi lár an chéid, chomh maith le laghdú breise faoi dheireadh an chéid, réamh-mheasta faoi BTI 8.5 agus BTI 4.5 (éiginnte). I dteannta le fás níos mó, ciallaíonn sé sin go mbeidh gá níos minice le huisciú, agus éileamh níos mó ar uisce. Mar sin féin, beidh an meánlaghdú ar an bhfrasaíocht sách beag (níos lú ná 2% fiú faoi dheireadh an chéid) faoi BTI 4.5, i gcomparáid le breis agus 7% faoi dheireadh an chéid faoi BTI 8.5. Ina theannta sin, tá an limistéar geografach atá nochta do laghdú ar fhrasaíocht sa samhradh níos lú faoi BTI 4.5 i gcomparáid le BTI 8.5: maidir le Baile Átha Cliath, Cill Mhantáin, Loch Garman, agus cuid de Dhún na nGall, is é an réamh-mheastachán ar lár an chéid ná *méadú* ar fhrasaíocht sa samhradh, agus i gcás codanna móra den tír, is beag athrú nó athrú ar bith atá ar fhrasaíocht sa samhradh faoi BTI 4.5 atá i gceist. Fiú faoi BTI 8.5, seachas aon limistéir a bheith ag éirí níos tirime sa samhradh ná áiteanna áirithe sa tír faoi láthair (mar shampla, Baile Átha Cliath agus oirdheisceart Chontae Loch Garman), beidh codanna níos mó den tír ag baint taitneamh as samhraí níos tirime atá ag limistéar geografach an-teoranta faoi láthair.

D'fhéadfadh teochtaí níos teo cur le méadú ar éileamh na dturasóirí ar ídiú uisce freisin. Ag an am céanna, d'fhéadfadh laghdú ar bháisteach sa samhradh agus imghalú níos mó a laghdaíonn sreafaí abhann agus athlíonadh taiscumair acmhainní uisce a chiorrú. D'fhéadfadh na cúinsí sin ganntanais uisce a chruthú agus srianta uisce a chur i bhfeidhm ar phríomhsholáthairtí. Cuirfear dlús leis an riosca mar gheall ar éileamh méadaithe ar acmhainní uisce ó dhaonra méadaithe. Soláthraíonn acmhainní fionnuisce i Sléibhte Chill Mhantáin an daonra mór atá ina gcónaí in oirthear na hÉireann den chuid is mó, agus níl mórán acmhainne breise sa chóras, rud a chiallaíonn go bhfuil srianta uisce níos dóchúla san oirthear.

24 Exposure | EEA Adaptation Dashboard

Tá an baol triomach as a dtagann sreafaí ísle abhann ag méadú mar gheall ar an athrú aeráide.

### Tionchair:

***Clubanna gailf:***

- Drochbhail, lena n-áirítear laghdú ar aonfhoirmeacht agus ar cháilíocht dromchla na bplásóg mar gheall ar dhálaí tirime sa samhradh
- Ceanglas maidir le huisciú mar gheall ar dhálaí tirime sa samhradh *(riosca cascáideach chuig earnáil an Bhonneagair Seirbhísí Uisce)*
- Níos mó caithimh ar ghalfchúrsaí mar gheall ar spéis mhéadaithe de bharr samhraí agus geimhrí séimhe; Níos mó foirmithe tuí agus éagsúlacht níos leithne lotnaidí agus galar, chomh maith le séasúr bainte níos faide bainte mar gheall ar fhómhair agus geimhrí níos séimhe

***Gairdíní, páirceanna***

- Séasúr níos faide bhaint an fhéir
- Riachtanas méadaithe maidir le huisciú *(cascáidí chuig earnáil an Bhonneagair Seirbhísí Uisce)*
- Caillteanas plandaí de bharr triomaigh
- Fás iomarcach fásúil, lena n-áirítear speicis ionracha

***Cóiríocht, fáilteachas, nithe is díol spéise do chuairteoirí***

- Riosca méadaithe maidir le srianta ar úsáid uisce / laghdú ar infhaighteacht uisce *(riosca cascáideach ón earnáil Bonneagair Seirbhísí Uisce)*
- Riosca do shlabhra an tsoláthair sa chás go bhfuil tionchar ag triomach ar fhoinsí bia áitiúla *(riosca cascáideach ó earnáil na Talmhaíochta)*

***Campáil agus carbhánaíocht***

- Riosca méadaithe maidir le cúngú falscaithe ar láithreáin champála & charbhánaíochta *(riosca cascáideach go páirteach ó earnáil na Talmhaíochta; riosca cascáideach d'earnáil na Sláinte)*

***Suíomhanna Stairiúla***

- D'fhéadfadh méadú ar chreimeadh le himeacht ama agus dídhaingniú séadchomharthaí a bheith mar thoradh ar dhó fásra *(riosca cascáideach go páirteach ó earnáil na Talmhaíochta agus ó earnálacha na hOidhreachta Tógtha & Seandálaíochta)*
- Triomú a dhéanann damáiste d'iarsmaí seandálaíochta nó do shuíomhanna agus do shéadchomharthaí *(riosca cascáideach ó earnáil na hOidhreachta Tógtha & Seandálaíochta)*
- Riosca damáiste struchtúraigh, fáis bhitheolaíoch agus turnaimh struchtúr *(riosca cascáideach ó earnáil na hOidhreachta Tógtha & Seandálaíochta)*

***Páirceanna Náisiúnta***

- Riosca méadaithe go mbeidh tionchar diúltach ag falscaithe ar fhlóra, go díreach, trí fhásra a dhó, agus ar fhána go díreach e.g. trí neadacha a scriosadh, nó, go hindíreach, trí ghnáthóga agus foscadh a laghdú *(riosca cascáideach ó earnáil na Bithéagsúlachta)*
- Contúirt ó dhóiteáin do chuairteoirí *(riosca cascáideach ó earnálacha na Talmhaíochta agus na Bithéagsúlachta; riosca cascáideach d'earnáil na Sláinte)*
- Riachtanas méadaithe maidir le bainistíocht cuairteoirí mar gheall ar riosca dóiteáin agus patrólú e.g. timpeall láithreacha picnice *(riosca cascáideach ó earnálacha na Talmhaíochta agus na Bithéagsúlachta; riosca cascáideach d'earnáil na Sláinte)*
- Riosca díghrádaithe agus cailliúna gnáthóg nádúrtha mar gheall ar theas agus ar thriomach *(riosca cascáideach ó earnálacha na Talmhaíochta agus na Bithéagsúlachta)*

***Cinn scríbe***

- Riosca méadaithe ar ghanntanais uisce e.g. ar oileáin *(riosca cascáideach ó earnáil an Bhonneagair Seirbhísí Uisce)*
- Riosca méadaithe go ndéanfaidh falscaithe damáiste do láithreáin áilleachta agus d'fhoraoisí *(riosca cascáideach ó earnálacha na Talmhaíochta agus na Foraoiseachta)*
- Tionchar ó dhóiteán ar fhiadhúlra an chinn scríbe (mar shampla neadacha agus a n-uibheacha a scriosadh) agus ar láithreáin áilleachta *(riosca cascáideacha ó earnálacha na Talmhaíochta agus na Bithéagsúlachta)*
- Díghrádú tírdhreacha nádúrtha a bhaineann le teas / triomach e.g. trí thailte portaigh a thriomú *(riosca cascáideach ó earnáil na Bithéagsúlachta)*
- Athruithe feineolaíochta a bhfuil caillteanas speiceas mar thoradh orthu, e.g. níl teacht chun cinn pailneoirí agus bláthú a bplandaí óstacha ag tarlú ag an am céanna a thuilleadh; cailliúint éiceachóras agus gnáthóg muirí *(riosca cascáideach ó earnáil na Bithéagsúlachta)*

***Féilte & imeachtaí***

- Riosca méadaithe maidir le srianta ar úsáid uisce / laghdú ar infhaighteacht uisce *(riosca cascáideach ón earnáil Bonneagair Seirbhísí Uisce)*
- Soghluaisteacht truailleán is cúis le Fógraí Ná hÚsáid / Fiuchta Uisce *(riosca cascáideach ón earnáil Cáilíochta Uisce agus ón earnáil Bonneagair Seirbhísí Uisce)*
- Costas sa chás gur gá soláthairtí malartacha uisce a thabhairt do chuairteoirí *(riosca cascáideach ó earnáil an Bhonneagair Seirbhísí Uisce)*
- Meath ar cháilíocht na bpáirceanna spóirt a théann i bhfeidhm ar mhórimeachtaí spóirt idirnáisiúnta ar díol spéise iad do thurasóirí

***Conairí siúil***

- Riosca méadaithe maidir le falscaithe a chuireann cuairteoirí i mbaol nó srian ar rochtain *(riosca cascáideach go páirteach ó earnáil na Talmhaíochta)*

***Slatiascaireacht***

- Leibhéil uisce ró-íseal le haghaidh slatiascaireachta
- Laghdú ar stoc éisc; iasc nach bhfuil in ann bogadh ón inbhear go dtí an abhainn / dul ar imirce
- Méadú ar leochaileacht éisc i leith truaillithe, rud a fhágann go maraítear éisc *(riosca cascáideacha go páirteach ó earnáil na Talmhaíochta)*
- Laghdú ar chaolú truaillithe; laghdú ar ocsaigin thuaslagtha san uisce; laghdú ar ghnáthóga mar gheall ar shreafaí ísle abhann
- Athrú ar struchtúr dhaonraí éisc mar gheall ar theocht uisce níos airde
- Riosca méadaithe maidir le speicis ionracha *(riosca cascáideach ó earnáil na Bithéagsúlachta)*

***Spóirt uisce***

- Uisce íseal in uiscebhealaí intíre is cúis le baol go mbeidh báid chúrsála ag dul i dtalamh
- Meath ar dhálaí do chadhcóirí fionnuisce
- Riosca méadaithe go gcuirfidh fás fiailí isteach ar loingseoireacht
- Sreafaí ísle abhann / leibhéil locha a chuireann srian le féidearthachtaí spóirt uisce

### Iarmhairt Earnála:

**Soláthar seirbhíse agus leanúnachas gnó:** Cur isteach ar sheirbhís do thurasóirí mar gheall ar shrianta uisce agus Fógraí Ná hÚsáid / Fiuchadh Uisce.

**Costais mhéadaithe:**

- Costais suiteála – stóráil uisce nó córais níos éifeachtúla ó thaobh uisce de, uisciú, braiteoirí
- Costais saothair a bhaineann le huisciú méadaithe i ngairdíní / i ngalfchúrsaí, plandaí triomaithe a bhaint, séasúr fáis níos faide; fiailí a bhaint chomh maith, lena n-áirítear in uiscebhealaí intíre, go háirithe má sheachnaítear úsáid srianta cheimicigh

**Brabúis laghdaithe:** ó ghalfchúrsaí e.g., áit a mbíonn triomach ar na plásóga.

**Sócmhainní damáistithe:**

- Damáiste do-athraithe do nithe is díol spéise stairiúla, seandálaíochta agus nádúrtha
- Plandaí triomaithe i ngairdíní; bail mheathlaithe (mar gheall ar thriomach / ar phataiginí plandaí a bhaineann le heasnamh taise ithreach) e.g. ar phlásóga gailf
- Leochaileacht mhéadaithe crann i bhforaoisí agus i bpáirceanna foraoise i leith lotnaidí agus galar mar thoradh ar dhálaí aeráide atá ag athrú

**Astaíochtaí gás ceaptha teasa méadaithe:** A bhaineann le húsáid mhéadaithe fuinnimh mar gheall ar shéasúr níos faide bhaint an fhéir.

**Sláinte phoiblí:** Contúirt do shiúlóirí agus do champálaithe ó fhalscaithe; truailliú an tsoláthair uisce; truailliú uisce snámha abhann mura leor sreabhadh na habhann chun fuíolluisce a chaolú. D'fhéadfadh sé a bheith ní ba dheacra do leanaí, daoine scothaosta agus iad siúd a bhfuil dúshláin soghluaisteachta acu tine a sheachaint. D'fhéadfadh na daoine sin a bhfuil bunriochtaí sláinte acu a bheith ní ba leochailí tar éis uisce truaillithe a ól. Ba cheart na grúpaí leochaileacha sin go háirithe a chosaint ar chontúirtí sláinte poiblí, chun ualach éagothrom an athraithe aeráide a sheachaint.

**Damáiste do chlú:** Meath ar cháilíocht radhairc tíre agus an tírdhreacha, nó galfchúrsaí, páirceanna, agus nithe is díol spéise eile, nó ar fhéidearthachtaí iascaireachta nó spórt uisce, rud a fhágann go mbeidh laghdú ar chuairteanna fillte / spéis níos lú i measc turasóirí i gcoitinne.

### Príomhbhearta Oiriúnaitheacha:

**Beart Oiriúnaitheach atá á úsáid faoi láthair:**

***Iontaofacht:***

- An Tionscadal Soláthair Uisce do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre (ag céim na pleanála)
- Bratphortaigh a athfhliuchadh chun stóráil uisce a mhéadú[25]
- Measúnú ar thionchar aeráide atá ag tionscadail a chur san áireamh in iarratais ar dheontais e.g. deontais chaomhantais de chuid na Comhairle Oidhreachta / RTRÁO

25 e.g. gov.ie - National Parks and Wildlife Service and Intel launch bog restoration project to increase water storage by millions of litres

***Seasmhacht:***

- Lean an chomhairle 'Bí Airdeallach ar Dhóiteáin' in *Bí Réidh don Samhradh*
- Lean an chomhairle i *dTreoirlínte um Oidhreacht agus Oiriúnú Aeráide le haghaidh Údaráis Áitiúla*
- Lean an chomhairle in *Water Management Climate Action Guide* de chuid Fáilte Ireland (féach Cás-Staidéar 3.4)
- Tabhair faoin gClár Luasaire um Maoirseacht Uisce de chuid Uisce Éireann[26]
- Lean an chomhairle maidir le caomhnú uisce i *dTreoirlínte Fhéile Inbhuanaithe* de chuid Fáilte Ireland
- Rialú in situ ar an gcomhshaol ag láithreáin stairiúla
- Faireachán a dhéanamh ar stoic éisc le haghaidh comharthaí struis
- Tionscadail athchóirithe abhann (Maoiniú Gnáthóg agus Caomhantais de chuid Iascach Intíre Éireann (IIÉ))
- Córais uiscithe inbhuanaithe a úsáid le haghaidh plásóga gailf
- Bailiú uisce báistí
- Córas Bainistíochta Foirgnimh chun faireachán a dhéanamh ar úsáid uisce agus leictreachais, i gcomhar lena n-athbhreithniú
- Polatholláin ar an láthair le haghaidh táirgeadh bia, rud a laghdaíonn spleáchas ar an slabhra soláthair
- Suirbhé míosúil ar bhrath sceití a dhéanamh / a choimisiúnú
- Logálaí sonraí a shuiteáil ar mhéadar uisce chun faireachán a dhéanamh ar úsáid uisce; fomhéadair le haghaidh saoráidí nó trealaimh atá dian ar uisce laistigh de ghnólacht e.g. linn snámha, cistin
- Coigilteas uisce trí aerthóirí (rialtáin sreibhe) a shuiteáil ar sconnaí agus sconnaí cithfholcadáin, cithfholcadáin agus leithris a oibrítear le braiteoirí, málaí hippo i sistéil, sconnaí brú, linnte snámha atá inslithe go maith
- Feasacht a chruthú e.g. tá Geopháirc Dhomhanda na Boirne agus Aillte an Mhothair de chuid EOECNA ag cur feasacht chun cinn maidir le hacmhainní uisce tríd an tionscadal Aille Engaged, agus ag an am céanna, ag baint úsáid as na sonraí chun bonn eolais a chur faoi aon bhearta oiriúnaithe don athrú aeráide a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil do na sráidbhailte feadh bhealach Abhainn na hAille

***Téarnamh & freagairt:***

- Stad a chur le húsáid 'rí-eangacha' / 'gabh agus caith amach arís' chun strus na n-iasc a sheachaint trí iad a bhogadh isteach agus amach as an uisce
- Úsáid lomairí leictreacha chun astaíochtaí a bhaineann le baint an fhéir a laghdú
- Minicíocht bhaint an fhéir a laghdú, rud a ligeann do mhóinéir nó do mhicreamhóinéir forbairt, leis an gcomhbhuntáiste a bhaineann le daonraí pailneoirí a fheabhsú

***Iomarcaíocht:***

Soláthairtí uisce cúltaca a choinneáil i gcás srianta uisce. Tá sé sin thar a bheith tábhachtach i gcás ina bhfuil aíonna / cuairteoirí leochaileacha ann, chun athléimneacht chóir a chinntiú.

*An leor na bearta oiriúnaitheacha atá ann faoi láthair?*

Tá gá le bearta breise chun a chinntiú go bhfuil na páirtithe leasmhara uile go hiomlán ar an eolas faoin riosca sin agus faoi conas freagairt go cuí.

26 Gnólachtaí a bhfuil ídiú uisce bhliantúil 20,000m3 nó níos mó acu, i.e. óstáin / nithe is díol spéise móire

*Bearta Oiriúnaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann:*

**Feasacht a mhéadú:**

- Do chuairteoirí maidir le hiompar cuí i limistéir aitinn nó foraoise, lena n-áirítear cad atá le déanamh má fheiceann siad falscaí
- Do thionsclaíocht agus do chuairteoirí maidir le húsáid uisce a laghdú
- Do phobal maidir le foinsí truaillithe abhann is cúis le básanna iasc (a mhéadaítear le linn sreafaí ísle)
- I measc an phobail talmhaíochta maidir leis an ngá atá le truailliú scaipthe a laghdú agus dó aitinn a sheachaint
- Do thurasóirí maidir le conas is féidir leo úsáid uisce a bhaineann lena laethanta saoire a laghdú e.g. gan iarraidh tuáillí a ní chomh minic sin
- Do thurasóirí maidir le tionchar na dtonnta teasa ar an tsláinte[27]
- Oiliúint a chur ar ghnólachtaí turasóireachta maidir le hoiriúnú don aeráid.

**Pleanáil theagmhasach:** pleanáil roimh ré, stórais uisce / toibreacha príobháideacha a chothabháil agus cliaint a spreagadh úsáid uisce a laghdú. Ach d'fhéadfadh druileáil neamhrialáilte toibreacha a bheith ina riosca ró-astarraingthe.

**Faireachán agus samhaltú:** Mapáil úsáide talún chun cabhrú le meastachán a dhéanamh ar riosca dóiteáin; réamh-mheastacháin a fhorbairt le haghaidh an innéacs dóiteáin.

**Níos mó úsáide a bhaint as cosaint *in situ* amhail foscadáin agus rialú uisce na hithreach chun séadchomharthaí agus gnéithe** seandálaíochta a chaomhnú: Foscadáin le haghaidh cosaint ar an ngrian / ar bháisteach.

**Córais foláirimh a shuiteáil:** Braiteoirí chun teas / deatach a bhrath (rabhadh luath dóiteáin).

**Bainistíocht uiscithe feabhsaithe:** Beachtuisciú uathoibrithe agus úsáid braiteoirí chun uisciú a dhéanamh ach amháin nuair is gá agus sa cheantar cuí teicnící uiscithe easnaimh a chur i bhfeidhm; gan uisciú ach i gcás na bplandaí is leochailí nó is speisialta amháin. De réir mar a dhéantar uisce uiscithe a phumpáil, tá comhthairbhe ag na teicnící sin mar go laghdaíonn siad ídiú fuinnimh méadaithe agus na costais agus na hastaíochtaí gaolmhara a bhaineann leis an ngá méadaithe le huisciú.

**Úsáid uisce athchúrsáilte:** Chun uisciú, leithreas a shruthlú. Úsáid níos mó a bhaint as bailiú agus stóráil uisce báistí chun úsáid uisce príomhphíobána theorannú (agus é a chur in áirithe mar bhia don duine).

**Speicis nó saothróga a bhfuil éileamh uisce níos ísle orthu a phlandáil:** speicis / saothróga atá oiriúnaithe d'aeráidí níos teo agus níos tirime, amhail féar atá triomachfhulangach, nó speicis dhúchasacha atá oiriúnaithe do thréimhsí tirime e.g. speicis turlaigh, speicis fraochmhá nochta.

**Feabhas a chur ar bhainistiú ithreach:** Infheistiú in áiseanna múirínithe níos fearr chun ithreacha a mhótú níos minice d'fhonn caillteanas taise ó phlanduithe nua a laghdú, agus chun cumas coinneála taise na n-ithreacha a fheabhsú.

**Anailís a dhéanamh ar dheiseanna caomhnaithe uisce i ngnó:** Feabhas a chur ar phluiméireacht, leathshruthlú agus cithfholcadáin sreabhaidh ísil a shuiteáil.

**Fócas slatiascaireachta a atreorú** chuig áiteanna éagsúla nó speicis éagsúla le linn triomaigh.

Bainistiú cuairteoirí, comharthaíocht: Cuairteoirí chuig gairdíní a spreagadh chun fanacht ar na cosáin atá leagtha síos chun caitheamh a laghdú in áiteanna ina bhfuil triomach tar éis leochaileacht limistéar féir a mhéadú. A chinntiú go bhfanann cuairteoirí ar phortaigh agus ar fhoraoisí bogaigh ar na cosáin atá leagtha síos chun caitheamh a laghdú i gcás ina bhféadfadh triomach leochaileacht gnáthóg íogair a mhéadú.

27 https://www.hse.ie/eng/services/list/5/publichealth/publichealthdepts/extreme/key-public-health-messages-during-heatwaves.pdf

**Athfhliuchadh tailte portaigh** chun íogaireacht do thriomach agus do theas a laghdú.

**Bearnaí in éiceachórais foraoisí / tor a chinntiú:** chun gníomhú mar bhacainní ar leathadh dóiteáin; A chinntiú go gcoinnítear cosáin glan ó fhásra marbh; ballaí cloch a chothabháil agus a dheisiú, rud a chuireann ilchineálacht sa tírdhreach.

Dreidireacht níos rialta ar chanálacha chun acmhainn stórála an chórais a mhéadú. Cé go bhféadfadh pumpáil uisce ó aibhneacha isteach i gcanálacha dul chun sochair do chúrsáil, d'fhéadfadh sé sin tionchar díobhálach a imirt ar na haibhneacha.

## Cás-Staidéar 3.4 Bainistíocht uisce a fheabhsú in earnáil turasóireachta na hÉireann

I dtreoir de chuid Fáilte Ireland maidir le Bainistíocht Uisce tugtar comhairle i ndáil le bainistíocht ídithe uisce agus faireachán a dhéanamh air.

Ag tabhairt dá haire go bhfuil seans maith ann go mbeidh ganntanais uisce níos minice mar thoradh ar an athrú aeráide, moltar sa treoir ídiú uisce a íoslaghdú, deireadh a chur le sceití agus foinsí malartacha amhail uisce báistí a úsáid.

Sa treoir tugtar ceithre chéim do ghnólachtaí, ó thuiscint a fháil ar a n-ídiú uisce go straitéisí a chur chun feidhme chun a n-ídiú uisce a laghdú. Soláthraítear samplaí freisin d'óstáin a laghdaigh a n-úsáid uisce (agus a mbillí) trí dhea-bhainistíocht uisce.

Reáchtálann Uisce Éireann clár maoirseachta uisce, ina bhfuil cúrsaí oiriúnacha do ghnólachtaí beaga agus do ghnólachtaí meánmhéide/móra araon.

## 3.5.4. Aeráid Níos Tarraingtí le haghaidh na Turasóireachta

> **4. Mar thoradh ar theochtaí níos teo, meastar aeráid na hÉireann a bheith níos oiriúnaí don turasóireacht, rud a mbeidh éileamh méadaithe turasóirí mar thoradh air agus a éascóidh éagsúlú agus síneadh an tséasúir**

**Leochaileacht:**

***Íogaireacht:***

Measartha.

***Acmhainn oiriúnaitheach:***

Teastaíonn tuilleadh imscrúdaithe ar an deis sin atá ag teacht chun cinn. Níl oiriúnuithe chun leas sonrach a bhaint as an deis sin curtha chun feidhme go fóill, ach má thugtar aghaidh orthu go cuí, táthar ag súil go mbeidh an cumas Ard.

**Cúiseanna le Tionchar Aeráide agus Guais:**

Réamh-mheastar go mbeidh méadú ag teacht ar an meán-aertheocht agus ar an uas-aertheocht de bharr an athraithe aeráide, i ngach séasúr. Tá an meánmhéadú ar uasteocht an tsamhraidh faoi dheireadh an chéid faoi BTI 4.5 níos lú ná (ach gar dó) an méadú faoi lár an chéid faoi BTI 8.5. D'fhéadfadh aimsir ní ba theo níos mó cuairteoirí a mhealladh, nó d'fhéadfadh cuairteoirí cinn scríbe nó gníomhaíochtaí áirithe a roghnú a mheastar a bheith níos tarraingtí in aimsir the. Cuirfear leis sin de bharr dóchúlacht laghdaithe báistí sa samhradh: meastar go dtiocfaidh laghdú ar fhrasaíocht sa samhradh, go háirithe faoi BTI 8.5 faoi dheireadh an chéid.

Tugann athruithe réamh-mheasta i scóir Tourism Climatic Index (TCI) le fios go bhféadfadh éileamh turasóireachta titim i measc iomaitheoirí móra traidisiúnta san Eoraip, agus méadú i dtíortha tuaisceartacha, amhail Éire. Réamh-mheas Matei *et al.* (2023) méaduithe os cionn 2% ar líon na dturasóirí i roinnt tíortha Eorpacha, lena n-áirítear Éire, faoi chás téimh dhomhanda 2°C — rud atá comhfhreagrach le lár an chéid faoi BTI 4.5 a bheag nó a mhór. Ní hionann an méadú sin agus ach thart ar aon trian den mhéadú a réamh-mheasadh d'Éirinn faoi théamh domhanda 3°C (atá comhfhreagrach le lár an chéid faoi BTI 8.5 a bheag nó a mhór). D'fhéadfadh athrú breise ar éileamh turasóireachta laistigh den Eoraip a bheith mar thoradh ar rioscaí adhaimsire, dóiteáin foraoise, triomach agus creimeadh tránna e.g. i gcinn scríbe na Meánmhara.

Ní bhaineann feabhas réamh-mheasta ar scóir TCI leis an samhradh amháin. Faoi BTI 8.5, faoi lár an chéid, réamh-mheastar nach mbeidh ach mí na Nollag go mí Feabhra i réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir agus Lár Tíre agus mí na Samhna go mí an Mhárta i réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair 'neamhfhabhrach' don turasóireacht fós. Faoi dheireadh an chéid, réamh-mheastar aimsir 'inghlactha' nó aimsir níos fearr ó mhí na Bealtaine go mí Dheireadh Fómhair ar fud na hÉireann, agus laghdú ar an séasúr 'neamhfhabhrach' go háirithe go mí Eanáir amháin i réigiún an Oirthir & Lár Tíre (féach Cás - Staidéar 3.5). D'fhéadfadh na hathruithe sin síneadh le séasúr na turasóireachta a éascú.

Cé nach bhfuil feabhsuithe TCI chomh suntasach faoi BTI 4.5 ná mar atá faoi BTI 8.5, táthar ag súil le feabhsuithe ar scóir TCI faoi lár an chéid faoin dá chás le haghaidh gach míosa i réigiún an Oirthir agus Lár Tíre agus réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair i gcomparáid leis an mbonnlíne. Táthar ag súil le feabhsuithe ar scóir TCI faoi lár an chéid faoin dá chás idir mí Feabhra agus mí na Samhna i réigiún an Deiscirt i gcomparáid leis an mbonnlíne. I gceachtar den dá chás taispeántar feabhsuithe sa samhradh agus laghdú ar an séasúr neamhfhabhrach i ngach réigiún chomh luath le lár an chéid. Faoi cheachtar den dá chás, táthar ag súil le dálaí inghlactha nó níos fearr ar a laghad idir mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair i ngach áit sa tír faoi lár an chéid, rud atá ina fheabhsú suntasach ó mhí Iúil go mí Lúnasa amháin in dhá réigiún as trí cinn sna blianta bonnlíne.

Cuirfidh infheistíocht i nglasbhealaí, gormbhealaí, conairí siúil, bealaí taistil ghníomhaigh agus i ngníomhaíochtaí éagsúla faoin aer leis an dearcadh atá ag cuairteoirí féideartha go bhfuil aeráid thairbheach ag Éirinn don turasóireacht faoin aer. Dá gcuirfí séasúr turasóireachta ní b'fhaide chun cinn d'fhéadfadh sé cur leis an tuiscint atá ag cuairteoirí féideartha ar Éirinn mar áit a bhfuil aimsir shéimh inti don chuid is mó den bhliain.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil laghduithe réamh-mheasta ar fhrasaíocht sa samhradh éiginnte agus sách teoranta faoi théamh domhanda níos measartha. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar fhrasaíocht i ngach séasúr seachas an samhradh. I samhlacha reatha éilimh aeráide ar an turasóireacht déantar neamhshuim den fhéidearthacht go mbeidh tionchar sáraitheach ag paraiméadair aeráide fhisiceacha amhail gaoth nó báisteach, le róbhéim ar chompord teirmeach.

D'fhéadfadh cinn scríbe turasóireachta samhraidh ghrianmhara a mbíonn an-tóir orthu faoi láthair oiriúnú do shamhraí a bheadh ag éirí ní ba theo, agus d'fhéadfadh tíortha ar nós na Spáinne turasóirí a athdhíriú ar chinn scríbe ní ba shéimhe, amhail Asturias, nó ar amanna ní ba shéimhe den bhliain. Maidir leis an ardú a bhfuiltear ag súil leis ar oiriúnacht aeráide turasóireachta sa Fhrainc agus sa Ghearmáin a bheidh mar an gcéanna leis sin sa Mheánmhuir, d'fhéadfadh sé méadú ar thurasóireacht intíre sna tíortha sin a spreagadh agus rogha eile a sholáthar le haghaidh margaí féideartha eile d'Éirinn.

Go dtí seo, tá imní i measc turasóirí maidir le drochaimsir níos lú ná an imní maidir le costais mhéadaitheacha, airgead pearsanta, cogadh, beartais áirithinte agus cealaithe agus plódú. Is beag athrú atá tagtha ar an éileamh laistigh den Eoraip go dtí seo, agus níl Eurocontrol (2021) ag súil go bhfeidhmeoidh oiriúnacht aeráide mar phríomhspreagadh le haghaidh athruithe ar shuíomh saoire samhraidh faoi 2050.

Maidir leis an bhféidearthacht an séasúr a shíneadh, tá go leor turasóirí teoranta ag e.g. laethanta saoire scoile maidir leis an tréimhse ina dtógann siad a bpríomhshaoire, cé go réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar líon na dturasóirí a thaistealaíonn le leanaí. Cé nach mbeidh an teas foircneach agus na falscaithe a tharlaíonn i ndeisceart na hEorpa in Éirinn, tá tuilte móra tar éis dul i bhfeidhm ar thíortha i ndeisceart, lár agus tuaisceart na hEorpa le blianta beaga anuas, agus d'fhéadfaidís tarlú in Éirinn, rud a chiallaíonn nach féidir gach cineál drochaimsire a sheachaint má roghnaíonn tú saoire a chaitheamh in Éirinn.

### Tionchair:

***Páirceanna Náisiúnta agus páirceanna agus gairdíní eile***

- Suim mhéadaithe i gcuairt a thabhairt ar Pháirceanna Náisiúnta
- D'fhéadfadh an séasúr breisithe do chuairteoirí bainistíocht cuairteoirí a éascú, plódú agus damáiste do ghnáthóga leochaileacha a laghdú ag príomhchéimeanna sa séasúr fáis / timthriall fiadhúlra
- D'fhéadfadh deiseanna méadaithe le haghaidh siúil, mar shampla, turasóirí a scaipeadh ar shiúl ó oidhreacht thógtha agus seandálaíochta leochaileach

***Soláthraithe gníomhaíochta***

- Suim mhéadaithe i ngníomhaíochtaí faoin aer, spóirt uisce agus turasóireacht eachtraíochta

***Conairí siúil agus rothaíochta:***

- Suim mhéadaithe in úsáid conairí siúil agus rothaíochta, rud a fhágann go mbeidh méadú tagtha ar thrádáil do phobail feadh na gconairí sin

***Cinn scríbe***

- Síneadh a chur le séasúr na turasóireachta, rud a laghdóidh brúnna le linn bhuaic reatha an tséasúir

***Fáilteachas:***

- Suim mhéadaithe i gcultúr caifé faoin aer / bia faoin aer

### Iarmhairt Earnála:

**Ioncam méadaithe do ghnólachtaí turasóireachta:** Mar gheall ar líon méadaithe na gcuairteoirí.

**Deiseanna méadaithe le héagsúlú**, rud a d'fhéadfadh inbhuanaitheacht a mhéadú trí thurasóireacht a scaipeadh agus a d'fhéadfadh dul chun sochair do phobail i réigiúin ina bhfuil an turasóireacht is lú forbairt.

**Méadú féideartha ar spéis i dtaisteal mall** e.g. ar bhád – go hÉirinn nó laistigh di – agus ar rothar laistigh d'Éirinn.

**Síneadh le séasúr na turasóireachta:** Dul chun sochair do bhaill foirne agus do phobail trí ioncaim níos seasmhaí a sholáthar.

**Tairbhe clú:** Sástacht leis an aimsir, rud a fhágann go mbíonn níos mó cuairteoirí ag teacht ar ais agus fógraíocht ó bhéal go béal ann.

**Méadú ar mheanma foirne:** Deiseanna go háirithe do bhaill foirne a bhfuil spéis acu i gcúrsaí faoin aer.

**Deis go gcuirfidh an turasóireacht cur le sláinte an daonra:** Feabhas a chur ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach trí níos mó ama a chaitheamh amuigh faoin aer. Riosca níos lú go scaipfear fliú agus slaghdáin i measc turasóirí le linn an gheimhridh níos teo.

**Costais fuinnimh laghdaithe:** Riachtanas laghdaithe le haghaidh téimh sa gheimhreadh; deis mhéadaithe maidir le grianchumhacht i samhraí ina mbeidh níos lú báistí / clúdach scamall. Mar sin féin, bheadh éileamh méadaithe ar acmhainní éagsúla mar thoradh ar líon méadaithe turasóirí – fuinneamh, uisce, bainistiú dramhaíola, soláthairtí agus iompar.

**Aistriú Cóir:** D'fhéadfadh aeráid fheabhsaithe i Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre go háirithe iarrachtaí a éascú chun turasóireacht athghiniúnach a fhorbairt mar mhalairt ar tháirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar mhóin chun tacú le slite beatha i Lár na Tíre.

**Deiseanna Oileáin Chomhroinnte:** trí iompar gníomhach agus gréasáin turasóireachta eile a fhorbairt.

**Dúshláin bainistíochta cuairteoirí:** Cé gur féidir le síneadh an tséasúir cabhrú le líon na gcuairteoirí a bhainistiú, d'fhéadfadh méadú ar líon na gcuairteoirí i rith an tsamhraidh cur leis na dúshláin a bhaineann le róthurasóireacht, mura ndéantar dea-bhainistíocht orthu. D'fhéadfadh méadú ar an gcaitheamh aimsire faoin aer cur leis na rioscaí d'éiceachórais agus do ghnáthóga talún, *le rioscaí cascáideacha d'earnáil na Bithéagsúlachta.* D'fhéadfadh méadú ar líon na gcuairteoirí cur leis an mbrú ar bhonneagar seirbhísí uisce freisin, *le rioscaí cascáideacha don Bhonneagar Seirbhísí Uisce*.

**Dúshlán chun lorg carbóin earnáil na turasóireachta a laghdú** má thagann méadú ar líon na gcuairteoirí. Cé go bhfuil sé tairbheach maidir le hastaíochtaí iomlána má chuirtear laethanta saoire in Éirinn nach bhfuil gá le heitilt (margaí intíre agus in aice láimhe) in áit laethanta saoire lena n-éilítear eitilt, d'fhéadfaí astaíochtaí a bhaineann leis an turasóireacht *laistigh* d'Éirinn a mhéadú fós trí fhás ar líon na ndaoine. Cuirfidh sé sin leis an deacracht d'Éirinn spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach.

**Tá nochtadh méadaithe an daonra do theas agus do radaíocht ultraivialaite** pléite i dTionchar Tosaíochta Uimh. 6.

### Príomhbhearta Oiriúnaitheacha:

**Bearta Oiriúnaitheacha atá á n-úsáid faoi láthair:**

***Iontaofacht:***

- Pleanáil straitéiseach agus ghnó Fáilte Ireland/ Thurasóireacht Éireann
- Saoráidí áineasa faoin aer amhail glasbhealaí, conairí siúil, boird phicnice agus limistéir bheárbaiciú rialaithe

- Saoráidí snámha feabhsaithe
- Seomraí bia faoin aer
- Ionaid champála
- Bonneagar siúil agus rothaíochta a sheachadadh le linn 2025[28]

***Téarnamh & freagairt:***

- Bainistíocht cuairteoirí chun dúshláin a bhaineann le líon méadaithe turasóirí a laghdú[29].

*An leor na bearta oiriúnaitheacha atá ann faoi láthair?*

Níltear ag tabhairt aghaidh go sonrach ar an deis sin faoi láthair ó thaobh oiriúnaithe de, ach is maith atá an mhargaíocht in ann cheana féin a chinntiú go bhféadfadh an earnáil leas a bhaint aisti – agus gur féidir margaíocht a athdhíriú go tapa. Pléitear sna beartais reatha na dúshláin fhéideartha a bhaineann le méadú ar líon na dturasóirí (féach cuid 2.2.2 Éileamh Turasóireachta, cuid 2.3.2 an Beartas Náisiúnta Turasóireachta, cuid 2.3.4 Straitéisí agus Beartais Réigiúnacha agus Áitiúla maidir leis an Turasóireacht, agus cuid 2.3.5 Straitéisí Réigiúnacha Ábhartha Eile).

*Bearta Oiriúnaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann:*

**Infheistíocht agus atheagrú:** Ar oscailt le haghaidh séasúr níos faide; iompar gníomhach agus saoráidí a fhorbairt le haghaidh gníomhaíochtaí faoin aer, amhail linnte snámha faoin aer; conairí fiadhúlra a fhorbairt idir nithe is díol spéise faoin aer; suíocháin faoin aer, scairdeáin uisce óil, boscaí bruscair a shuiteáil; grianphainéil a shuiteáil; a chinntiú go bhfuil bonneagar ríthábhachtach, lena n-áirítear seirbhísí uisce agus fuíolluisce, i bhfeidhm agus leordhóthanach i gceantair nuafhorbartha agus feadh conairí agus líonraí.

**Feabhas a chur ar bhainistíocht cuairteoirí** chun iarmhairtí díobhálacha líon méadaithe na gcuairteoirí a sheachaint.

**Pleananna Bainistíochta Gnáthóg a fhorbairt** chun gnáthóga leochaileacha a chosaint.

**Scaipeadh níos mó tairiscintí turasóireachta** trí e.g. conairí siúil malartacha a fhorbairt; turasóirí a threorú chuig ceantair nach dtugtar cuairt orthu chomh minic.

**Feabhas a chur ar fhaireachán, suirbhéireacht agus samhaltú:** Faireachán a dhéanamh ar shéasúracht na gcuairteoirí agus ar thionchair na gcuairteoirí chomh maith leis an athrú aeráide ag príomhchinn scríbe; faireachán a dhéanamh ar mheon turasóirí i ndáil le haeráid na hÉireann *maidir le* haeráid i gceantair iomaitheora; samhlacha éilimh turasóireachta a fhorbairt / a fheabhsú d'Éirinn.

**An séasúr a shíneadh le haghaidh na seirbhísí ábhartha:** Faireachán ar uiscí snámha, gardaí tarrthála.

**Aghaidh a thabhairt ar rioscaí aeráide** a laghdódh an deis leas a bhaint as aeráid níos teo murach sin.

Prionsabail **Ná Fág Lorg a chur chun cinn** i measc cuairteoirí.

D'fhéadfadh **margaíocht spriocdhírithe** aghaidh a thabhairt ar an acmhainneacht mhéadaithe le haghaidh na turasóireachta in Éirinn, go háirithe mar mhalairt ar thaisteal thar lear i measc an mhargaidh intíre.

28 *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025*

29 e.g. cuirtear teorainn le líon na gcuairteoirí go Sceilg Mhichíl agus ní cheadaítear ach do 15 thionscnóir bád cheadúnaithe cuairteoirí a thabhairt i dtír ar an oileán le linn an tséasúir

**Lorg carbóin an turasóra a laghdú trí:**

- Éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú (Clár Fáilte Ireland um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm tuilleadh chuig níos mó gnólachtaí turasóireachta)
- Díriú ar mhargaí sonracha:
  - Dá gcuirfí laethanta saoire intíre in ionad laethanta saoire thar lear, laghdófaí go mór astaíochtaí foriomlána turasóirí Éireannacha a eitlíonn de ghnáth agus iad ag dul ar shaoire bhliantúil
  - Dá ndíreofaí ar mhargaí in aice láimhe (a d'fhéadfadh taisteal ar iompar poiblí nó tiomáint (Tuaisceart Éireann) nó an bád farantóireachta a thógáil[30] (an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc, tuaisceart na Spáinne) chinnteodh sé sin nach mbeadh aon mhéadú ar astaíochtaí eitlíochta ann freisin
  - Spriocanna fáis soiléire agus tairseacha astaíochtaí soiléire ('truicir') a shainiú, agus freagairt a athrú má shroichtear iad e.g. iarrachtaí promóisin a laghdú
- Díriú ar chineál sonrach laethanta saoire: laghdaíonn úsáid bonneagair taistil ghníomhaigh ar laethanta saoire astaíochtaí iompair

## Cás-Staidéar 3.5 Turasóireacht a éagsúlú i gCroílár Ceilte na hÉireann

Tá forbairt na turasóireachta i gCroílár Ceilte na hÉireann dírithe ar a bheith gníomhach sa dúlra, agus úsáid á baint as sócmhainní mar uiscebhealaí, glasbhealaí agus conairí siúil. Tá acmhainneacht shuntasach fáis ag an réigiún agus, de ghnáth, tá líon cuairteoirí níos lú ag dul ann go comhréireach ná chuig go leor de na réigiúin níos forbartha ó thaobh na turasóireachta de in Éirinn. Tugann forbairt inbhuanaithe na turasóireachta sa réigiún, tar éis deireadh a chur le baint móna tráchtála, deis chun an geilleagar réigiúnach a éagsúlú, samhail éiceathurasóireachta a chruthú agus acmhainneacht na turasóireachta athghiniúna a iniúchadh.

D'fhéadfadh aimsir ní ba theo agus samhraí ní ba thirime mar thoradh ar an athrú aeráide spéis i ngníomhaíochtaí faoin aer a mhéadú sa réigiún. Is ionann Lár Tíre na hÉireann agus an réigiún ina bhfuiltear ag súil leis an bhfeabhsú is mó san aimsir, agus an séasúr samhraidh is faide. D'fhéadfadh samhraí ní ba theo cuairteoirí intíre agus idirnáisiúnta a mhealladh ar spéis leo gníomhaíochtaí faoin aer a tháinig chun cinn le linn COVID agus ina dhiaidh, agus chomh maith leis sin d'fhéadfaidís cabhrú le forbairt Líonra Conairí Lár na Tíre agus le cur chun feidhme *Mháistirphlean Turasóireachta na Sionainne, 2020-2030. Clár an Rialtais, 2025:* Geallann *Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú* freisin leanúint ar aghaidh le forbairt glasbhealaí, bealaí rothaíochta agus gormbhealaí ar fud na hÉireann, ruda a mhéadaíonn ár roghanna radharc álainn agus uiscebhunaithe do thurasóirí.

Má fhorbraítear an Croílár Ceilte mar ionad le haghaidh turais tailte portaigh agus bithéagsúlachta, meallfar taistealaithe éicea-chomhfhiosacha agus fairtheoirí éan, agus cuirfear béim bhreise ar thailte portaigh, bogaigh agus fiadhúlra cosanta an réigiúin.

Is sprioc é séasúr turasóireachta níos faide le haghaidh forbairt ceann scríbe inbhuanaithe – agus tá sé tábhachtach go háirithe i réigiúin amhail an Croílár Ceilte ina bhfuil bonneagar turasóireachta nach bhfuil chomh forbartha. D'fhéadfadh earraigh agus fómhair ní ba shéimhe síneadh a chur le séasúr na turasóireachta sa réigiún.

30 Deirtear i dTogra 3.4.1. sa Chreat Beartais Turasóireachta, 2025-2030 go n-oibreoidh na gníomhaireachtaí turasóireachta agus an Roinn chun taisteal turasóireachta go hÉirinn a chur chun cinn trí bháid farantóireachta agus trí thionscnaimh iarnróid/seoltóireachta

## 3.5.5. Báisteach Fhoircneach

**5. Méid ollmhór báistí a dhéanann damáiste do chonairí siúil, a chuireann le riosca ó éilliú uisce snámha, a imríonn tionchar ar an turasóireacht trá agus a laghdaíonn deiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí uiscebhunaithe.**

Is é réigiún an Oirthir agus Lár Tíre an réigiún is mó in Éirinn atá nochta do dhroch-chaighdeán uisce snámha, áit a raibh cáilíocht uisce den scoth ag 64% de na láithreáin snámha a ndearnadh faireachán orthu faoi Threoir AE maidir le hUisce Snámha in 2022. I gcomparáid leis sin, bhí caighdeán den scoth ag 86% de na láithreáin snámha i réigiún an Deiscirt.

### Leochaileacht:

***Íogaireacht:***

Measartha: is minic a bhíonn tionchair logánta.

***Acmhainn oiriúnaitheach:***

Measartha: d'fhéadfadh feabhsuithe ar phleanáil, faireachán agus cumarsáid an riosca a laghdú.

### Cúiseanna le Tionchar Aeráide agus Guais:

Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar líon na laethanta ina bhfuil báisteach os cionn 20 mm agus os cionn 30 mm (báisteach fhoircneach) faoi BTI 4.5 agus BTI 8.5 araon, agus réamh-mheastar go mbeidh méaduithe ag lár an chéid faoi BTI 8.5 cosúil le méaduithe ag deireadh an chéid faoi BTI 4.5. Fiú faoi BTI 8.5, réamh-mheastar nach dtiocfaidh méadú ach 1.7 agus 3.2 lá ar líon na laethanta ina bhfuil báisteach os cionn 20 mm faoi lár agus deireadh an chéid, faoi seach, ar an meán ar fud na hÉireann. Mar sin féin, mar atá i gcás frasaíocht shéasúrach, tá éagsúlacht ar fud na tíre sa mhéadú réamh-mheasta. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 1.4 lá ar an meán ar líon na laethanta ina bhfuil báisteach os cionn 30 mm faoi BTI 8.5 faoi dheireadh an chéid, ach suas le 12 lá i gcodanna áirithe den tír. Tá méaduithe suntasacha réamh-mheasta le haghaidh iarthuaisceart Co. Chorcaí, dheisceart Co. Chiarraí agus codanna de Chonamara agus de Co. Dhún na nGall.

Is féidir le báisteach throm is cúis le róshreafaí fuíolluisce agus rith chun srutha ó thalamh talmhaíochta agus ó cheantair uirbeacha a bheith ina chúis le meath gearrthéarmach ar cháilíocht uisce snámha – rud a théann i bhfeidhm ar shábháilteacht snámha agus spórt uisce cósta agus intíre. Cuirtear srianta snámha i bhfeidhm ar an trá nuair a tharlaíonn truailliú, go dtí go léiríonn sampláil go bhfuil cáilíocht an uisce sábháilte. Cuireann údaráis áitiúla fógraí 'Rabhaidh Roimh Ré' in airde ag tránna freisin chun rabhadh a thabhairt do shnámhóirí go bhféadfadh truailliú gearrthéarmach (nach mairfidh níos mó ná cúpla lá) tarlú mar gheall ar bháisteach throm; baintear na rabhaidh sin nuair a léiríonn an tsampláil go bhfuil cáilíocht an uisce sábháilte. Réamh-mheastar go laghdóidh báisteach sa samhradh de bharr an athraithe aeráide, ach réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an mbáisteach i séasúir eile. D'fhéadfadh go mbeadh méadú ar líon na gcuairteoirí ag snámh agus ag glacadh páirt i spóirt uisce le linn an idirshéasúir mar thoradh ar aimsir ní ba theo i rith na bliana, chomh maith le beartas chun an séasúr turasóireachta a shíneadh. Faoi láthair, ní dhéantar an oiread faireacháin (go spásúil) ar uiscí intíre is a dhéantar ar thránna cósta. D'fhéadfadh aimsir ní ba theo agus daonra méadaithe úsáid ní ba mó a bhaint as uiscí intíre, agus iad siúd nach bhfuil mórán deiseanna acu an cósta a bhaint amach a bheith nochta go héagórach do riosca ó uisce gan faireachán. Is minice a tharlaíonn stoirmeacha san fhómhar / sa gheimhreadh / san earrach, rud a fhágann go mbíonn róshreafaí fuíolluisce níos minice. Cuirfidh an t-athrú aeráide leis sin, agus beidh stoirmeacha níos déine agus frasaíocht níos mó sna séasúir sin.

D'fhéadfadh aimsir ní ba theo agus cur chun cinn turasóireachta gníomhaí thar shéasúr ní b'fhaide líon na gcuairteoirí a nochtar do thionchair sreafaí arda abhann / canála ar spóirt uisce a mhéadú freisin.

Réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an mbáisteach shíobtha, atá bunaithe ar mheánbháisteach bhliantúil agus ar mheánluas bliantúil na gaoithe ag pointe ar leith, de bharr an athraithe aeráide. D'fhéadfadh sé sin an brú ar chonairí in aghaidh an chnoic a laghdú ar an meán i gcaitheamh bliana. Mar sin féin, tá stoirmeacha níos déine réamh-mheasta freisin, rud a thugann le fios go bhféadfadh brú neamhchoitianta ach dian a bheith ar chonairí ó stoirmeacha báistí níos déine. Le daonra atá ag méadú, chomh maith le haimsir níos teo agus samhraí níos tirime agus cur chun cinn na turasóireachta gníomhaí, cuireann satailt mhéadaithe leis an mbaol damáiste do chonairí ó theagmhais báistí foircní.

## Tionchair:

### *Conairí siúil:*

- Damáiste do chonairí, rud a fhágann go bhfuil contúirt ann do thurasóirí *(riosca cascáideach ó earnáil na Sláinte)*
- Dúntaí le haghaidh deisiúchán
- Costais deisiúchán
- Rochtain laghdaithe

### *Tránna*

- Meath gearrthéarmach ar cháilíocht an uisce, rud a fhágann go ndúnfar tránna chun sláinte an phobail a chosaint *(riosca cascáideach ón earnáil Cáilíochta Uisce)*
- Am foirne ag teastáil chun an pobal a chur ar an eolas, an trá a dhúnadh
- D'fhéadfadh dúntaí tránna stop a chur le cuairteoirí baile nach raibh a gcóiríocht saoire curtha in áirithe acu go fóill etc.

### *Spóirt uisce*

- D'fhéadfadh tuilte aibhneacha agus canálacha cur isteach ar loingseoireacht agus a n-úsáid a chosc
- Sioltachán canála agus forsceitheadh séarachais
- Cáilíocht uisce neamhshábháilte le haghaidh snámha agus aon spóirt uisce ina bhféadfaí uisce éillithe a ionghabháil *(riosca cascáideach ón earnáil Cáilíochta Uisce)*
- Dúnadh dobharlach ar chúiseanna sláinte poiblí *(riosca cascáideach ó earnáil na Sláinte)*

### *Cinn scríbe*

- Damáiste do shaoráidí áineasa mar gheall ar fhrasaíocht fhoircneach agus báisteach shíobtha

## Iarmhairt Earnála:

**Ioncam laghdaithe do ghnólachtaí áitiúla:** D'fhéadfadh cur isteach ar úsáid tránna nó ar uiscebhealaí custam a laghdú do ghnólachtaí áitiúla atá ag brath ar an trádáil turasóireachta.

**Riarachán méadaithe:** Fógraí a eisiúint agus a fhorfheidhmiú maidir le cáilíocht uisce snámha nó óil, nó conairí a dhúnadh; faireachán.

**Costais mhéadaithe:** Conairí siúil a dheisiú agus bealaí malartacha a fhorbairt; dreidireacht agus glanadh canálacha; anailís saotharlainne mhéadaithe.

**Sócmhainní damáistithe:** Damáiste do chodanna de chonairí siúil, a éilíonn deisiú, a chuireann isteach ar thurasóireacht.

**Damáiste don chomhshaol:** Damáiste d'éiceachórais leochaileacha ag conairí siúil atá buailte nó mar gheall ar an ngá atá le gnáthóga a scriosadh chun bealaí malartacha a thógáil; tionchar iompair innealra chuig an láthair chun conairí a dheisiú nó cinn nua a shuiteáil – damáiste don ghnáthóg chomh maith le hastaíochtaí. Riosca go ndéanfaidh siúlóirí bealaí nua a shatailt trí ghnáthóga íogaire toisc go bhfuil an chonair dúnta *(cascáidí chuig earnáil na Bithéagsúlachta)*. Damáiste d'éiceachórais uisceacha ó thruailliú.

**Sláinte phoiblí:** Contúirt do shiúlóirí, do shnámhóirí agus dóibh siúd atá páirteach i spóirt uisce nó i gcúrsáil. D'fhéadfadh go mbeadh codanna áirithe den daonra ní ba leochailí ó éifeachtaí an truaillithe, rud a chruthódh éagóir maidir le tionchair an athraithe aeráide.

**Damáiste do chlú:** Míshástacht le tairiscint snámha nó spórt uisce, rud a fhágann go mbeidh laghdú ar chuairteanna fillte / spéis níos lú i measc turasóirí i gcoitinne.

### Príomhbhearta Oiriúnaitheacha:

**Beart Oiriúnaitheach atá á úsáid faoi láthair:**

***Iontaofacht:***

- Tógáil conairí siúil atá buanfasach agus clárchosáin ardaithe
- Ceadúnú chun srian a chur le sceitheadh fuíolluisce

***Seasmhacht:***

- Faireachán ar cháilíocht an uisce ag GCC agus ag údaráis áitiúla

***Téarnamh & freagairt:***

- Turasóirí a threorú chun comhairle a leanúint ar www.beaches.ie
- Comharthaíocht a úsáid chun cuairteoirí a dhíspreagadh ó shnámh
- Cuairteoirí a threorú chuig dobharlaigh mhalartacha le haghaidh spóirt uisce
- Fógra a thabhairt do chuairteoirí faoi fhógraí Ná hÚsáid / Fiuchadh Uisce

*An leor na bearta oiriúnaitheacha atá ann faoi láthair?*

Níl sé soiléir an gcuirtear bearta atá ann cheana i bhfeidhm i gcónaí agus an bhfuil gá le bearta breise chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar an riosca sin.

*Bearta Oiriúnaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann:*

**Eolas feabhsaithe:** Maidir le:

- Dúntaí conairí siúil agus nuair a athosclófar arís iad, agus conairí malartacha
- Dúntaí tránna agus nuair a athosclófar iad le haghaidh snámha, mar ní gá go dtabharfaidh lucht saoire cuairt ar www.beaches.ie
- Freagrachtaí turasóirí chun an comhshaol a chosaint e.g. gan neamhaird a dhéanamh de dhúntaí conairí, gan satailt a dhéanamh ar chonairí trasna gnáthóga íogaire; dramhaíl agus madraí a bhainistiú ar thránna

**Faireachán agus samhaltú níos mó:** Chun cabhrú le tionchar a thuar agus bearta réamhchúraim a ghlacadh. Faireachán ar cháilíocht uisce snámha cósta lasmuigh de shéasúr an uisce snámha. Faireachán ar uisce snámha in uiscí intíre a úsáidtear le haghaidh snámha agus spóirt uisce. Chun athléimneacht chóir a chinntiú, tá faireachán thar a bheith tábhachtach i gcás ina n-úsáideann daoine a bhfuil bunriochtaí sláinte acu, agus atá níos leochailí i leith thionchair truaillithe dá bhrí sin, an acmhainn uisce.

**Bainistíocht fheabhsaithe ar uiscebhealaí:** Níos mó dreidireachta a dhéanamh ar chanálacha go dtí a ndoimhneacht dearaidh; níos mó saoráidí uathoibrithe chun amanna freagartha níos tapúla a cheadú do bharáiste agus do gheataí loic i gcásanna sreafa ísil agus aird; córas rabhaidh do bhádóirí lena soláthraítear faisnéis ar threoluasanna ag pointí criticiúla agus bainistíocht tráchta agus múrála chun go mbeidh báid in ann dul trí cheantair dheacra go sábháilte.

**Scaipeadh níos mó tairisceana turasóireachta:** Ar shiúl ó áiteanna ina bhfuil brúnna móra ar bhonneagar fuíolluisce – chun nach gcuirfear leis an mbrú ó chóiríocht turasóireachta agus ó áiseanna turasóireachta eile.

**Bainistiú cuairteoirí, comharthaíocht:** Chun damáiste do chonairí agus do ghnáthóga máguaird a laghdú agus truailliú logánta a laghdú.

**Feasacht mhéadaithe:**

- In earnáil na turasóireachta: oiliúint a chur ar ghnólachtaí turasóireachta maidir le hoiriúnú don aeráid
- In earnálacha na talmhaíochta agus na seirbhísí uisce maidir le foinsí truaillithe scaipthe

## 3.5.6. Tonnta Teasa

**6. Aertheocht mhéadaithe a laghdaíonn compord turasóirí agus foirne in earnáil na turasóireachta, rud a fhágann go bhfuil ar ghnólachtaí turasóireachta athruithe a dhéanamh.**

Is féidir go mbeadh éifeacht fuaraithe ag crainn agus ag uiscí dromchla, agus tá deis fuarú i láithreáin snámha ardchaighdeáin. Tá an céatadán is ísle de láithreáin snámha ardchaighdeáin i réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, céatadán chomh híseal céanna de bhonneagar gorm uirbeach is atá i réigiún an Deiscirt agus céatadán níos ísle de chrainn uirbeacha ná atá i réigiún an Deiscirt. Beidh na méaduithe teochta is mó san oirdheisceart, rud a léireoidh nochtadh réasúnta níos mó sna réigiúin sin do ghnéithe den ghuais sin.

### Leochaileacht:

***Íogaireacht:***

**Íseal**, ar an iomlán, toisc nach réamh-mheastar go sroichfidh na teochtaí na leibhéil atá i mórchinn scríbe iomaitheora cheana féin roimh aon tionchar inbhraite ón athrú aeráide. Mar sin féin, beidh roinnt cuairteoirí agus baill foirne níos leochailí, agus cuirfidh daonra méadaithe leis an míchompord mar gheall ar phlódú.

***Acmhainn oiriúnaitheach:***

**Ard**: feabhsuithe ar scáthú agus aeráil, sceidealú, soláthar uisce etc.

### Cúiseanna le Tionchar Aeráide agus Guais:

Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar mheánteocht agus uasteocht an aeir leis an athrú aeráide, i ngach séasúr, agus beidh méaduithe níos mó i gcoitinne i dtreo oirdheisceart na tíre. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar líon na dtonnta teasa in aghaidh na bliana, cé nach bhfuil sé sin cinnte ach amháin i gcás BTI 8.5, agus fanfaidh líon na dtonnta teasa in aghaidh na bliana íseal (thart ar thonn teasa amháin gach dhá bhliain faoi BTI 8.5 faoi dheireadh an chéid). Meastar go sroichfidh an *uasteocht iomlán* in aghaidh na bliana 29°C ar an meán faoi dheireadh an chéid faoi chás BTI 8.5. Mar sin féin, déanann an meán sin éagsúlacht laistigh den tír a cheilt – meastar go sáróidh na uasteochtaí 30°C i gcodanna de Chontaetha Uíbh Fhailí agus Laoise faoin gcás sin agus ag an amphointe sin. Ní mheastar, áfach, go sárófar 31°C in aon chuid den tír. Meastar go bhfanfaidh an uasteocht *mheánach* samhraidh faoi bhun 20°C faoi lár an chéid faoi chás BTI 4.5 (cinnte).

D'fhéadfadh aimsir ní ba theo níos mó cuairteoirí a mhealladh, nó d'fhéadfadh cuairteoirí cinn scríbe áirithe a roghnú a mheastar a bheith níos tarraingtí in aimsir the: cuirfidh plódú leis an mbaol go mbeidh teochtaí míchompordacha ann. Maidir le gníomhaíochtaí faoin aer, d'fhéadfadh na laghduithe réamh-mheasta ar luas na gaoithe níos lú gaoithe a léiriú, rud a mhéadóidh míchompord

daoine. Méadaíonn taise coibhneasta níos airde míchompord ag teochtaí arda, ach ní réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar thaise coibhneasta an tsamhraidh.

D'fhéadfadh aimsir ní ba theo daoine a spreagadh chun níos mó ama a chaitheamh lasmuigh, rud a mhéadóidh nochtadh turasóirí do dhó gréine agus a mhéadóidh an riosca ailse craicinn.

Méadóidh leochaileacht an daonra i leith teochtaí atá ag méadú de réir mar a théann an daonra in aois. Ós rud é go réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar líon daoine scothaosta i ndaonra an mhargaidh intíre agus i bpríomh-mhargaí na hÉireann thar lear, d'fhéadfadh go mbeadh sciar ní b'airde de chuairteoirí ní ba shine, agus dá bhrí sin ní ba leochailí, mar thoradh air sin *(riosca cascáideacha ó earnáil na Sláinte)*.

De réir mar a éiríonn teochtaí sa samhradh thar a bheith ard i gcodanna eile den Eoraip, d'fhéadfadh aeráid chineálta na hÉireann muinín gan bhonn a spreagadh i measc cuairteoirí, rud ba chúis le hiompar a mhéadódh a nochtadh.

### Tionchair:

#### *Lóistín, fáilteachas*

- Ní mór foireann agus cuairteoirí a choinneáil sách fionnuar – d'fhéadfadh go mbeadh infheistíocht shuntasach agus atheagrú riachtanach

#### *Soláthraithe gníomhaíochta*

- Custam laghdaithe ó chuairteoirí níos leochailí
- Ceanglais mhéadaithe maidir le sláinte agus sábháilteacht
- Ceanglas maidir le hatheagrú chun leas a bhaint as amanna níos fuaire den lá nó den bhliain nó as suíomhanna faoi scáth

#### *Turais*

- D'fhéadfadh busanna a bheith róthe *(riosca cascáideach ón earnáil Bonneagair Iompair)*

#### *Conairí siúil agus rothaíochta:*

- Gá le scáthú, áiteanna le stopadh le haghaidh sosanna, scairdeáin uisce a chinntiú
- Rochtain laghdaithe do chuairteoirí atá níos leochailí ó thaobh teasa de *(riosca cascáideach ó earnáil na Sláinte)*

#### *Tránna / dobharlaigh uirbeacha / spóirt uisce*

- Gá méadaithe le gardaí tarrthála agus faireachán chun sábháilteacht cuairteoirí atá ag iarraidh fuarú a chinntiú *(riosca cascáideach ó earnáil na Sláinte)*

### Iarmhairt Earnála:

**Ioncam laghdaithe do roinnt ghnólachtaí:** D'fhéadfadh roinnt ionaid faoi dhíon a mheastar a bheith róthe custam a chailleadh. D'fhéadfadh ionaid ina bhfuil spás faoin aer teoranta / nach bhfuil spás faoin aer ar fáil a bheith faoi mhíbhuntáiste. D'fhéadfadh iompar poiblí a bheith róthe, rud a laghdódh líon na gcuairteoirí ag roinnt cinn scríbe.

**Costais mhéadaithe:**

- Scairdeáin uisce óil, scairdeáin, cithfholcadáin spraeála poiblí, suíocháin faoin aer, crainn scáthaithe etc. a shuiteáil i limistéir faoin aer
- Éileamh méadaithe ar uisce
- Costais fuinnimh mhéadaithe – cithfholcadáin, aerchóiriú, soláthairtí uisce pumpála

**Riosca méadaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa** mar thoradh ar úsáid mhéadaithe fuinnimh le haghaidh aerchóirithe – ach d'fhéadfaí é sin a mhaolú trí ghrianphainéil a úsáid le stóráil ceallraí, más gá.

**Sláinte phoiblí agus sláinte na foirne:** Contúirt do chuairteoirí agus do thurasóirí laistigh den earnáil ó róthéamh. Is iad daoine óga, daoine scothaosta agus iad siúd a bhfuil bunriochtaí sláinte orthu is mó a bheidh leochaileach.

**Damáiste do chlú:** Míshástacht leis an míchompord, rud a fhágann go mbeidh laghdú ar chuairteanna fillte / spéis níos lú i measc turasóirí i gcoitinne.

**Meanma foirne laghdaithe:** Míshástacht leis an míchompord, rud a fhágann go mbeidh neamhláithreacht agus ráta ard fágála foirne.

## Príomhbhearta Oiriúnaitheacha:

**Bearta Oiriúnaitheacha atá á n-úsáid faoi láthair:**

***Seasmhacht:***

- Lean comhairle in *Bí Réidh don Samhradh*
- Baineann Gníomh 5 sa *Phlean Náisiúnta um Chosc ar Ailse Chraicinn, 2023-2026* le spórt, caitheamh aimsire agus turasóireacht, agus áirítear ann:
    - Teachtaireachtaí atá bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn maidir le hailse chraicinn a chosc dóibh siúd a ghlacann páirt i spóirt, gníomhaíocht choirp nó gníomhaíochtaí fóillíochta faoin aer, lena n-áirítear turasóireacht, nó a bhíonn ag breathnú orthu
    - Oibriú le grúpaí atá freagrach as limistéir áineasa faoin aer a bhainistiú chun bealaí a shainaithint chun cosaint craicinn a uasmhéadú, lena n-áirítear struchtúir faoi scáth
    - Teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla chun deiseanna cosanta ar an ngrian a mhéadú i suíomhanna faoin aer

***Iontaofacht:***

- Saoráidí áineasa faoin aer amhail glasbhealaí agus conairí siúil agus boird phicnice agus limistéir bheárbaiciú rialaithe
- Stáisiúin athlíonta buidéal uisce ag nithe is díol spéise do chuairteoirí
- Forbairt ballaí glasa / díonta, páirceanna
- Saoráidí snámha feabhsaithe
- Seomraí bia faoin aer

*An leor na bearta oiriúnaitheacha atá ann faoi láthair?*

Is riosca atá ag teacht chun cinn é sin, agus dá bhrí sin, is beag oiriúnú spriocdhírithe atá déanta go dtí seo.

*Bearta Oiriúnaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann:*

**Infheistíocht agus atheagrú, tar éis measúnú riosca:** Suíocháin faoin aer agus dallóga / scáileáin / plandaí scáthaithe a shuiteáil. Seomraí a atheagrú chun solas díreach na gréine a sheachaint. Chun mí-oiriúnú a sheachaint, ní mór úsáid fuinnimh a mheas sula ndéantar aerchóiriú a shuiteáil, agus ní mór measúnú a dhéanamh go críochnúil ar roghanna chun an fuinneamh a sholáthar e.g. ó ghrianchumhacht áitiúil; is féidir le braiteoirí cliste úsáid fuinnimh a íoslaghdú freisin. Maidir le tógáil nua nó iarfheistithe, is féidir ballaí níos tibhe, ábhair thógála níos fuaire, agus treoshuíomh chun an t-ualach teasa a laghdú a mheas, mar aon le díonta in-aistarraingthe. Aeráil. Úsáid péinteanna frithchaiteacha.

**Oiliúint a chur** ar ghnólachtaí turasóireachta maidir le hoiriúnú don aeráid. Chun athléimneacht chóir a chinntiú, tá oiliúint agus aghaidh a thabhairt ar an gceist sin thar a bheith tábhachtach i gcás ina mbeidh aíonna leochaileacha ann, amhail aíonna scothaosta, leanaí óga agus mná torracha. D'fhéadfaí pleananna gníomhaíochta a chur chun feidhme chun aíonna nó cuairteoirí den sórt sin a chosaint i gcás tonn teasa, lena n-áirítear laghdú ar ghníomhaíocht choirp, méadú ar iontógáil leachtach, roghanna cothaithe cuí, rochtain ar limistéir fhionnuara faoi scáth agus seiceálacha rialta ar an bhfón. Ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar bhunriochtaí sláinte, lena n-áirítear riochtaí sláinte dofheicthe amhail galar cardashoithíoch, i measc na foirne.

**Úsáid níos mó a bhaint as ballaí glasa, páirceanna, conairí fásmhara** trí bhailte agus trí chathracha go háirithe, chun éifeacht teasoileáin uirbigh a laghdú.

**Prótacail sláinte agus sábháilteachta a bhunú** do bhaill foirne agus do chustaiméirí atá páirteach i bhfáilteachas agus i ngníomhaíochtaí turais in ardteochtaí.

**Gníomhaíochtaí turasóireachta a éagsúlú agus gníomhaíochtaí a sceidealú go cuí:** Chun a chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí nach bhfuil chomh dian nó atá faoi scáth ar fáil ag an gcuid is teo den lá; gníomhaíochtaí diana a reáchtáil ag amanna níos fuaire.

**Scaipeadh níos mó tairisceana turasóireachta:** Chun plódú a laghdú.

**Turasóireacht a atreorú chuig áiteanna níos fuaire den tír:** Réamh-mheastar go mbeidh ceantair shléibhe agus iarthuaisceart na hÉireann níos fuaire ná áiteanna eile in Éirinn.

**Bainistiú cuairteoirí, comharthaíocht:** Chun an baol a laghdú go gcuirfidh cuairteoirí iad féin i mbaol i ndobharlaigh chontúirteacha d'fhonn fuarú.

**Leas a bhaint as deontais Uasghrádaithe Fuinnimh Gnó de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann** chun costais a bhaineann le haon mhéadú ar úsáid fuinnimh a laghdú.

**Sábháilteacht faoin ngrian a chur chun cinn.**

## 3.5.7. Báisteach Mhéadaithe san Fhómhar, sa Gheimhreadh agus san Earrach

**7. Báisteach mhéadaithe a bhfuil damáiste d'fhoirgnimh stairiúla, láithreáin seandálaíochta agus cúrsaí gailf chomh maith le héileamh laghdaithe turasóirí mar thoradh uirthi**

### Leochaileacht:

***Íogaireacht:***

Measartha.

***Acmhainn oiriúnaitheach:***

Measartha: Is féidir le dea-bhainistíocht foirgneamh agus láithreán stairiúil an riosca sin a mhaolú. Tá sé níos dúshlánaí aghaidh a thabhairt ar an éileamh méadaitheach turasóirí ar ghníomhaíochtaí faoin aer nó ar champáil le linn drochaimsire, ach is féidir le gnólachtaí turasóireachta athdhíriú ar shéasúr níos tirime an tsamhraidh.

### Cúiseanna le Tionchar Aeráide agus Guais:

Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar bháisteach bhliantúil faoi lár an chéid (éiginnte) agus go dtiocfaidh méadú breise uirthi faoi dheireadh an chéid (ardmhuinín as méadú ón mbonnlíne go dtí deireadh an chéid) faoi BTI 4.5 nó BTI 8.5. Tá na méaduithe níos lú faoi BTI 4.5 ná faoi BTI 8.5. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht laethanta ina bhfuil báisteach níos

mó ná 20 mm agus níos mó ná 30 mm (báisteach fhoircneach). Réamh-mheastar go n-éireoidh stoirmeacha níos déine.

Maidir le tionchair ar oidhreacht thógtha agus seandálaíochta *(riosca cascáideach ó earnáil na hOidhreachta Tógtha agus Seandálaíochta)*, d'fhéadfaí an tionchar a mhaolú go pointe áirithe leis an laghdú réamh-mheasta ar bháisteach síobtha, rud a d'fhéadfadh an seans go dtiocfaidh uisce isteach i bhfoirgnimh a laghdú. D'fhéadfadh an méadú réamh-mheasta ar imghalú níos mó deiseanna a thabhairt d'fhoirgnimh triomú. Ina theannta sin, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú (éiginnte) ar líon iomlán na laethanta fliucha, agus d'fhéadfadh triomú a bheith ann idir laethanta fliucha arís dá bhrí sin. Ar an láimh eile, cuirfidh méadú ar aertheocht agus ar an imghalú, agus séasúr fáis níos faide, le fás fiailí agus algaí, rud a dhéanfaidh an fhadhb níos measa.

D'fhéadfadh dálaí athraitheacha – geimhrí níos fliche agus samhraí níos tirime ina dhiaidh sin – an baol damáiste struchtúrach d'fhoirgnimh agus do shéadchomharthaí a mhéadú.

Maidir le tionchair dhrochaimsire ar ghnéithe nochta de thrádáil a bhaineann le turasóireacht amhail páirceanna campála agus carbhánaíochta agus soláthraithe gníomhaíochta, d'fhéadfadh roinnt faoisimh a bheith mar thoradh ar an laghdú ar líon na laethanta fliucha, cé nach bhfuil aon tábhacht leis sin, b'fhéidir, i gcomparáid leis an méadú ar bháisteach an fhómhair, an gheimhridh agus an earraigh, rud a chruthóidh dearcadh ar dhálaí mar neamhfhabhrach i leith gníomhaíochtaí faoin aer. I gcás roinnt gníomhaíochtaí faoin aer, áit a bhfuil fadhb ag baint leis an meascán de bháisteach agus de ghaoth, d'fhéadfadh meánluasanna gaoithe ní b'ísle cuid de thionchar na báistí méadaithe a mhaolú. D'fhéadfadh béim ní ba mhó ar ghníomhaíochtaí faoin aer agus ar champáil i rith na míonna samhraidh a bheith mar thoradh ar shamhraí ní ba theo agus ní ba thirime, mar aon le fómhair, geimhreadh agus earrach ní ba fhliche.

### Tionchair:

***Foirgnimh stairiúla:***

- Damáiste do thaobh istigh foirgneamh stairiúil
- Fás algach mítharraingteach
- Damáiste struchtúir
- Meath ar bhaill foirgnimh, rud a mhéadaíonn a leochaileacht i leith adhaimsire

***Láithreáin seandálaíochta:***

- Damáiste struchtúir
- Meath ar chuma e.g. snoiteáin
- Creimeadh séadchomharthaí

***Campáil agus carbhánaíocht, gníomhaíochtaí faoin aer agus turais:***

- Spéis laghdaithe ó thurasóirí san idirshéasúr

***Fáilteachas agus miondíol:***

- Laghdú ar líon na ndaoine, agus turasóirí gan cuairt a thabhairt nó iad féin a theorannú do réimse teoranta gníomhaíochtaí faoi dhíon

***Clubanna gailf:***

- Dromchlaí níos boige, dúntaí glasa, dálaí lábacha, dálaí níos measa san earrach, tuilleadh galair móna, agus moill ar phlásóga a bhainfidh dálaí an tsamhraidh amach; níos mó laethanta neamhimeartha

***Gairdíní agus páirceanna do chuairteoirí:***

- Leathbhá, damáiste do fhréamhacha plandaí

### Iarmhairt Earnála:

**Costais mhéadaithe:** Le haghaidh cothabhála, faireacháin agus deisiúchán.

**Damáiste do chlú:** Míshástacht i leith eispéireas cuairteora, rud a fhágann go mbeidh laghdú tagtha ar chuairteanna fillte agus ar fhógraíocht ó bhéal go béal.

**Costais mhéadaithe fuinnimh:** Maidir le rialú taise taobh istigh d'fhoirgnimh stairiúla – méadaítear astaíochtaí GCT freisin.

**Dúntaí:** Le haghaidh cothabhála agus deisiúchán, nó mar gheall ar éileamh laghdaithe ó thurasóirí.

**Séasúracht mhéadaithe:** Le haghaidh gníomhaíochtaí faoin aer, turais, campáil agus carbhánaíocht, fáilteachas lasmuigh de na príomhnithe is díol spéise faoi dhíon.

### Príomhbhearta Oiriúnaitheacha:

**Bearta Oiriúnaitheacha atá á n-úsáid faoi láthair:**

***Iontaofacht:***

- Turasóireacht atá neamhspleách ar an aimsir a chur chun cinn e.g. 'An Geimhreadh i mBaile Átha Cliath'
- Roghanna eile a thairiscint do thurasóireacht atá ag brath ar an aimsir[31]
- Measúnú ar thionchar aeráide atá ag tionscadail a chur san áireamh in iarratais ar dheontais e.g. deontais chaomhantais de chuid na Comhairle Oidhreachta / RTRÁO

***Seasmhacht:***

- Úsáid a bhaint as na *Treoirlínte um Oidhreacht agus Oiriúnú Aeráide le haghaidh Údaráis Áitiúla*

*An leor na bearta oiriúnaitheacha atá ann faoi láthair?*

Níl sé soiléir cé chomh fairsing agus atá na bearta oiriúnaithe i bhfeidhm. Ós rud é nach bhfuiltear ag súil le hiarmhairtí suntasacha go dtí deireadh an chéid faoi BTI 4.5, tá am ann an riosca sin a imscrúdú tuilleadh sula ndéantar cinneadh ar chúrsa gníomhaíochta. Ba cheart anailís a dhéanamh ar líon na gcuairteoirí agus ar líon na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí i gcomhar le taifid mheitéareolaíochta chun méid an chaidrimh idir an aimsir agus gníomhaíochtaí turasóireachta a dhéanamh amach.

*Bearta Oiriúnaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann:*

**Clár rialta cigireachta, cothabhála agus caomhnaithe:** ar fhoirgnimh agus ar láithreáin stairiúla.

**Measúnú riosca feabhsaithe ar an aeráid d'oidhreacht thógtha.**

**Níos mó úsáide a bhaint as cosaint in situ amhail foscadáin agus rialú uisce na hithreach** chun séadchomharthaí agus gnéithe seandálaíochta a chaomhnú: Foscadáin le haghaidh cosaint ar an ngrian / ar bháisteach.

**Cur chun cinn gníomhaíochtaí cuí le haghaidh laethanta báistí a mhéadú:** e.g. sraitheanna gníomhaíochtaí ar leith le haghaidh laethanta grianmhara agus laethanta báistí.

**Bealaí uile-aimsire a fhorbairt:** siúlbhealaí clúdaithe a ligeann do thurasóirí siúl timpeall cinn scríbe agus teacht ar nithe is díol spéise agus ar sholáthraithe fáilteachais gan éirí fliuch.

**Feasacht mhéadaithe:** Oiliúint a chur ar ghnólachtaí turasóireachta maidir le hoiriúnú don aeráid.

31 e.g. cuireann an t-ionad léirmhínithe mórtíre le haghaidh Sceilg Mhichíl sa Chaladh deiseanna ar fáil chun an Sceilg a fheiceáil nuair nach féidir teacht i dtír de bharr na haimsire

## 3.5.8. Stoirmeacha

**8. Cur isteach leanúnach ar oibríochtaí taistil agus turasóireachta de bharr stoirmeacha, agus déine mhéadaithe na stoirmeacha is cúis le damáiste do chinn scríbe turasóireachta agus d'áiteanna tarraingthe do chuairteoirí**

### Leochaileacht:

***Íogaireacht:***

Cuireann sléibhte agus cnoic, atá suite in aice leis na cóstaí den chuid is mó, foscadh ar fáil níos faide isteach ó ghaotha láidre. Cosnaíonn cnoic agus sléibhte in aice leis an gcósta theas lár na tíre ó ghálaí ó dheas. Faoi láthair, ar an meán, cláraítear níos mó ná 50 lá ina bhfuil gálaí in aghaidh na bliana in áiteanna cósta thuaidh amhail Cionn Mhálanna, ach cláraítear níos lú ná 2 lá ina bhfuil gálaí gach bliain in áiteanna intíre amhail Ceatharlach. Mar sin, is gnách nach mbíonn cinn scríbe intíre chomh neamhchosanta ar thionchair dhíreacha amhail damáiste nó an gá atá le dúnadh ar mhaithe le sábháilteacht cuairteoirí. Braitheann sé sin freisin, áfach, ar na mionsonraí a bhaineann le nochtadh láithreáin agus guaiseacha ag láithreáin áirithe. Mar shampla, bíonn Páirc Naomh Éanna, Ráth Fearnáin, gar do Shléibhte Bhaile Átha Cliath, dúnta níos minice (le rabhaidh níos ísle) ná Garraithe Náisiúnta na Lus, Glas Naíon, atá i mBaile Átha Cliath freisin. Mar sin féin, is féidir tionchar atá ag cur isteach ar thaisteal *(riosca cascáideach ón earnáil Bonneagair Iompair)* in áiteanna eile in Éirinn nó thar lear dul i bhfeidhm ar gach láthair.

Measartha: Ní bhíonn ach tionchar sealadach i roinnt de na tionchair stoirmeacha, agus tá íogaireacht maidir leo sin íseal. Tá íogaireacht i bhfad níos mó, áfach, maidir le damáiste do bhonneagar agus do shaoráidí.

***Acmhainn oiriúnaitheach:***

Measartha. Tá dúshlán ag baint le hathléimneacht ceann scríbe iomlána a mhéadú, ach is féidir le Pleananna Údaráis áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide cabhrú le dul i ngleic leis an dúshlán sin. Tá go leor gnólachtaí turasóireachta oiriúnaithe go maith cheana féin don ghuais a bhíonn ann go rialta in Éirinn.

### Cúiseanna le Tionchar Aeráide agus Guais:

Léirítear i réamh-mheastacháin aeráide laghdú ar luasanna gaoithe sa samhradh agus méaduithe sa gheimhreadh. Tá tábhacht ag baint le damáiste de bharr stoirmeacha aon uair a tharlaíonn sé, toisc go bhfuil deisiúcháin damáiste costasach. Is de chineál sealadach iad tionchair eile stoirmeacha, agus tugann na réamh-mheastacháin sin le fios go mbeidh níos lú fadhbanna leo sa samhradh, ach níos mó fadhbanna sa gheimhreadh. Réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar thonnairdí suntasacha timpeall na hÉireann, agus réamh-mheastar na laghduithe is mó sa samhradh agus sa gheimhreadh, agus tá méid na laghduithe sin níos airde le haghaidh cásanna astaíochtaí níos airde. D'fhéadfadh sé rioscaí do ghníomhaíochtaí turasóireachta mara a laghdú.

Léirítear i réamh-mheastacháin laghdú ar líon na stoirmeacha nach bhfuil chomh dian in Éirinn agus méadú ar líon na stoirmeacha níos déine (teagmhais neamhchoitianta faoi láthair). Is dócha go ndéanfaidh na stoirmeacha níos déine sin níos mó damáiste. Mar sin féin, d'fhéadfadh laghdú ar mhinicíocht stoirmeacha an mhinicíocht lenar gá do láithreáin dúnadh a laghdú, agus a mhinice a chuirtear gníomhaíochtaí ar ceal chun sábháilteacht cuairteoirí a chinntiú.

### Tionchair:

***Cinn Scríbe:***

- Damáiste do bhonneagar agus do chuma ceann scríbe
- Damáiste do shócmhainní áineasa
- Sábháilteacht turasóirí atá i mbaol, go háirithe i gcinn scríbe cósta nó i bhforaoisí nó i bpáirceanna foraoise *(riosca cascáideach ó earnáil na Sláinte)*

- Custam laghdaithe i bhfáilteachas agus i miondíol, go háirithe i gceantair chósta
- An gá le conairí siúil agus rothaíochta nochta agus rochtain ar láithreacha nochta a dhúnadh
- Damáiste d'fhoraoisí agus do pháirceanna foraoise *(riosca cascáideach ó earnáil na Foraoiseachta)*
- Rochtain laghdaithe mar gheall ar chur isteach ar oibríochtaí agus ar shaoráidí calafoirt *(riosca cascáideach ón earnáil Bonneagair Iompair)*
- Rochtain laghdaithe de bharr cur isteach ar eitiltí, loingseoireacht agus gréasáin bóithre agus iarnróid *(riosca cascáideach ó earnáil an Bhonneagair Iompair)*
- Gearrthacha cumhachta *(riosca cascáideach ó earnáil na Líonraí Leictreacha & Gáis)*

***Áiteanna a mbíonn an-tóir ag cuairteoirí orthu:***

- Dúntaí chun sábháilteacht cuairteoirí agus foirne a chinntiú
- Damáiste do chrainn, rud a fhágann go gcailltear iad uaireanta, nó lena n-éilítear dúnadh breise ar mhaithe le sábháilteacht cuairteoirí[32].
- Damáiste struchtúrach agus meath ar struchtúir agus láithreáin thógtha agus seandálaíochta *(riosca cascáideach ó earnáil na hOidhreachta Tógtha & Seandálaíochta)*
- Riosca do shlabhra an tsoláthair nuair nach féidir seachadadh de bharr stoirmeacha nó damáiste stoirme do bhealaí iompair *(riosca cascáideach ón earnáil Bonneagair Iompair)*
- Deacracht maidir le rochtain a fháil ar láithreán le haghaidh cothabhála e.g. Sceilg Mhichíl
- Séasúr giorraithe de bharr stoirmeacha i mí Mheán Fómhair e.g. Sceilg Mhichíl
- Costais mhéadaithe chothabhála agus chaomhnaithe

***Cóiríocht:***

- Cealuithe de bharr deacrachtaí taistil, mar gheall ar eitiltí agus seoltaí a cuireadh ar ceal agus cur isteach ar ghréasáin bóithre agus iarnróid *(riosca cascáideach ó earnáil an Bhonneagair Iompair)*
- Riosca do shlabhra an tsoláthair nuair nach féidir seachadadh de bharr stoirmeacha nó damáiste stoirme do bhealaí iompair *(riosca cascáideach ón earnáil Bonneagair Iompair)*

***Fáilteachas***

- Cur isteach ar thrádáil mar gheall ar chaillteanas leictreachais agus bac ar bhóithre rochtana *(riosca cascáideach ó na hearnálacha Líonraí Leictreacha & Gáis agus Bonneagair Iompair)*

***Soláthraithe gníomhaíochtaí agus treoraithe turais:***

- An gá le gníomhaíochtaí/turais a chur ar ceal chun sábháilteacht na gcuairteoirí a chinntiú – go háirithe gníomhaíochtaí farraige agus cósta
- Deacracht maidir le hárachas a fháil le haghaidh feithiclí chun oibriú le linn stoirmeacha

***Páirceanna Náisiúnta:***

- Athruithe struchtúracha ar fhásra agus ar ghnáthóga fiadhúlra *(riosca cascáideach ó earnáil na Bithéagsúlachta)*

***Tránna agus imeallbhord:***

- Is féidir le stoirmeacha creimeadh agus díláithriú dríodair a luathú– féach Tionchar Tosaíochta Uimh. 2

***Féilte & imeachtaí:***

- Damáiste struchtúrach do staideanna

32 e.g. Mar thoradh ar Stoirm Darragh i mí na Nollag 2024, cailleadh breis agus 120 crann agus dúnadh Garraithe Náisiúnta na Lus, Cill Mochura agus Gairdíní Mount Usher go sealadach i gCo. Chill Mhantáin.

## Iarmhairt Earnála:

**Meath ar cháilíocht na gceann scríbe:** Damáiste bonneagair agus aeistéitiúil as a dtagann laghdú ar an éileamh ó thurasóirí, rud a chuireann in aghaidh infheistíochta ón earnáil phríobháideach.

**Costais mhéadaithe:** Chun bonneagar agus saoráidí a dheisiú, agus chun iad a chothabháil agus faireachán a dhéanamh orthu.

**Ualach riaracháin méadaithe** a bhaineann le turasóirí a chur ar an eolas faoi rioscaí, deisiúcháin a eagrú, áirithintí aíonna a athdhéanamh etc.

**Ioncam laghdaithe:** Caillteanas ioncaim mar gheall ar chealuithe áirithintí agus laghdú ar an éileamh ó thurasóirí nó de bharr an tséasúir ghiorraithe. Caillteanas stoic.

**Damáiste do chlú:** Míshástacht i leith eispéireas cuairteora, rud a fhágann go mbeidh laghdú tagtha ar chuairteanna fillte agus ar fhógraíocht ó bhéal go béal.

**Dúntaí:** Nithe is díol spéise do chuairteoirí, cuideachtaí turais etc. a dhúnadh go sealadach, ach d'fhéadfadh roinnt soláthraithe gníomhaíochta agus cuideachtaí turais tarraingt siar ón margadh go buan de bharr cur isteach leordhóthanach.

**Sláinte phoiblí:** Riosca do shábháilteacht turasóirí a ghlacann páirt i siúlóidí cósta nó i snámh san fharraige agus i ngníomhaíochtaí uiscebhunaithe eile; riosca díobhála do thurasóirí ó smionagar stoirme nó ó fhoirgnimh agus crainn dhídhaingnithe, go háirithe i gceantair uirbeacha nó foraoisithe. D'fhéadfadh cuairteoirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bheith ní ba leochailí.

**Acmhainneacht laghdaithe chun séasúr na turasóireachta a shíneadh:** D'fhéadfadh méadú ar luasanna gaoithe sa gheimhreadh na deiseanna chun an séasúr turasóireachta a shíneadh a theorannú, go háirithe i gcinn scríbe cósta agus iontu siúd atá nochta. D'fhéadfadh spóirt uisce mhara agus turais bháid a bheith teoranta don samhradh. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar an gcumas chun coinníollacha oibre san earnáil a fheabhsú trí shéasúir fostaíochta ní b'fhaide a thairiscint. D'fhéadfadh stoirmeacha lasmuigh d'Éirinn tionchar a imirt ar rochtain ar Éirinn[33].

**Acmhainneacht éagsúlaithe laghdaithe:** D'fhéadfadh sé go mbeadh srian ar chumas gníomhaíochtaí turasóireachta amuigh faoin aer a fhorbairt de bharr na féidearthachta go mbeadh na gníomhaíochtaí sin dodhéanta go minic, go háirithe sa gheimhreadh. D'fhéadfadh sé sin, dá réir sin, srian a chur ar an gcumas chun cabhrú le pobail a bhfuil dúshlán acu ó thaobh an gheilleagair de ioncam turasóireachta a fháil trí éagsúlú a dhéanamh ar an tairiscint turasóireachta.

**Astaíochtaí GCT méadaithe ó eitiltí:** Ós rud é gur féidir achar breise a eitilt chun stoirm mhór a sheachaint, cuireann sé sin leis na hastaíochtaí gás GCT ón eitilt.

## Príomhbhearta Oiriúnaitheacha:

### Bearta Oiriúnaitheacha atá á n-úsáid faoi láthair:

***Seasmhacht:***

- Sna Pleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide tugtar aghaidh ar rioscaí aeráide ar fud an chontae ar fad
- Solúbthacht
- Faireachán ar réamhaisnéisí Met Éireann
- Táthar ag súil go dtabharfaidh beartas athbhreithnithe na gCalafort Náisiúnta tús áite do bhearta chun athléimneacht Chalafoirt na hÉireann i leith na haeráide a neartú
- Measúnú ar thionchar aeráide atá ag tionscadail a chur san áireamh in iarratais ar dheontais e.g. deontais chaomhantais de chuid na Comhairle Oidhreachta / RTRÁO

33 e.g. chuir dúnadh chalafort Holyhead sa Bhreatain Bheag i ndiaidh Stoirm Darragh isteach ar thaisteal go hÉirinn i mí na Nollag 2024

***Téarnamh & freagairt:***

- Roghanna maithe cumarsáide idir an lóistín agus aíonna e.g. trí suíomhanna gréasáin áirithinte, rud a ligeann d'aíonna an lóistín a chur ar an eolas faoi theacht moillithe nó faoi thaisteal curtha ar ceal
- Foláirimh ón nGarda Cósta
- Cuimsítear le *Bí Réidh don Samhradh* treoir maidir le sábháilteacht uisce agus gníomhaíochtaí uiscebhunaithe
- I leabhráin treoirlínte de chuid an Ghrúpa Oibre um Shábháilteacht Ar Muir *Sábháilteacht ar an Uisce* cuirtear comhairle ar fáil maidir le luasanna láidre gaoithe
- Dúntaí sealadacha na n-áiteanna a mbíonn an-tóir ag cuairteoirí orthu agus na gconairí siúil chun sábháilteacht a chinntiú
- Árachas taistil do thurasóirí

*An leor na bearta oiriúnaitheacha atá ann faoi láthair?*

I bhfianaise an laghdaithe a bhfuiltear ag súil leis ar mhinicíocht stoirmeacha nach bhfuil chomh dian, ach a bhfuiltear ag súil leis go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht stoirmeacha níos déine, ba cheart d'iarrachtaí oiriúnaithe díriú ar dhearadh agus ar phleanáil chun damáiste don turasóireacht a íoslaghdú nuair a tharlaíonn na stoirmeacha diana. I gcás ina bhfuil riosca tuilte ann freisin, ba cheart cothú athléimneachta i leith stoirmeacha a mheas in éineacht le cothú athléimneachta i leith tuilte (Tionchar Tosaíochta Uimh. 1). I gcásanna áirithe, is é an tionchar is mó a bheidh ag stoirmeacha ná cur go mór le creimeadh, agus ba cheart riosca stoirme a mheas sa chomhthéacs sin (Tionchar Tosaíochta Uimh. 2). I gcás ina mbíonn báisteach fhoircneach mar thoradh ar stoirmeacha, ba cheart na rioscaí a bhaineann leis an ngaoth mhór a mheas i gcomhar le tionchar na báistí foircní (Tionchar Tosaíochta Uimh. 5).

B'fhéidir go mbeadh gá le measúnuithe riosca sonracha ar stoirmeacha a dhéanamh i gcás roinnt nithe is díol spéise amhail foraoisí ina bhfuil conairí siúil agus rothaíochta, crannlanna, páirceanna foraoise, agus nithe is díol spéise ar an gcósta chun sábháilteacht na gcuairteoirí agus athléimneacht an ní is díol spéise a chinntiú. Ós rud é nach dúshlán nua iad na stoirmeacha do nithe is díol spéise dá leithéid, d'fhéadfadh gur leor bearta oiriúnaitheacha atá i bhfeidhm cheana féin sna cúig bliana amach romhainn, ach ní mór iad a choinneáil i bhfeidhm.

*Bearta Oiriúnaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann:*

**Measúnuithe riosca feabhsaithe:** Measúnuithe riosca ar an aeráid ag gnólachtaí turasóireachta agus le haghaidh cinn scríbe ar fad. Oiliúint a chur ar ghnólachtaí turasóireachta maidir le hoiriúnú don aeráid.

**Faireachán agus samhaltú feabhsaithe:** Faireachán ar bhonneagar chun comharthaí luatha leochaileachta a bhrath le linn stoirme; samhaltú tionchair fórsaí gála éagsúla ar chineálacha éagsúla bonneagair agus gníomhaíochtaí.

**Rochtain fheabhsaithe ar chórais rabhaidh do thurasóirí:** Ní dócha go mbeidh rochtain ag turasóirí ar na foinsí céanna faisnéise agus atá ag an daonra cónaitheach. D'fhéadfaí rabhaidh ó fhoinsí éagsúla e.g. an Garda Cósta agus Met Éireann a chomhtháthú in aip thurasóireachta nó in aipeanna cinn scríbe.

**Faisnéis fheabhsaithe maidir le dúntaí:** Suíomhanna gréasáin a nuashonraítear go tapa, nó an fhaisnéis go léir in aon phointe amháin e.g. in aip cinn scríbe.

**Gineadóir cumhachta cúltaca** le haghaidh an cháis ina ngearrtar an soláthar príomhlíonra.

**Crannliacht:** Lena n-áirítear crannliacht neamhionrach chun cabhrú leis na crainn a bheith níos frithsheasmhaí in aghaidh na gaoithe.

**Cúrsaí taistil stoirme** e.g. do thurais bháid.

**Socruithe iompair malartacha** e.g. bus tointeála chun aíonna a bhailiú mura bhfuil an t-iompar poiblí áitiúil ag rith.

## 3.5.9. Fuacht Foircneach

**9. Fuacht foircneach is cúis le hoighear nó sneachta, rud a fhágann go ndúntar áiteanna a mbíonn an-tóir orthu agus go gcuirtear eitiltí agus báid farantóireachta ar ceal, agus a chuireann isteach ar thaisteal ar na bóithre agus ar an iarnród.**

### Leochaileacht:

***Íogaireacht:***

**Íseal:** Tá cur isteach sealadach agus neamhchoitianta mar gheall ar an nguais sin.

***Acmhainn oiriúnaitheach:***

**Ard.** Tá go leor gnólachtaí turasóireachta in áiteanna níos nochta ar nós sléibhte oiriúnaithe go maith don ghuais sin cheana féin. Ba cheart do gach gnólacht cur isteach agus dúntaí sealadach a chur san áireamh mar gheall ar raon leathan cúinsí ina bpleanáil ghnó.

### Cúiseanna le Tionchar Aeráide agus Guais:

Meastar go laghdóidh laethanta bliantúla seaca agus oighir faoi lár an chéid, agus go laghdóidh siad tuilleadh faoi dheireadh an chéid faoi BTI 4.5 nó BTI 8.5 (cinnte) – dá bhrí sin, is féidir a bheith ag súil go laghdóidh minicíocht na ndálaí oighreata. Réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú níos mó ná 50% ar thitim sneachta bhliantúil faoi BTI 4.5, agus laghdú níos mó ná 60% faoi BTI 8.5 faoi 2041-2060.

Is annamh a bhíonn líon na laethanta oighir in aghaidh na bliana cheana féin (0.37 lá in aghaidh na bliana sna blianta bonnlíne 1976-2005 nó ceann amháin gach dhá bhliain nó trí bliana). Ní thitfidh sé sin ach go dtí 0.12 lá sa bhliain (lá amháin gach naoi go 10 mbliana) faoi lár an chéid faoi BTI 4.5. Faoi dheireadh an chéid faoi BTI 8.5, d’fhéadfadh laethanta oighir a bheith chomh hannamh le lá amháin gach 100 bliain.

Tá laethanta seaca i bhfad níos minice ná laethanta oighir in Éirinn faoi láthair: 41 lá sa bhliain ar an meán ar fud na tíre (bonnlíne). Tá an mhinicíocht i bhfad níos airde i roinnt ceantar amhail sléibhte Chill Mhantáin. Réamh-mheastar go dtitfidh minicíocht na laethanta seaca go 24 lá ar an meán ar fud na tíre faoi lár an chéid faoi BTI 4.5 agus go dtitfidh sí níos mó faoi dheireadh an chéid.

### Tionchair:

***Áiteanna a mbíonn an-tóir ag cuairteoirí orthu:***

- Dúntaí chun sábháilteacht cuairteoirí agus foirne a chinntiú
- Ceanglas imeachtaí faoin aer a chur ar ceal ag nithe is díol spéise, ar nós mhargaí na Nollag
- Damáiste do chrainn, rud a fhágann go gcailltear iad uaireanta, nó lena n-éilítear dúnadh breise ar mhaithe le sábháilteacht cuairteoirí
- Damáiste struchtúrach don oidhreacht thógtha *(riosca cascáideach ó earnáil na hOidhreachta Tógtha & Seandálaíochta)*
- Riosca do shlabhra an tsoláthair nuair nach féidir seachadadh de bharr sneachta nó oighir *(riosca cascáideach ón earnáil Bonneagair Iompair)*

***Cóiríocht:***

- Cealuithe de bharr deacrachtaí taistil, mar gheall ar eitiltí agus seoltaí a cuireadh ar ceal agus cur isteach ar ghréasáin bóithre agus iarnróid *(riosca cascáideach ó earnáil an Bhonneagair Iompair)*
- Riosca do shlabhra an tsoláthair nuair nach féidir seachadadh de bharr sneachta nó oighir *(riosca cascáideach ón earnáil Bonneagair Iompair)*

***Cinn Scríbe:***

- Sábháilteacht turasóirí curtha i mbaol *(riosca cascáideach ó earnáil na Sláinte)*
- Custam laghdaithe i bhfáilteachas agus i miondíol
- An gá le conairí siúil agus rothaíochta a d'fhéadfadh a bheith contúirteach agus rochtain ar láithreacha oighreata a dhúnadh
- Dúnadh áiseanna áitiúla a d'fhéadfadh turasóirí a úsáid, e.g. ionaid fóillíochta, linnte snámha
- Rochtain laghdaithe de bharr cur isteach ar eitiltí, loingseoireacht agus gréasáin bóithre agus iarnróid *(riosca cascáideach ó earnáil an Bhonneagair Iompair)*

***Bádóireacht:***

- Bá bád mura ndéantar iad a ullmhú i gceart don gheimhreadh

## Iarmhairt Earnála:

**Ioncam laghdaithe:** Caillteanas ioncaim mar gheall ar chealuithe áirithintí agus ar laghdú ar éileamh ó thurasóirí.

**Sláinte phoiblí:** Riosca do shábháilteacht turasóirí ó thitim ar chosáin agus bóithre oighreata, ó thimpistí tiomána agus ó chrainn ag titim agus ábhair eile atá lagaithe ag sneachta trom. Ceann de na rioscaí a bhaineann le laghdú ar mhinicíocht laethanta seaca agus oighir ná réchúis mhéadaithe le linn an fhuachta mhóir, rud a d'fhágfadh go mbeadh seans ní ba mhó ann go dtarlódh timpistí.

**Costais mhéadaithe fuinnimh:** Le linn tréimhsí fuara, méadaíonn costais fuinnimh do ghnólachtaí a bhaineann le turasóireacht. Mar sin féin, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú 15% ar an meán ar laethanta céime téimh ar fud na tíre faoi lár an chéid faoi BTI 4.5, rud a fhágann go bhfuiltear ag súil le laghdú foriomlán ar chostais fuinnimh le haghaidh téimh.

**Rochtain laghdaithe:** Is féidir le sneachta agus oighear a bheith ina ndúshlán ar leith do chuairteoirí a bhfuil imní orthu faoi shoghluaisteacht.

## Príomhbhearta Oiriúnaitheacha:

**Bearta Oiriúnaitheacha atá á n-úsáid faoi láthair:**

***Seasmhacht:***

- Is féidir le nithe is díol spéise do chuairteoirí foláirimh aimsire Met Éireann a leanúint chun cinntí luatha a dhéanamh maidir leis an am ceart le dúnadh
- Tugann an feachtas *Bí Réidh don Gheimhreadh* comhairle do ghnólachtaí maidir le hullmhú do dhálaí an gheimhridh
- Freagairtí oibríochtúla chun tionchar teagmhas aimsire ar an ngréasán bóithre a theorannú, tar éis tairseacha geimhridh a shárú
- Comhairle ó Chumann Uiscebhealaí Intíre na hÉireann maidir le báid a sheiceáil agus a ullmhú do dhálaí an gheimhridh
- Measúnú ar thionchar aeráide atá ag tionscadail a chur san áireamh in iarratais ar dheontais e.g. deontais chaomhantais de chuid na Comhairle Oidhreachta / RTRÁO

***Téarnamh & freagairt:***

- Dúntaí sealadacha na n-áiteanna a mbíonn an-tóir ag cuairteoirí orthu agus na gconairí siúil chun sábháilteacht a chinntiú
- Solúbthacht maidir le teacht moillithe chuig lóistín, imeachtaí a athsceidealú

*An leor na bearta oiriúnaitheacha atá ann faoi láthair?*

Is leor: Tá sneachta, oighear, agus ceo oighreata a bhíonn dian go leor chun cur isteach sách annamh, i gcomparáid le guaiseacha eile amhail stoirmeacha agus tuilte.

*Bearta Oiriúnaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann:*

**Measúnuithe riosca feabhsaithe:** Measúnuithe riosca ar an aeráid ag gnólachtaí turasóireachta agus le haghaidh cinn scríbe ar fad.

**Éagsúlú:** Is féidir le cinn scríbe a bheith an-tarraingteach ar laethanta sneachta. D'fhéadfaí siúlóidí sábháilte trí cheantair tharraingteacha a chur chun cinn do chuairteoirí.

**Inrochtaineacht a fheabhsú:** A chinntiú, mar shampla, go nglantar sneachta agus oighear de chosáin agus de rampaí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí.

## 3.5.10. Téamh Aigéin

**10. Téamh agus aigéadú na n-aigéan is cúis le hathruithe ar chomhdhéanamh na speiceas muirí, rud a imríonn tionchar ar shnámh farraige agus ar an turasóireacht dúlra mhuirí**

**Leochaileacht:**

***Íogaireacht:***

**Íseal:** Is dócha nach mbeidh srianta snámha ach sealadach, agus bíonn smugairle róin agus blás algach logánta, mar sin is féidir le turasóirí tránna eile a roghnú le snámh iontu.

***Acmhainn oiriúnaitheach:***

Measartha. Ós rud é go bhfuil an turasóireacht dúlra fós á forbairt in Éirinn, is féidir fós béim a chur ar an dúlra athléimneach, agus is féidir an bhéim a athdhíriú ar speicis agus ar ghnáthóga éagsúla de réir a chéile, gan mórán deacrachta.

**Cúiseanna le Tionchar Aeráide agus Guais:**

Tá Teocht Dhromchla na Farraige in uiscí na hÉireann anois 0.4°C níos airde ná mar a bhí sí idir 1960-1990, agus meastar go leanfaidh na farraigí timpeall na hÉireann de théamh.

Is toradh é aigéadú na haigéin ar cheimic aigéin atá ag athrú mar fhreagairt ar thiúchaintí dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$) atmaisféaraí atá ag méadú. Tá uiscí dromchla amach ón gcósta in Éirinn níos aigéadaí anois, agus tá laghdú foriomlán 0.02 aonad ar pH in aghaidh na ndeich mbliana. Tá laghdú ar pH soiléir freisin in uiscí níos doimhne (1,500 – 2,000 m). Leanfaidh ráta athraithe gan fasach ar mheán-pH dhromchla an aigéin ar aghaidh, rud a d'fhéadfadh aigéadacht a dhúbailt faoi 2100 faoi BTI 8.5. D'fhéadfadh titim thubaisteach éiceachórais a bheith mar thoradh ar aigéadú agus téamh aigéin. Beidh athruithe ar shalandacht éagsúil de réir réigiúin.

### Tionchair:

***Tránna:***

- Riosca méadaithe ó smugairlí róin díobhálacha *(riosca cascáideach ó earnáil na Sláinte)*

***Soláthraithe gníomhaíochta:***

- Deis laghdaithe maidir le turais bháid do thurasóirí ar spéis leo éiceolaíocht chósta, lena n-áirítear daonraí éin mara *(riosca cascáideach ó earnáil na Bithéagsúlachta)*

***Slatiascaireacht:***

- Líon laghdaithe na n-iasc muirí atá flúirseach faoi láthair *(riosca cascáideach ó earnáil na Bithéagsúlachta)*
- Líon laghdaithe na mbradán Atlantach ag filleadh ón bhfarraige, rud a imríonn tionchar ar shlatiascaireacht fionnuisce

***Cinn Scríbe:***

- Laghdú ar tharraingteacht nádúrtha ceann scríbe mar gheall ar ghnáthóga athraithe, athruithe ar bhithéagsúlacht *(riosca cascáideach ó earnáil na Bithéagsúlachta)*
- Laghdú ar tharraingteacht ceann scríbe cósta do thurasóirí ar spéis leo faire ar éin nó a bhfuil éin mhara ina gcuid thábhachtach de tharraingteacht an chinn scríbe dóibh *(riosca cascáideach ó earnáil na Bithéagsúlachta)*

### Iarmhairt Earnála:

**Sláinte phoiblí:** Riosca do shláinte an duine (breoiteacht) ó bhlás algach agus ó phataiginí in uiscí snámha mara. Beidh daoine a bhfuil bunriochtaí sláinte orthu níos leochailí i leith breoiteacht den sórt sin.

**Ioncam laghdaithe:** Go díreach do threoraithe turais agus do sholáthraithe gníomhaíochta éiceathurasóireachta, agus b'fhéidir go hindíreach, e.g., le haghaidh fáilteachais, miondíola nó cóiríochta i gcinn scríbe a bhí tarraingteach roimhe seo ó thaobh turasóireacht mhuirí agus snámh farraige agus slatiascaireachta.

**Damáiste do chlú:** Míshástacht i leith eispéireas cuairteora, rud a fhágann go mbeidh laghdú tagtha ar chuairteanna fillte agus ar fhógraíocht ó bhéal go béal.

**Dúntaí:** e.g. i gcuideachtaí éiceathurais.

### Príomhbhearta Oiriúnaitheacha:

**Bearta Oiriúnaitheacha atá á n-úsáid faoi láthair:**

***Seasmhacht:***

- Faireachán a dhéanamh ar athruithe i ndaonraí éan mara[34]

***Téarnamh & freagairt:***

- Bain úsáid as an eolas faoi smugairlí róin ar www.beaches.ie ar shuíomh gréasáin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

*An leor na bearta oiriúnaitheacha atá ann faoi láthair?*

Is leor faoi láthair.

34 e.g. ag Aillte an Mhothair

*Bearta Oiriúnaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann:*

**Bainistíocht fheabhsaithe chun truailliú a laghdú:** Mar fhreagairt ar eotrófú in éineacht le comhtharlú an athraithe aeráide, tá méadú tagtha ar bhlás algach díobhálach ó 1980 i leith i limistéir chósta san Eoraip agus ar fud an domhain (GEC 2024, PIRAA 2022). Má laghdaítear truailliú ag an bhfoinse is féidir an riosca a bhaineann le séasúir fáis níos teo d'algaí a laghdú.

**Brúnna talún ar éisc imirceacha a laghdú:** cur i gcoinne thionchar na n-athruithe ar an éiceachóras muirí as a dtagann laghdú ar líon na mbradán Atlantach leochaileach a fhilleann ón bhfarraige.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

WE'RE TAKING CLIMATE ACTION